# Ár ngealltanais a chomhlíonadh

Tuarascáil Bhliantúil 2023



an post

# Clár an Ábhair


Buaicphointí 2023 2

2023 sracfhéachaint ar ár ngnó 4

## Athbhreithniú Gnó

Ráiteas an Chathaoirligh 6

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh 8

Athbhreithniú ar Chúrsaí Airgeadais 12

Athbhreithniú an Phríomhoifigeach Daoine 16

Athbhreithniú ar Phost & ar Bheartáin 20

Athbhreithniú ar Chúrsaí Miondíola 24

Príomhtháscairí Feidhmíochta 28

Tuarascáil ar Riosca 29

Achoimre ar inbhuanaitheacht 34

## Rialachas

An Bord Stiúrthóirí 38

Bord Bainistíochta 42

Tuarascáil ar Rialachas Corparáideach 43

Tuarascáil na Stiúrthóirí 50

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí 52

## Ráitis Airgeadais

Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí An Post 54

Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim 56

Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach Eile 57

Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais 58

Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas 59

Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid 60

Ráiteas na Cuideachta ar Staid an Airgeadais 61

Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas 62

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 63

## Eolas eile

Staitisticí Airgeadais agus Oibriúcháin (nach bhfuil clúdaithe ag an Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách) 111

Oibleagáid maidir leis an nGaeilge (nach bhfuil clúdaithe ag an Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách) 113

Seirbhís uilechoiteann (nach bhfuil clúdaithe ag an Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách) 114

An Bord Stiúrthóirí agus Faisnéis Chorparáideach 117




# Buaicphointí 2023

## Ioncam: €923m

## TRÚCDA: €38.5m

### 4%
**Méadú** in
**Ioncam an Ghrúpa**

### x2
Tháinig **méadú faoi dhó** ar
**TRÚCDA** in 2023

### Aisíoctha
**Iasacht ón Rialtas Aisíoctha go hiomlán.**
Leis seo, cuireadh Céim 1 den bhunathrú i gcrích

### 11%
**Méadú** in **Ioncam Miondíola**

### 6m
**Beart seachadta**
i mí na Nollag amháin

### Náid
**Bearna phá ar bith idir na hinscní** don tríú bliain as a chéile

### Ceann-cheathrú nua
Athlonnú go **Foirgneamh EXO** - ceanncheathrú nua dár ndomhan

### Díolachán
**Premier Lotteries Ireland**

### Náid
**Gan aon dramhaíl a sheoladh chuig líonadh talún** don séú bliain as a chéile



# 2023 sracfhéachaint ar ár ngnó

Is é An Post oibreoir náisiúnta poist na hÉireann, ag soláthar raon leathan táirgí agus seirbhísí lena n-áirítear seirbhísí poist, dáileacháin agus airgeadais. Cuirimid seirbhísí baincéireachta gníomhaireachta agus rialtais ar fáil leis, chomh maith le feidhmiú trí fhochuideachtaí agus comhfhiontair éagsúla.

**Cuideachta amháin, dhá ghnó**

Táimid struchtúrtha mar dhá ghnó den scoth, Post agus Beartáin An Post agus Miondíol An Post, gach ceann díobh lena fhoireann chumasach agus straitéis fhadtéarmach comhaontaithe féin.



## Post agus Beartáin

Tá ár ngnó Post & Beartán ag méadú ár ngnólachtaí ríomhthráchtála agus margaíochta poist, ag déanamh fritháirimh ar líon laghdaithe an phoist, agus ag seachadadh seirbhíse poist den chaighdeán is airde chuig gach teach agus gnó in Éirinn ag an am céanna. **Ba mhaith linn ról iomlán a bheith againn i saol eacnamaíoch na hÉireann mar chnámh droma na ríomhthráchtála, ag cinntiú go bhfuil an rochtain chéanna ag pobail ar fud na hÉireann ar earraí ná mar atá ag daoine i gcathracha móra an domhain.**



## Miondíol

Bainistímid níos mó airgid thirim ná aon eagraíocht eile in Éirinn agus déanfaimid iarracht ár seirbhísí airgeadais agus miondíola a éagsúlú agus a fhás, agus bealach iontaofa a sholáthar chuig seirbhísí rialtais dár gcustaiméirí, ar líne agus go pearsanta ag an am céanna. **Tá sé mar aidhm againn an líonra oifigí poist a athchruthú ionas go mbeidh oifig poist nua-aimseartha i ngach baile mór agus sráidbhaile mór in Éirinn, ag soláthar na seirbhísí teicneolaíochta airgeadais atá de dhíth ar ár gcustaiméirí.** Táimid tiomanta don chlaochlú digiteach agus d'athnuachan branda ionas gur féidir linn seirbhísí iomaíocha atá dírithe ar an gcustaiméir a chur ar fáil.

Is é gníomhú ar son an leasa choitinn agus caighdeán na beatha a fheabhsú, anois agus do na glúnta atá le teacht, **an cuspóir atá againn.**

**2.433m**
Seoladh a sheirbheáiltear gach lá oibre

**8,629**
Pointe bailithe laethúla

**43.5m**
Beartán agus paicéad conartha seachadta

**302m**
Litir seachadta

**901**
Oifig poist

**856**
Oifig poist a fheidhmítear ag Máistir Poist

**10,234**
Fostaí

**110**
Aonad seirbhíse seachadta (ASSanna)

**960,000**
Seisiún do chustaiméirí gach seachtain

**84m**
Idirbheart in oifigí an phoist

**26m**
Idirbheart leasa shóisialta

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2023 An Post a chur i láthair. Ba bhliain shuntasach í 2023 maidir le fás a léiriú, feabhas a chur ar thairiscint na Cuideachta do chustaiméirí agus feabhas suntasach a chur ar a feidhmíocht TRÚCDA.**

**Tá ról an-suntasach ag An Post sa gheilleagar i gcónaí agus an diongbháilteacht chéanna chun leanúint leis an mbunathrú ríthábhachtach ar a ghnóthaí Poist & Beartáin agus Miondíola, chomh maith lena Lárionad Corparáideach.**

Is cúis an-bhróid domsa a fheiceáil go bhfuil inbhuanaitheacht fite fuaite i gcroílár An Post agus go bhfuil an Chuideachta ag cur an oiread sin deiseanna praiticiúla ar fáil do chustaiméirí anois chun inbhuanaitheacht a bheith acu mar chuid dá saol laethúil. Agus é mar aidhm ag An Post cáilíocht na beatha a fheabhsú anois ar son an leasa choitinn agus cáilíocht na beatha a fheabhsú do na glúine atá le teacht, tá sé ar thús cadhnaíochta maidir le tacaíocht a sholáthar do phobail ar bhealaí praiticiúla a chinntíonn go mbeidh buntáistí fadtéarmacha ag cách.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an POF, David McRedmond, agus leis an mBord Bainistíochta as a gceannaireacht iontach agus freisin leis an bhfoireann agus na ceardchumainn agus le mo chomhchomhaltaí Boird a leanann orthu ag fónamh chomh maith don Chuideachta thar ceann a pháirtithe leasmhara. Chomh maith leis an tionchar gan staonadh a bhaineann le ríomhionadaíocht, tá an fhoireann Bainistíochta seo tar éis a mbealach a dhéanamh go dícheallach trí na dúshláin iomadúla atá roimh gach mórghnóthas in Éirinn; boilsciú de bharr costas, praghsáil iomaíoch ina margaí agus an riachtanas infheistíocht leanúnach agus stuama a dhéanamh chun fanacht chun tosaigh ar chuar na teicneolaíochta. Níl aon chosúlacht ann go bhfuil aon mhaolú ar na dúshláin seo agus is cúis áthais ar leith dom gur cuireadh síneadh trí bliana eile le conradh an Phríomhfheidhmeannaigh in 2023, ag cinntiú go gcoimeádann An Post an cheannaireacht chun leanúint ar aghaidh lena mbunathrú go mbeidh sé ina ghnó inbhuanaithe brabúsach, ag soláthar gnó inbhuanaithe brabúsach go rathúil i ndomhan digiteach.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don mhéid atá déanta ag Peter Coyne agus Mary O'Donovan a dtiocfaidh a gcuid ama ar Bhord An Post i gcrích i mí Aibreáin 2024, agus aitheantas a thabhairt don obair mhór a rinne siad ar son choistí an Bhoird. Ba mhaith liom leis fáilte a chur roimh Matthew Kennedy ina ról mar Stiúrthóir agus guím gach rath air dá théarma sa ról sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hEamon Ryan TD, an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide; le Jack Chambers TD, Aire Stáit sa Roinn; agus leis na hoifigigh ina ranna as a gcúnamh agus a dtacaíocht i rith na bliana.

Scoirfidh mé mar Chathaoirleach ag deireadh mhí an Mhárta 2024. Ba mhór an onóir dom seirbhís a thabhairt don eagraíocht iontach seo a bhfuil a leithéid de raon náisiúnta aici le pobail agus le saolta ar fud na hÉireann. Ó 2017 i leith i ról an Stiúrthóra agus ansin i ról an Chathaoirligh, bhí sé de phléisiúr agam maoirsiú a dhéanamh ar bhunathrú An Post ag bogadh isteach i saol na ríomhthráchtála agus seirbhísí airgeadais, a bheith mar cheannaire san obair um ghníomhú ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta, agus an t-athlonnú le déanaí go ceanncheathrú nua i bhFoirgneamh EXO i gCalafort Bhaile Átha Cliath. Guím gach rath ar an eagraíocht amach anseo.



**Carol Bolger**
**Cathaoirleach**
26 Márta 2024

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh



**Is gnó bríomhar tráchtála é An Post a bhfuil bród orm a rá a d'fhill ar fhás agus ar shreabhadh airgid dearfach tar éis na paindéime, le brabúsacht fheabhsaithe, tar éis na chéad chéime de bhunathrú ár gCuideachta a chur i gcrích, ár bpríomhchuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, agus an rud seo ar fad a dhéanamh gan aon fhóirdheontas Stáit.**

**Is cuid lárnach de ghnó maith é gealltanais a choinneáil. In 2023, chomhlíon An Post a ghealltanais do chustaiméirí, do scairshealbhóirí agus d'fhostaithe.**

Dár gcustaiméirí, bhaineamar amach na caighdeáin ab airde a bhaineann le seirbhís poist ar bith san Eoraip. Chuireamar lenár seirbhísí le nuálaíochtaí ceannródaíocha amhail an chéad stampa digiteach inrianaithe ar domhan; agus tháinig méadú 11% ar ioncam líonra Oifig an Phoist mar thoradh ar ár raon méadaithe seirbhísí airgeadais. Agus muid ag "gníomhú ar son leas an phobail" de bharr na seirbhíse seachadta beartán do dhídeanaithe ón Úcráin, bhí an Úcráin ar an tríú ceann scríbe ab airde do bheartáin as Éirinn.

Dár scairshealbhóirí, d'aisíoc An Post iasacht €30m an Rialtais a eisíodh in 2017 chun cabhrú le bunathrú na Cuideachta, in am agus go hiomlán ó shreabhadh airgid dearfach na Cuideachta. In 2023, rinne An Post a TRÚCDA 2022 a mhéadú faoi dhó, d'fhás ioncam an Ghrúpa 4%, sholáthair sé brabús bunlíne roimh mhíreanna eisceachtúla, agus sreabhadh suntasach airgid ó oibríochtaí. Bhí an filleadh seo ar bhrabús i ndiaidh na paindéime ina thástáil thábhachtach ar inmharthanacht fhadtéarmach na Cuideachta.

D'fhostaithe, rinneamar ceann de na gealltanais is faide gan íoc a chur i ngníomh: luach a thabhairt ar ais do phinsin na bhfostaithe a luaithe a bhí an Ciste Pinsin ar bharrachas arís. Saothraíodh an barrachas pinsin €666m (ar 31/12/22) go crua: rinne an Chuideachta ranníocaíochtaí bliantúla leanúnacha móra; chuaigh pinsinéirí gan mhéaduithe; agus d'fheidhmigh foireann infheistíochta an Chiste ní b'fhearr ná an margadh. Leis an gComhaontú Pinsin a comhaontaíodh in 2023, athbhunaítear tuilleamh pinsinéirí; thit ráta ranníocaíochta na Cuideachta go leibhéal inbhuanaithe; agus tá barrachas sláintiúil fós fágtha sa Chiste.

Is luach lárnach do An Post í Obair Chuibhiúil; agus is ráiteas i dtaobh intinne é athlonnú ár gCeanncheathrú ó Ard-Oifig an Phoist cháiliúil go dtí Foirgneamh EXO úrnua. Ba mhórbheart straitéiseach é oscailt ár gCeanncheathrú nua do 900 ball foirne ag Foirgneamh EXO ag Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1 don Chomhlacht. Suite in aice le Calafort Bhaile Átha Cliath, feicimid rolladh ríomhthráchtála ar na longa agus amach as.

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh ar lean

Mar a dúirt mé leis an Taoiseach ag oscailt ár gCeanncheathrú nua ag Foirgneamh EXO "Nuair a bhíomar in Ard-Oifig an Phoist ag caint ar An Post a bheith ina cheannaire ríomhthráchtála, Fintech, nó Digi Corp bhí sé rud beag seafóideach; ach san EXO ní hamháin go bhfuil na rudaí seo indéanta ach is rudaí dóchúla iad".

In 2024 cuirfear dlús le bunathrú An Post ina Chorparáid Dhigiteach de réir mar a bhainfimid leas as an bhfórsa oibre atá nasctha go digiteach i ngach pobal, as sonraí saibhre agus as cumas méadaithe teicneolaíochta na Cuideachta. Sheol Des Morley, Príomhoifigeach Digiteach agus Teicneolaíochta agus a fhoireann an chéad stampa digiteach inrianaithe ar domhan ag deireadh 2022. Níl ann seo ach an tús le sraith táirgí digiteacha a thabharfaidh beocht do chumas uathúil uilechainéal An Post, agus é á nascadh go digiteach agus go fisiceach le gnólachtaí agus le custaiméirí ar fud an Stáit, ag cosaint ár gcustaiméirí ó ghníomhaíochtaí calaoiseacha agus ag bogadh ó bheith ina chuid den saol digiteach go cás ina bhfuil sé ina cheannródaí agus ina nuálaí digiteach.

Tá tar éis feidhmiú go maith ag an straitéis um chlaochlú arna sheoladh ag an gCuideachta in 2017. Mar gheall ar an laghdú dosheachanta ar líon na litreacha, bhí ar an gCuideachta brabúsacht bhliantúil nua de €200m a aimsiú chun stádas féinmhaoinithe An Post a choinneáil. Is mór an chreidiúint do m'fhoireann bhainistíochta éirimiúil agus do na hoibrithe iontacha ar fud An Post an méid seo a bhaint amach. Is mór an chreidiúint é freisin dár gCeardchumann a ghníomhaíonn ar mhaithe lena gcomhaltaí ach atá pragmatach as a chinntiú gur féidir leis an gCuideachta éifeachtúlachtaí a bhaint amach mar a chéile.

Ba mhaith liom leis aitheantas agus buíochas a ghabháil le Bord An Post. Tá Carol Bolger ag dul ar scor in 2024 agus ba Chathaoirleach tiomnaithe agus dícheallach í i gcónaí, tiomanta do na caighdeáin rialachais is airde. Tá Peter Coyne ag éirí as a ról mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus idir é féin agus Mary O'Donovan, ball den Choiste sin, chuir siad na caighdeáin iomchuí chun cinn go dícheallach i gcónaí. Ba dhúshlán don bhainistíocht é fás na bhfochoistí ach cinntíonn sé go bhfuil infreastruchtúr gairmiúil rialachais ag an gCuideachta. Guím gach rath ar Carol, Peter agus Mary agus iad ag dul ar scor ó An Post.

Anois caithfimid díriú arís ar an todhchaí. Tá mé i gceannas faoi láthair ar athbhreithniú mór Straitéise a chuirfear i gcrích faoi Shamhradh 2024. Díreoidh an straitéis nua seo gníomhaíochtaí na Cuideachta do na cúig bliana atá romhainn. Tá an dúshlán a bhaineann le laghdú ar líon na litreacha ag géarú (rátáil riosca 'dearg') agus éilíonn sé ar an gCuideachta barrfheabhsú a dhéanamh ar a croíghnó, ag tiomáint na héifeachtúlachta trí theicneolaíocht agus dearadh. Tá sé thar a bheith deacair cláir athraithe a chur i bhfeidhm i gCuideachtaí leathstáit ach is riachtanach go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach í i bhfianaise an laghdaithe ar líon na litreacha. Cuirfimid fás nua i bhfeidhm leis a leathnóidh ár bpríomhghníomhaíochtaí chun An Post a chothú go fadtéarmach.

Is é an gealltanas is tábhachtaí atá againn ná ár gcuspóir branda "gníomhú anois ar son leas an phobail agus thar ceann na nglún atá le teacht". Beidh fuinneamh athnuaite maidir le hinbhuanaitheacht, tiomantas do phobail, dúthracht d'obair chuibhiúil, agus bheith mar eiseamláir i ngníomh ar son na haeráide ag croílár an chéad rud eile a dhéanaimid.

Buíochas le fostaithe iontacha díograiseacha uile An Post a chuireann bród orm gach lá a bheith i mo cheannaire ar an gCuideachta iontach seo.

**David McRedmond**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
26 Márta 2024






**Beidh fuinneamh athnuaite maidir le hinbhuanaitheacht, tiomantas do phobail, dúthracht d'obair chuibhiúil, agus bheith mar eiseamláir i ngníomh ar son na haeráide ag croílár an chéad rud eile a dhéanaimid.**

# Athbhreithniú ar Chúrsaí Airgeadais



**Feidhmíocht Oibriúcháin**

**I rith na bliana airgeadais 2023, tháinig méadú faoi dhó ar fheidhmíocht oibriúcháin TRÚCDA. Is léiriú é seo go bhfuil an eagraíocht tar éis filleadh ar bhrabús níos normalaithe i ndiaidh na paindéime. Is fíormhéadú é ioncam Ghrúpa An Post a bhí €922.9m agus léiríonn sé ról tábhachtach na Cuideachta sa gheilleagar. Tá an ról seo ag An Post maidir le seirbhísiú a dhéanamh ar ghnó náisiúnta agus idirnáisiúnta na hÉireann, líonraí ríthábhachtacha a choinneáil oscailte agus caighdeáin cháilíochta seirbhíse a chinntiú chun freastal ar riachtanais an chustaiméara. Tríd an gcustaiméir a choinneáil i gceartlár a ghníomhaíochtaí ar fad i rith na bliana, d'éirigh leis an gCuideachta a thairiscintí táirgí a athrú ó bhonn agus tá sé seo le feiceáil sa láimhdeachas méadaithe.**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Ioncam** | **922.9** | **888.1** |
| TRÚCDA roimh míreanna aon uaire | 38.5 | 18.6 |
| Brabús/(Caillteanas) don bhliain roimh chostais eisceachtúla | 9.0 | (27.4) |
| Caillteanas don bhliain i ndiaidh míreanna eisceachtúla | (20.8) | (224.1) |

Tá fás an-suntasach tagtha ar roinnt línte gnó, lena n-áirítear seirbhísiú na tráchta ríomhthráchtála ar a bhfuil méadú os cionn 100% tagtha ó 2019. Tá trádáil ar líne ag méadú bliain i ndiaidh bliana agus is cosúil go méadóidh sí go seasta go ceann i bhfad. Tá nuálaíocht agus méadú ar thairiscintí tomhaltóirí tar éis borradh a chur faoi ioncam Miondíola na Cuideachta. Tá ríthábhacht ag baint le tábhacht líonra Oifig an Phoist chun seirbhísí a sholáthar.

Léiríonn feidhmíocht airgeadais an Ghrúpa a tuairiscíodh ar leathanach 56 TRÚCDA €38.5m do 2023, feabhas ar thoradh na bliana roimhe sin ar b'fhiú €18.6m é. Is é an caillteanas don bhliain tar éis míreanna eisceachtúla ná €20.8m, i gcomparáid le caillteanas €224.1m sa bhliain roimhe sin.

Tháinig fás 4% ar an láimhdeachas sa bhliain airgeadais 2023, ó €888.1m go €922.9m. Baintear é seo amach trí fhás i roinnt línte seirbhíse agus praghsanna. Agus é á rá go bhfuil fás tagtha ar an láimhdeachas, aithnímid freisin gur tháinig laghdú 6.1% ar mhéideanna traidisiúnta poist de réir na línte a rabhthas ag súil leo agus is féidir a bheith ag súil go leanfaidh sé seo ar aon dul leis an earnáil phoist ar fud an domhain. Coinníodh na harduithe suntasacha ar ioncam beartán agus paicéad a tharla le linn na paindéime agus chonaiceamar tuilleadh fáis sa bhliain airgeadais 2023. Tá líon na mbeartán agus na bpaicéad breis is 100% níos airde anois ná mar a bhí roimh an bpaindéim. Tá an sruth gnó nua seo, a bhfuil fáilte mhór roimhe, á fhorbairt don Chuideachta le custaiméirí nua agus réigiúin idirnáisiúnta ag trádáil le hÉirinn agus ag baint úsáide as An Post mar a bpríomhsholáthraí lóistíochta.

Tá custaiméirí tar éis filleadh ar líonra Oifig an Phoist agus bhí ioncam 2023 (€183.0m) níos airde ná ioncam 2022 (€164.7). Tá laghdú ag teacht ar ioncam traidisiúnta d'Oifig an Phoist trí dháileadh leasa shóisialaigh, agus léiríonn sruthanna suntasacha ioncaim eile mar tháirgí Coigiltis Stáit agus Seirbhísí Airgeadais láidreacht agus fás leanúnach. Sa bhliain airgeadais 2023, díoladh €209m d'airgeadra eachtrach in airgead tirim agus cártaí malairte eachtraí trí An Post.

Bainistíodh arduithe praghsanna don earnáil poist go cúramach. Cuireadh i bhfeidhm iad ar bhealach íogair do chustaiméirí agus chruthaigh siad sruth ioncaim a éascaíonn ardchaighdeán agus inbhuanaitheacht sna seirbhísí do chustaiméirí pearsanta agus gnó. Bhain an Chuideachta éifeachtúlacht mhéadaithe amach i rith na bliana trí dhíriú comhsheasmhach ar shrianadh costas neamhphá agus laghdú breise 98 ar Choibhéis Lánaimseartha, rud a thugann an laghdú go 415 thar an dá bhliain airgeadais 2002 agus 2023. Tá sé seo tábhachtach mar gur bhunaigh sé bonn costais níos ísle don Chuideachta agus go bhfuil clár éifeachtúlachta curtha ar bun aici a leanfar ar aghaidh leis in 2024.

## Tionchar Custam agus na Breatimeachta

Bhí tionchar suaite ag an mBreatimeacht ar thrádáil idirnáisiúnta na hÉireann ar go leor bealaí. Tharla sé ag an am céanna agus a cuireadh athruithe forleathana a bhí beartaithe le fada i bhfeidhm ar rialacháin chustam an AE maidir le hearraí a thagann isteach/a fhágann an AE tríd an líonra poist a rialú. Chuir cur i bhfeidhm luath rialacháin agus athruithe Custaim an AE isteach go mór ar Éirinn go háirithe, ag cur san áireamh an méid beartán a thagann isteach sa tír ón mBreatain. Is í earnáil an Phoist an earnáil is mó a ndeachaigh siad i gcion uirthi. Mar thoradh ar bhailiú sonraí agus custaim ó sheoltóirí aonair agus ó fhaighteoirí míreanna tríd an bpost cruthaíodh coincheapa iomlána nua do thionscal an phoist chun trácht nach trácht ón AE é a oiriúnú agus a bhainistiú agus freastal ar leasanna agus cearta tomhaltóirí ag an am céanna. D'éirigh go mór le An Post ríomhthráchtáil a éascú agus íoctar an chuid is mó den dleacht anois roimh an dáileadh. Tá roinnt cur isteach fós ar thomhaltóirí maidir le hearraí a thabhairt ar ais nuair nár íocadh dleacht roimh ré agus nach bhfuil faisnéis acu a shásaíonn riachtanais na n-údarás. Tá an Chuideachta ag obair go leanúnach chun eispéireas an tomhaltóra a fheabhsú. Rinne An Post infheistíochtaí an-suntasacha i gcórais, in infreastruchtúr agus i bhfaisnéis in 2021/22 chun cabhrú le custaiméirí an cur isteach a shárú agus cruthaíodh an infheistíocht seo ina sócmhainn in 2023 agus muid ag

# Athbhreithniú ar Chúrsaí Airgeadais
ar lean

bogadh i dtreo na chéad chéime eile dár mBunathrú. Ina theannta sin, bhailigh An Post suim mhór €60m i dtáillí custaim thar ceann an Stáit in 2023.

## Comhaontú Pinsean

Tá an scéim pinsean sochair shainithe atá i bhfeidhm ag an gCuideachta ar cheann de na scéimeanna is mó sa Stát. Tá an scéim á rialú ag Iontaobhaithe arna gceapadh ag an gCuideachta agus ag ionadaithe na bhfostaithe. Fágadh barrachas suntasach mar thoradh ar an rialú stuama a rinneadh ar an Scéim. Baineadh é seo amach trí chomhoibriú iomlán leis na hIontaobhaithe, an Chuideachta agus ionadaithe na foirne. Is mar gheall ar fhoighne na mball foirne maidir le glacadh le teorainneacha ar shochair, feidhmíocht infheistíochta agus ranníocaíochtaí na cuideachta atá an barrachas sin ann.

I mbliain nuair a chuir an Chuideachta i bhfeidhm roinnt athruithe a comhaontaíodh in 2022, rinneadh cuid de na sochair a bhíodh ag fostaithe agus pinsinéirí a athbhunú, rinneadh athruithe ar rátaí ranníocaíochta na Cuideachta agus baineadh lian ar shócmhainní na Cuideachta atá i seilbh na Scéime Pinsean.

## Iasacht Infheistíochta ón Rialtas Aisíoctha

I mí na Nollag 2017, fuair an Chuideachta iasacht ó Rialtas na hÉireann chun cur i bhfeidhm na chéad chéime de straitéis claochlaithe na Cuideachta a mhaoiniú, amhail an straitéis Seirbhísí Airgeadais nua, gnó nua beartán ríomhthráchtála agus ár gcéad tráinse d'fheithiclí seachadta leictreacha. Mar gheall ar chur i bhfeidhm rathúil na straitéise, bhí na cistí ar fáil laistigh den Chuideachta chun aisíocaíocht luath na hiasachta a éascú. Tá an Chuideachta buíoch as an tsaoráid a socraíodh in 2017 agus de na hoifigigh a rinne an obair chun é a fháil. Is comhartha é ar rathúlacht an athraithe sa Chuideachta gur éirigh leo an iasacht seo a aisíoc bliain roimh an sceideal.

## Bonneagar

Is beart mór straitéiseach don Chuideachta é oscailt na ceanncheathrún nua ag Foirgneamh EXO ar Ché an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. Soláthraíonn sé seo timpeallacht oibre nua-aimseartha, solúbtha atá níos oiriúnaí do chuid mhór d'ionad corparáideach An Post agus tá Oifig phoiblí an Phoist agus Músaem Ard-Oifig an Phoist ann i gcónaí ag Ard-Oifig an Phoist i Sráid Uí Chonaill. Is léiriú é cur i bhfeidhm an athraithe mhóir seo ar an muinín sa todhchaí agus ar chumas na Cuideachta, le comhoibriú na foirne, an t-athrú a chur i bhfeidhm. Rinne Gina Maguire bainistiú tionscadail cumasach ar an athrú seo i gcomhar le speisialtóirí sna réimsí seo a leanas: fheistiú, ailtireacht, réadmhaoin agus margaíocht. Is cloch mhíle shuntasach é seo a bhfuil meas ag custaiméirí agus ag an bhfoireann araon air agus seasfaidh sé don Chuideachta sna blianta atá le teacht.

Tá bonneagar fairsing foirgneamh agus líonraí ag an gCuideachta a chuireann ar a chumas freastal ar riachtanais an chustaiméara. De réir mar a leanann an tionscal ar aghaidh ag athrú go tapa, beidh comhdhéanamh bhonneagar litreacha agus beartán An Post agus líonra An Post ag athrú leis. Tá gá le saoráidí saincheaptha níos mó a dhearadh le haghaidh oibríochtaí beartán ríomhthráchtála agus litreacha teacht in ionad líon mór oibríochtaí beaga a dearadh le haghaidh litreacha amháin. Mar an gcéanna, de réir mar a leanann iompar tomhaltóirí ag athrú, tá athrú ag teacht ar riachtanais ghnóthaí Miondíola. Leanfar ar aghaidh le hinfheistíocht in athbheochan agus comhdhlúthú an ghréasáin, mar aon le táirgí agus seirbhísí nua a chur ar fáil go céimneach chun freastal ar stíleanna maireachtála agus roghanna an chustaiméara.

Is gné thábhachtach dár straitéis um Chlaochlú é aistriú ár gCeanncheathrún go Foirgneamh nua EXO ag Calafort Bhaile Átha Cliath, rud a chuireann timpeallacht oibre nua-aimseartha ar fáil do go leor dár bpearsanra riaracháin agus bainistíochta, agus rud a léiríonn ár muinín sa todhchaí.

## Fochuideachtaí

D'fheidhmigh Air Business, oibreoir breisluacha poist agus ríomhthráchtála An Post atá bunaithe sa RA go han-mhaith in 2023. Lean an Chuideachta ar aghaidh le seirbhísí nuálacha nua a thacaíonn le fiontair atá ag fás agus a bhfuil dáileadh domhanda acu. Tá seirbhís síntiúis ann freisin agus an cumas raon seirbhísí cumaiscthe a thairiscint don phríomh-mhargadh in earnáil na foilsitheoireachta chomh maith le raon méadaitheach cliant ar fud na ríomhthráchtála. Déanann Air Business bainistiú freisin ar sheirbhís seachsheoltaí Address Pal don ghnóthaí poist. Cuireann sé droichead ar fáil do ghnó UK Ireland agus is gné thábhachtach é de línte gnó USA Ireland.

Leanann An Post Insurance ar aghaidh ag trádáil go brabúsach agus is oibreoir a bhfuil meas mór air in earnáil a bhfuil athruithe suntasacha tagtha uirthi. Tháinig fás sa bhliain airgeadais 2023 ar líon na bpolasaithe árachais atá i bhfeidhm agus cinnteoidh sé seo sruth ioncaim níos airde sa chéad bhliain airgeadais eile. Tá gnólachtaí eile lena n-áirítear PrintPost Limited, An Post BillPost Processing Service Limited agus An Post GeoDirectory DAC go léir ag trádáil go maith agus ag bogadh ar aghaidh le tairiscintí breise maidir le táirgí.

## Díolachán an Chrannchuir Náisiúnta

37 bliain ó shin, thug Rialtas na hÉireann ceadúnas do An Post chun Crannchur Náisiúnta na hÉireann a bhunú agus a oibriú. Ó 1986 go dtí 2014, rinne Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post faoi úinéireacht an stáit an Crannchur Náisiúnta a fheidhmiú. D'éirigh go maith leis an obair seo, agus d'éascaigh An Post díolachán cheadúnas fiche bliain ar ceant in 2014. Ba é Premier Lotteries Ireland, faoi úinéireacht Ontario Teachers' Pension Plan (OTPP), An Post agus Plean Pinsin An Post, a bhain an ceadúnas sin amach agus bailíodh breis agus €400m don Stát leis. Chuir rialachas An Post go mór leis an tsócmhainn seo a bheith i ndea-bhail chun an deonú ceadúnais a éascú. Go déanach in 2023, díoladh Premier Lotteries Ireland (PLI) le FDJ, oibreoir crannchuir na Fraince. Dhíol An Post agus Ciste Pinsin An Post mar aon le OTPP a gcuid scaireanna agus níl caidreamh úinéireachta ann a thuilleadh leis an gCrannchur. Leanfaidh An Post de bheith ina dháileoir tábhachtach do tháirgí crannchuir. Ó bunaíodh i 1986 é, thug an Crannchur Náisiúnta breis agus €6 bhilliún do chúiseanna maithe. Tá Crannchur Náisiúnta na hÉireann fós faoi úinéireacht iomlán Stát na hÉireann, ag feidhmiú faoin gceadúnas 20 bliain a bhfuil deich mbliana de fós fágtha.

Guíonn An Post gach rath ar oibreoirí nua an Chrannchuir Náisiúnta.

## Rialachán

Tá an gnó faoi réir rialacháin ó roinnt comhlachtaí lena n-áirítear Banc Ceannais na hÉireann, ComReg agus comhlachtaí eile um Rialáil gnó.

Bhí baint ag an CBOI leis an eagraíocht i gcaitheamh na bliana. Is caidreamh tábhachtach é seo ó thaobh An Post de agus tá clár gníomhach infheistíochta le cur ar siúl de réir mar a chuireann an Chuideachta leis an ngnó leathan seirbhísí airgeadais atá acu. Tá 35 ról san eagraíocht atá faoi réir réimeas Oiriúnachta agus Ionracais Bhanc Ceannais na hÉireann.

Is príomhpháirtí leasmhar gnó é ComReg le haghaidh gnó poist agus beartán. Beidh athruithe sa timpeallacht rialála don phost sa todhchaí chun riachtanais chustaiméirí a éascú i dtimpeallacht atá ag athrú. Beidh sé riachtanach sonraí táirgí agus praghsanna a ailíniú le riachtanais athraitheacha an tomhaltóra agus beidh soláthar éifeachtach seirbhísí ríthábhachtach sna blianta amach romhainn.

## An Clár Comhardaithe

Tá Clár Comhardaithe An Post ar bhonn fónta airgeadais agus €811m mar chothromas iomlán ag baint leis. Tacaíonn an neart suntasach seo leis an gComhlacht maidir lena straitéis a chur i bhfeidhm agus a misean a chomhlíonadh. Bhí acmhainní saora airgid de €24m ag an gCuideachta ag deireadh na bliana i Mí na Nollag, 2023.

## Comhpháirtithe Airgeadais

Tá socruithe maoinithe tráchtála i bhfeidhm leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus saoráid iasachta €30.5m, agus saoráid tarraingthe €17.5m le Banc na hÉireann, dá bhfuil €8.5m de fós amuigh ag deireadh na bliana. Is é an figiúr coimeádach 5% cóimheas ghlanfhiachas an Chláir Comhardaithe. Oibríonn an Chuideachta go dlúth leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, Banc na hÉireann agus institiúidí airgeadais eile chun na hacmhainní a theastaíonn chun an gnó a sheirbhísiú a sholáthar. Roinntear straitéis agus pleananna gnó, agus is bunchloch iad na comhpháirtíochtaí seo don todhchaí.

Chuir LeasePlan réitigh bhainistithe ar léas ar fáil dár bhflít agus tá an caidreamh seo i measc na bpríomhchaidreamh atá bunaithe agus á gcothú ag an gCuideachta maidir le tacaíocht airgeadais agus léasóirí eile do threalamh uathoibrithe.

## Conclúid

Leanann Grúpa An Post ar aghaidh ag cur straitéise uaillmhianaí chun cinn don todhchaí agus tá dóthain acmhainní acu chun í sin a bhaint amach. Is céim mhór chun cinn í an bhliain airgeadais 2023 i bhfeidhmíocht airgeadais an Ghrúpa agus soláthraíonn sí bonn láidir do rath leanúnach amach anseo.

**Peter Quinn**
**An Príomhoifigeach Airgeadais**
26 Márta 2024

# Athbhreithniú an Phríomhoifigeach Daoine

Ceann de na cuideachtaí is mó in Éirinn. Fostaímid **10,234 fostaí** agus **781 máistir poist** faoi láthair.

**1d**
**Mhórfhostóir** in Éirinn chun bearna phá nialasach idir na hinscní a thuairisciú don tríú bliain as a chéile

**6,432**
**Lá oiliúna** curtha ar fáil do 7,539 fostaí in 2023

**€200,000**
**Aisíocaíocht chánach** faighte do chomhghleacaithe trí dhul i gcomhpháirtíocht le Taxback



# Athbhreithniú an Phríomhoifigeach Daoine



**Bhí uaillmhian shoiléir againn in 2023 agus rinneamar dul chun cinn suntasach chuige sin agus táimid an-bhródúil as. Teastaíonn uainn go mbraitheann ár ndaoine go bhfuil tacaíocht acu agus go bhfuil a fhios acu go bhfuilimid aireach orthu ar bhealach praiticiúil, lánbhrí agus iad linn. D'oibríomar go crua chun tuiscint a fháil ar cad é atá ag teastáil ónár ndaoine. Teastaíonn uathu a bheith ina gcuid d'ionad oibre ina mbraitheann siad go nglactar leo, go dtugtar tacaíocht dóibh, go bhfuil luach orthu agus ina mbraitheann siad cómhuintearas. Leanfaimid orainn ag lorg aiseolais agus ag fáiltiú roimh smaointe ónár ndaoine - is aistear é seo atá ag síorathrú.**

**In 2023 is sinne an chéad fhostóir mór in Éirinn a thuairiscigh Bearna Nialasach sa Phá idir na hInscní don tríú bliain as a chéile.**

### Tiomantas do Chultúr Uilechuimsitheach

Tá An Post ar cheann de na cuideachtaí is mó in Éirinn, agus 10,234 duine fostaithe go díreach aige ar fud ár líonra náisiúnta agus ar conradh le 781 Máistir Poist.

In 2023 ar fud na heagraíochta, léirigh ár ndaoine tiomantas chun ionchais ár gcustaiméirí a shárú, ag cloí lenár gcuspóir gníomhú ar mhaithe le leas an phobail agus bunathrú a sheachadadh ar fud na heagraíochta.

Táimid tiomanta do chultúr cuimsitheach a chothú anseo in An Post ina mothaíonn gach duine go nglactar leo, go dtacaítear leo agus go léirítear meas orthu - áit a mbraitheann siad cómhuintearas. Leanamar ar aghaidh ag seoladh roinnt tionscnamh i mbliana bunaithe ar aiseolas ónár Suirbhé ar Chuimsiú.

### Ár nDaoine a Fhorbairt

Tá An Post tiomanta do thacú le gach fostaí lán a gcumais a bhaint amach agus sheolamar ár gCreat Forbartha Gairme chun tacú leis an ngealltanas seo. Tá an Creat deartha chun tacú le fostaithe atá ag céimeanna éagsúla dá n-aistear gairme. Cuirtear tacaíochtaí cuimsitheacha ar fáil ag gach céim den Chreat agus tá 300 fostaí i mbun oiliúna faoin gcreat.

In 2023 chuireamar 6,432 lá oiliúna ar fáil do 7,539 fostaí agus as an méid sin, bhí 450 ag gabháil lenár gclár forbartha de chuid Institiúid Ghlas An Post, lena n-áirítear ár gclár nua NeuroLeadership Connect.

### Folláine

Is mór againn folláine ár bhfostaithe go léir agus táimid tiomanta do phleananna inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun tacú le folláine na bhfostaithe. In 2023, d'eisíomar ár bhfeasacháin um fholláine go ráithiúil agus reáchtáladh ár Seachtain na Folláine bhliantúil i mí Dheireadh Fómhair.

Seoladh ár dtreoir 'Tiomantas don Fholláine' le linn Sheachtain na Folláine. Leagtar amach sa treoir na tacaíochtaí atá ar fáil ag An Post thar thrí cholún folláine; Sláinte, Timpeallacht Oibre agus Forbairt Gairme.

Anuraidh, rinneamar an méid seo a leanas chomh maith:

- Cláraíodh leis an nGealltanas Ionaid Oibre 6 Chéim - See Change - mar aitheantas ar an ngá atá le tacú lenár gcomhghleacaithe a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.
- Tacaíodh le folláine airgeadais ár gcomhghleacaithe trí dhul i gcomhpháirtíocht le Taxback, chun comhairle a sholáthar ar shaincheisteanna cánach agus chun níos mó ná €200,000 d'aisíocaíochtaí cánach a fháil dár ndaoine.
- Rinneadh comhpháirtíocht le Cúramóirí Teaghlaigh Éireann (FCI) a gcuid cláir 'Caring Employers' ar fáil d'fhostaithe An Post. Chuaigh FCI i dteagmháil go díreach le fostaithe i gceithre shuíomh mhóra ar fud na hÉireann agus reáchtáil sé fócasghrúpaí agus suirbhéanna chun riachtanais ár ndaoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu sa bhaile a fháil amach.
- Leanamar ag cur ár gClár Cúnaimh Fostaithe chun cinn agus mhéadaíomar líon na gclárúchán fostaithe faoi 30% ó 2022.

### Éagsúlacht agus Cuimsiú

Bhí an-áthas orainn bearna nialasach sa phá idir na hinscní a thuairisciú don tríú bliain as a chéile le méadú ar ionadaíocht na mban laistigh den Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí, méadú 30% ó 33% go 43% ó 2019. Tháinig méadú 8% ar oibríochtaí bailithe agus seachadta poist tosaigh baineann de chuid An Post idir 2022 agus 2023, ag méadú ó 13% go 14% de na hoibrithe poist go léir. Ina theannta sin, tháinig méadú 7% ar bhanfhostaithe nua san eagraíocht agus ar líon na mban a fhaigheann ardú céime go hinmheánach in 2023.

Forbraíodh beartas nua um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú lenár gcomhpháirtithe ceardchumainn chun ár dtiomantas comhroinnte a neartú.

Bhaineamar amach an Creidiúnú Cré-umha d'Infheisteoirí san Éagsúlacht ó Ionad na hÉireann don Éagsúlacht i mbliana, ag baint amach an grád is airde ina múnla aibíochta.

### Ár nIompraíocht

Ag éirí as an aiseolas ónár suirbhé cuimsitheachta, sheolamar ár bhfeachtas 'Léirigh Meas ar Chách'. Is é cuspóir an fheachtais seo feasacht a chothú ar ár n-iompraíocht a léiriú - Gach duine a chur san áireamh, meas a léiriú agus aitheantas a léiriú ar rath. Tacaíonn an feachtas seo lenár n-uaillmhian ionad oibre cuimsitheach a chruthú.

### Ár bPolasaithe

I measc cuid de na polasaithe a sheolamar anuraidh, bhí an beartas Comhionannais, Éagsúlachta & Cuimsithe, agus beartas nua Earcaíochta & Roghnúcháin i gcomhar lenár gcomhpháirtithe ceardchumainn, rud a threisíonn ár dtiomantas don éagsúlacht & cuimsitheacht, cothroime do chách agus comhionannas deiseanna.

### Buíochas

Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do rannchuidiú agus iarrachtaí ár bhfostaithe le linn 2023 agus tacaíocht ár bpáirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear Grúpa Ceardchumann An Post.



**Eleanor Nash**
**Príomhoifigeach Foirne**
26 Márta 2024

# Post agus Beartáin

2023 an bhliain ab airde buaic i gcúrsaí gnó a bhí ag An Post ó bunaíodh é.

**14%**
Fás beartán bliain ar bhliain

**27%**
Fás inár réiteach tuairisceáin

**98%**
Comhlíonadh custaim sa bhliain

**€60m**
Bailithe in ioncam custam thar ceann an stáit

**64m**
Litir a seachadadh le linn thréimhse na Nollag

**45**
Veain mheánmhéide lenár bhflít feithiclí leictreacha (EV)



# Athbhreithniú ar Phost & ar Bheartáin



**Tháinig fás ar an margadh ríomhthráchtála a bhí ag athrú go tapa, rud a mhéadaigh ár gcaidreamh le custaiméirí, ag tógáil caidrimh nua agus ag ullmhú don todhchaí.**

## Margadh Ríomhthráchtáil ag Athrú

I gceann de na margaí is iomaíche, d'fhásamar líon na mbeartán faoi 14% bliain ar bhliain le fás ag teacht ó ghnó baile, miondíoltóirí idirnáisiúnta agus príomh-chomhpháirtíochtaí, ag síniú le gnó nua a bhfuil acmhainneacht fhadtéarmach aige cur leis an ioncam bliantúil. Tá sé seo i gcoinne chúlra na gcomhghleacaithe Eorpacha a bhfuil fás níos lú ná 2% ar siúl acu.

Neartaíomar ár gcomhpháirtíocht le Amazon, ag síniú comhaontú nua cúig bliana a chuideoidh chun luas agus feidhmíocht oibríochtaí Amazon in Éirinn a mhéadú - an chéad uair a shínigh Amazon a leithéid de chomhaontú le hoibreoir poist san Eoraip. Thugamar faoi Ghealltanas na hAeráide chomh maith, arna chomhbhunú ag Amazon agus Global Optimism. Tar éis comhdháil trádála rathúil sa tSín, fuaireamar gnó ó phríomhchustaiméirí miondíola le méadú 75% ar a dtrácht in 2023. Tháinig fás ar ár ngnó intíre, ag fáil gnó nua i ndeighleog na ngnóthas beag agus meánmhéide agus ag fáil gnó bhreise ó mhiondíoltóirí in Éirinn. Tháinig fás láidir ar líon na gcustaiméirí a úsáideann ár gcuid táirgí digiteacha agus tháinig méadú 27% ar ár réiteach d'earraí ar ais in 2023. Chuireamar lenár ngnó ó gach deighleog custaiméirí - tomhaltóirí, gnóthais bheaga agus mheánmhéide, custaiméirí intíre agus idirnáisiúnta, rud a chinntíonn fás láidir ar ioncam in 2024. Mar sholáthraí náisiúnta poist na hÉireann, is ábhar misnigh é go bhfuil custaiméirí in Éirinn den chéad uair riamh ag ceannach níos mó táirgí tríd an ríomhthráchtáil ó mhiondíoltóirí intíre ná mar atá siad ag ceannach ó mhiondíoltóirí idirnáisiúnta.

## Feabhsuithe Custam

Ó 2020 i leith, tá ár ngnó Post & Beartán ag déileáil le himpleachtaí rialacha nua custaim agus le tarraingt siar ár gcomhpháirtí trádála is mó - an Ríocht Aontaithe - ón AE. Mar sin féin, le linn 2023 leanamar ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn mór maidir le feabhas a chur ar ár gcomhlíonadh custaim, ar eispéireas ár gcustaiméirí agus ar thrádáil neamh-AE a fháil ar ais. Feabhsaíodh comhlíonadh custaim go leibhéal os cionn 98% sa bhliain, ag cinntiú go bhfuil na rialuithe cearta i bhfeidhm maidir le bainistiú custaim. Chabhraigh infheistíocht i gcóras uathoibrithe nua le custaiméirí a gcuid rudaí a fháil níos tapúla, agus mhínigh feachtas cumarsáide nua mar a oibríonn ceannach agus postáil lasmuigh den AE. Sháraíomar na réamh-mheastacháin buiséadaithe d'ioncam custaim, ag bailiú €60m thar ceann an stáit agus leanann ár nGrúpa Oibre ag díriú ar eispéireas an chustaiméara a fheabhsú agus ag cloí leis na rialacháin.

## Infheistiú i bhflít níos inbhuanaithe

In 2023 chuireamar 45 veain mheánmhéide lenár bhflít feithiclí leictreacha (EV), rud a léirigh garsprioc thábhachtach eile inár n-aistear i dtreo 50% a bhaint amach faoi 2025 agus glanastaíochtaí carbóin nialasacha a bhaint amach faoi 2030, rud a d'imir tionchar dearfach ar an gcomhshaol, ar phobail, agus ar chustaiméirí a ndéanaimid freastal orthu. As na 3,900 feithicil atá againn, is feithiclí leictreacha iad thart ar 30% díobh anois, rud a fhágann gurb é An Post an t-oibreoir flít EV is mó in Éirinn agus cinntíonn sé go ndéanann EVanna seirbhísiú ar 32% dár mbealaí seachadta. Leathnaíodh ár dtriail bithbhreosla Ola Glasraí Hidreachóireáilte (HVO) freisin ó 5 go 12 HGV ar fud na Gaillimhe agus Chorcaí le laghdú 91.8% ar astuithe carbóin i gcomparáid le breosla díosail. Leanfaimid ar aghaidh in 2024 lenár dtiomantas do rolladh amach flít a úsáideann breoslaí malartacha.

## Clár Náisiúnta um Dhearadh Bealaí

De réir mar a leanann an gnó lena bhunathrú ó shaol na litreacha go saol na mbeartán agus na ríomhthráchtála, leanaimid ar aghaidh ag déanamh nuachóirithe agus ag athrú ár n-oibríochta. Tar éis roinnt blianta d'infheistíocht shuntasach in uathoibriú beartán agus sa fhlít leictreach is mó in Éirinn, rinneadh forbairtí móra in 2023 nuair a cuireadh tús lenár gClár Náisiúnta um Athdhearadh Bealaí. Tá an clár seo ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil na huirlisí cearta ag ár gcomhghleacaithe seachadta míle deiridh chun an jab a dhéanamh agus an gnó beartán atá ag fás a sheachadadh. Tá dul chun cinn suntasach déanta i mbliana chun bealaí nua oibre a chur i bhfeidhm ag 15% dár bpríomhláithreáin seachadta ar fud na tíre. Lig na hathruithe seo dúinn ár gcáilíocht a fheabhsú, a bheith níos éifeachtúla agus sciar níos mó gnó a bhaint amach sa deireadh thiar.

## Buaic 2023

In 2023 bhain An Post an bhuaicphointe gnó ab airde dár bhain sé amach riamh roimhe sin. Le linn na dtrí seachtaine tar éis Aoine Mhór na Siopadóireachta, sheachadamar 6 mhilliún beart, 1.2 milliún níos mó ná an tréimhse chéanna anuraidh, arb ionann é sin agus méadú 25%. Le linn mhí na Samhna agus mhí na Nollag, chuireamar os cionn 64 milliún litir ar fáil le linn thréimhse na Nollag. Bhí bród orainn leibhéal an-ard seirbhíse a choinneáil ar bun le linn na tréimhse.

## Feidhmíocht

Cinntíonn cáilíocht agus iontaofacht na seirbhíse a sholáthraíonn ár bhfoireann seachadta go dtí 'an míle deiridh' agus na foirne próiseála gur comhlacht ar leith é An Post. Thug ár bhfoireann aghaidh ar an dúshlán maidir le méid breise in 2023 agus lean siad ag seachadadh de réir na gcaighdeán ard a raibh súil ag ár gcustaiméirí leo. Rinne ár bhfir phoist agus mná poist freastal ar 2.4m pointe seolta gach lá, ag bailiú ó bhreis agus 5,000 bosca poist, ó 901 oifig poist agus ó 300 custaiméir mór gnó gach lá oibre. In 2023, bhaineamar amach leibhéal seachadta 97.3% an lá dár gcionn, rud a léirigh ár dtiomantas do chaighdeán seirbhíse dár gcustaiméirí gnó agus pearsanta go léir, idir chustaiméirí uirbeacha agus chustaiméirí tuaithe.

## Buíochas

Tá ár bhfoirne Post & Beartán An Post tiomanta do sheirbhís den chaighdeán is airde a sholáthar dár gcustaiméirí. Is fórsa saothair uathúil iad, agus táim thar a bheith bródúil as a bheith ag obair leo gach lá. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil leis an CWU as a dtacaíocht in 2023. Cinntíonn an chomhpháirtíocht lenár gceardchumainn gur féidir linn gnó a bhuachan agus a choinneáil, agus suaimhneas intinne ár gcustaiméirí a chinntiú gach lá.

## Ag Féachaint Amach Romhainn

Cuireann ár nInnéacs Ríomhthráchtála a seoladh in 2023, agus a rianaíonn treochtaí miondíola agus ceannaigh ar líne, in iúl dúinn go gcreideann Gnóthas Beag agus Meánmhéide amháin as gach dhá Ghnóthas Bheaga agus Mheánmhéide in Éirinn go spreagfaidh a gcuid bealaí meán sóisialta díolacháin mhéadaithe in 2024. Tá miondíoltóirí in Éirinn a bhfuil tairiscintí ríomhthráchtála acu ag dul in oiriúint go tapa do threochtaí ceannaigh na dtomhaltóirí, agus tá níos mó tomhaltóirí ag ceannach go háitiúil agus ag ceannach earraí Éireannacha. Tá ár ngnó Post & Beartán láidir, le go leor deiseanna um bunathrú, fás agus leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí ríthábhachtacha do ghnólachtaí agus do chustaiméirí Éireannacha agus Idirnáisiúnta sna blianta amach romhainn.



**Garrett Bridgeman**
**Stiúrthóir Bainistíochta**
**An Post Commerce**
26 Márta 2024

# Miondíol

Chuaigh an straitéis éagsúlaithe ioncaim a ó neart go neart in 2023.

**€183m**
Ioncam, méadú 11% bliain ar bhliain

**57%**
Den ioncam miondíola iomlán arb ionannas dó seirbhísí airgeadais An Post

**11%**
Fás idirbheart i mbailiúcháin beartán agus tuairisceáin ag oifigí poist

**901**
Oifig poist ar fud na tíre, rud a fhágann gurb é An Post an miondíoltóir is mó in Éirinn

**145,000**
Sealbhóir polasaí árachais, lena n-áirítear Polasaithe Cairr, Baile, Sochraide, Peata, Taistil agus Feirme

**23,000+**
Custaiméir nua ar bord in 2023 dár gcuntas reatha ar mhórán gnéithe



# Athbhreithniú ar Chúrsaí Miondíola



**Is muid an líonra miondíola is mó in Éirinn agus thart faoi 901 oifig poist againn i gcroílár na bpobal áitiúil ina soláthraímid raon leathan sheirbhísí ríthábhachtacha don phobal lena n-áirítear íocaíochtaí leasa shóisialaigh, postas beartán agus litreacha, seirbhísí baincéireachta pobail, airgeadra eachtrach, Coigiltis Stáit, Duaisbhannaí, cártaí bronntanais One4All, íocaíochtaí bille, iarratais ar phasanna, Ceadúnais Teilifíse, An Post Mobile, pleananna An Post Insurance do mhótarfheiticilí mar aon le hárachas tí, taistil agus peataí agus tarchur airgid Western Union chuig níos mó ná 200 tír.**

### Trádáil agus Inbhuanaitheacht Líonra 2023

Don dara bliain as a chéile, léirigh an gnó fás láidir i ndiaidh na paindéime. B'ionann an t-ioncam agus €183m, sin méadú 11% bliain ar bhliain. Chuireamar dlús lenár straitéis bhunathraithe chun líonra Oifigí Poist inbhuanaithe a chruthú trí infheistíocht a dhéanamh i dtrí réimse tosaíochta, táirgí agus seirbhísí nua, infheistíocht straitéiseach TF agus infheistíocht dhigiteach lena n-áirítear réitigh fhéinseirbhíse in oiliúint brainse agus tráchtála chun ár straitéisí fáis a bhaint amach.

### Éagsúlú Ioncaim

Tá sé ríthábhachtach go mbeimid nuálach maidir le freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí trí tháirgí agus seirbhísí nua a sholáthar chun laghdú a dhéanamh ar an meath i gcuid dár línte gnó eile. Ciallaíonn ár gcomhpháirtíocht nua chúig bliana leis an Údarás Náisiúnta Iompair gur féidir leis an bpobal Cárta LEAP TFI a cheannach nó breisiú a dhéanamh air trí 901 Oifig an Phoist agus 1,400 siopa áise atá feistithe le PostPoint ar fud na tíre, an líonra miondíola is mó in Éirinn. Is léiriú ar rath na comhpháirtíochta sin é an 2.7m idirbheart ó seoladh é. Tá ár gcion á dhéanamh againn maidir le líon na gcarranna ar na bóithre a laghdú, ag tacú le fás gréasán iompair níos inbhuanaithe in Éirinn.

Mar thoradh ar áisiúlacht na ríomhthráchtála do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí beaga a chur chun cinn le bailiúcháin agus seoladh ar ais beartán, tháinig fás 11% ar idirbhearta bliain ar bhliain. Cuireann Oifigí Poist seirbhís riachtanach ar fáil chomh maith do ghnólachtaí beaga agus iad ag méadú a ngnó ar líne trí lascainí ar lipéid bheartán agus ar phostas leis an gCárta Buntáiste.

### Fás Láidir i Seirbhísí Airgeadais

An straitéis chun ioncam a éagsúlú, chun ioncam nua a chur in ionad ioncam aibí agus chun ár dtairiscint seirbhísí airgeadais a mhéadú gar do chustaiméirí, chuaigh sé ó neart go neart in 2023, méadú 24% bliain ar bhliain. Is ionann Seirbhísí Airgeadais anois agus 57% den ioncam miondíola iomlán. D'fhorbraíomar táirgí digiteacha nua-aimseartha ar nós ár n-uirlis bhuiséadaithe AI cumhachtaithe 'Bainisteoir Airgid' atá ar fáil do gach duine in Éirinn, ní hamháin do chustaiméirí An Post Money, rud a ligeann do shaoránaigh a gcuntais reatha agus a gcártaí creidmheasa a nascadh go slán in aon áit amháin ionas gur féidir leo a gcaiteachas a rianú in aon áit amháin i bhfíor-am. Leis seo, in éineacht le neart ár líonra láidir Oifigí Poist fairsing de thart ar 900 oifig an phoist a chuireann seirbhísí baincéireachta pobail ar fáil do chustaiméirí pearsanta agus custaiméirí gnó, agus raon de tháirgí iomaíocha ar théarma seasta agus táirgí rochtain láithreach ar Choigilteas Stáit GBCN, go bhfuilimid ag freastal ar riachtanais aonair go leor cineálacha éagsúla custaiméirí ar fud na hÉireann. Agus 540 Oifig an Phoist ann nach bhfuil brainse bainc laistigh de 5km uathu, táimid bródúil as seirbhísí aistarraingthe agus lóisteála airgid a chur ar fáil do phobail agus do ghnóthais bheaga sé lá sa tseachtain, ag cinntiú rogha do na saoránaigh sin ar fearr leo airgead tirim a úsáid agus a gcuid airgid a bhainistiú. .

Mar thoradh ar ár gcomhpháirtíocht baincéireachta gníomhaireachta laethúil le AIB agus Banc na hÉireann, tháinig méadú 13% bliain ar bhliain ar idirbhearta, in ainneoin an chaillteanais a bhain le hidirbhearta Bhanc Uladh ag imeacht ó mhargadh na hÉireann, le luach iomlán €2.4bn in idirbhearta ag dul thar chuntair Oifig an Phoist in 2023.

Chuir An Post Insurance deireadh leis an mbliain le breis agus 145,000 sealbhóir polasaí, ag soláthar raon leathan táirgí amhail Árachas Cairr, Árachas Baile, Árachas Sochraide, Árachas Peataí, Árachas Taistil agus Árachas Feirme, agus iad frithghealltа ag 9 soláthraí éagsúla. In 2023 rinneadh infheistíocht shuntasach inár mbonneagar TF agus le roghnú Allianz mar sholáthraí árachais nua d'Árachas Cairr, Baile agus Veaineanna, cuireadh ar ár gcumas bogadh isteach i margadh na dtiománaithe óga in 2024. Ag deireadh na bliana, bhí rátáil iontach Trustpilot de 4.7* ag an mbranda, rud a léiríonn go fírinneach an tseirbhís agus an tiomantas leanúnach dár gcustaiméirí.

### An Post Money a Scálú

Bhí bród orainn aitheantas a fháil mar an Cárta Creidmheasa is fearr ag gradaim Bonkers.ie agus an Branda Challenger is fearr ag Dámhachtainí Gnó & Airgeadais 2023. Is iontach an rud é go bhfuil aitheantas á dtabhairt ag an margadh ar ár gcuid iarrachtaí. Ba phríomhinniúlacht do An Post Money é seoladh Money Manager, ár n-uirlis bhuiséadaithe AI cumhachtaithe ar an ardán Baincéireachta Oscailte, agus fuarthas freagairt láidir ón margadh maidir leis an táirge seo. Tá beirt as gach triúr custaiméirí de chuid Money Manager ina gcustaiméirí nua ag An Post Money. Cláraíodh os cionn 23,000 custaiméir nua in 2023 lenár gcuntas reatha lena mbaineann an-chuid gnéithe.

Leanamar mar phríomhsholáthraí na tíre d'airgid thirim Malairte Eachtraigh, mar aon lenár gCárta Taistil réamhíoctha il-airgeadra i gcomhpháirtíocht le MasterCard, ag tairiscint 16 airgeadra ar an gcárta agus bealach slán sábháilte chun airgead agus táillí idirbheart thar lear a bhainistiú.

Rinne táirgí iasachta tomhaltóra ionchais a shárú le méadú láidir eile bliain ar bhliain de 23%, ag baint amach garsprioc mhór de bhreis is €100m in iasachtaí tomhaltóra agus fás láidir agus athrú íseal i mbonn custaiméirí na gcártaí creidmheasa.

### Ní claochlú go diongbháilteacht

Tá gá leanúnach le nuálaíocht agus le hathrú agus bíonn buanseasmhacht agus cruthaitheacht ag teastáil chuige sin. Ba mhaith liom buíochas ollmhór a ghabháil leis an bhfoireann cheannaireachta shinsearach miondíola as a scil agus as a dtiomantas leanúint leis an gclár oibre um bunathrú gnó a bhrú chun cinn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na Máistrí Poist as a seirbhís phoiblí leanúnach agus as glacadh leis an gclár oibre um athrú chun a ngnólachtaí a fhás agus a chothú i gcomhthéacs tírdhreach gnó atá ag athrú de shíor.

### Ag breathnú i dtreo na todhchaí

Is é ár mbranda ár bpríomhshócmhainn doláimhsithe, a bhfuil luach aige ní hamháin do An Post ach don náisiún. Mar sin féin, ní leanfar leis an meas seo ar ár mbranda ach amháin má choinnímid ár bhfócas gan staonadh ar riachtanais ár gcustaiméirí a chomhlíonadh. Maidir leis an líonra Oifigí Poist, ciallaíonn sé seo a bheith thar a bheith úsáideach agus nuálach i gcónaí ó thaobh na dtáirgí agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil. Chomh tábhachtach céanna, ciallaíonn sé croíúlacht na seirbhíse pearsantaithe a thairiscint, fanacht gar do na pobail a bhfreastalaímid orthu ar fud na hÉireann, agus fanacht nasctha leo freisin.

I rith 2024 agus ina dhiaidh sin, leanaimid d'fhás a spreagadh inár seirbhísí airgeadais agus inár n-árachas, ag cur uirlisí simplí agus leideanna praiticiúla ar fáil do chustaiméirí ionas go mbeidh siad i ndea-bhail ó thaobh cúrsaí airgeadais de, agus líonra bríomhar, bunathraithe, inbhuanaithe á chur chun cinn ag an am céanna. Táimid ag tnúth le dul i mbun oibre leis an rialtas chun níos mó seirbhísí rialtais a chur ar fáil, ar líne agus go pearsanta, trí ghréasán náisiúnta na nOifigí Poist, agus a chinntiú go mbeidh rochtain éasca ag custaiméirí orthu agus go mbeidh gnó inbhuanaithe ag máistrí poist sa todhchaí.



**Debbie Byrne**
**Stiúrthóir Bainistíochta Miondíol An Post**
26 Márta 2024

# Príomhtháscairí Feidhmíochta

**Tugann na Stiúrthóirí agus an lucht bainistíochta aird ar réimse príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht, iad seo san áireamh:**

| PTF | Feidhmíocht in 2023 | Feidhmíocht in 2022 |
|---|---|---|
| **Toradh Oibriúcháin** | | |
| TRÚCDA roimh mhíreanna aonuaire mar chéatadán den ioncam | 4.2 % | 2.1% |
| Costais foirne mar chéatadán de na costais oibriúcháin iomlána | 59.2% | 61.2% |
| Costais máistrí poist mar chéatadán de na costais oibriúcháin iomlána | 6.2% | 6.2% |
| Costais oibriúcháin eile mar chéatadán de na costais oibriúcháin iomlána | 34.6% | 32.6% |
| **Foireann - Meán-Choibhéisí Lánaimseartha (CLA)** | | |
| Cuideachta | 9,362 | 9,469 |
| Fochuideachtaí | 644 | 635 |
| Grúpa | 10,006 | 10,104 |
| **Gnó poist agus beartán** | | |
| Ioncam ó phoist agus ó bheartáin | €631.1m | €614.4m |
| Laghdú ar líon na míreanna croílár postais | (6.1%) | (5.9%) |
| **Gnó miondíola** | | |
| Ioncam miondíola | €183.0m | €164.7m |
| Idirbhearta leasa sóisialta | 26.3m | 24.8m |
| Idirbhearta BillPay | 10.1m | 11.4m |
| Ceadúnais Teilifíse Eisithe ag An Post | 0.824m | 0.948m |
| Táirgí infheistíochta - glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh ciste | (€143.6m) | €116.1m |
| Banc Taisce An Post - glan-insreabhadh ciste | €120.9m | €347.9m |
| Duaisbhannaí - glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh ciste | (€42.7m) | €252.1m |
| **Seirbhís do Chustaiméirí** | | |
| Gearáin/fiosrúcháin i scríbhinn | 38,669 | 44,675 |
| Fiosrúcháin ar an teileafón | 916,893 | 714,728 |



# Tuarascáil ar Riosca

## Bainistíocht Riosca

Mar ghnó tráchtála, tá An Post nochta do roinnt príomhrioscaí a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar a fheidhmíocht agus ar a fhorbairt san fhadtéarma. Tá sainaithint agus bainistiú éifeachtach na rioscaí seo ríthábhachtach chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Cuid lárnach den phróiseas cinnteoireachta in An Post is ea bainistíocht riosca. Trí na rioscaí atá againn a thuiscint is féidir linn dul sa tóir ar bhuntáistí na rioscaí agus deiseanna athraithe a aithint aon uair a thagann siad chun cinn. Tá ár bpróisis agus rialuithe um bainistiú riosca deartha chun na rioscaí a bhainistiú seachas iad a dhíchur.

## Creat Bainistíochta Riosca

Tá freagracht deiridh ar Bhord An Post as rialú a dhéanamh ar gach gníomhaíocht a bhaineann le dul san fhiontar. Tá nithe suntasacha áirithe forchoimeádta go sonrach don Bhord lena gcinneadh. Tá freagracht iomlán ar an mBord freisin as a chinntiú go n-oibrímid nósanna imeachta iontaofa um bainistíocht riosca agus, ar bhonn bliantúil ar a laghad, go ndéanann an Bord measúnú ar a n-éifeachtacht. Tacaíonn Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca an Bhoird leis an mBord maidir le freagrachtaí a bhaineann le cúrsaí riosca, rialaithe agus dearbhaithe a mhaoirsiú.

Tá an lucht bainistíochta freagrach as próisis agus rialuithe láidre a chur i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú go héifeachtach. Tá POF freagrach as éifeachtacht iomlán an chreata um bainistíocht riosca ag leibhéal an Fheidhmeannais.

Tá roinnt feidhmeanna speisialaithe um bainistíocht riosca agus um dhearbhú comhlíonta i bhfeidhm a chuidíonn leis an lucht bainistíochta rioscaí sonracha le bainistiú go straitéiseach agus go laethúil. Tá siad freagrach freisin as monatóireacht neamhspleách bunaithe ar riosca chun a chinntiú go bhfuil próisis agus rialuithe cuí i bhfeidhm.

Tá feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí freagrach as dearbhú neamhspleách a sholáthar don Bhord agus don Lucht Bainistíochta Sinsearaí maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm laistigh de Ghrúpa An Post.



# Tuarascáil ar Riosca
## ar lean

### Próiseas Bainistíochta Riosca
Cé gur próiseas leanúnach dinimiciúil é bainistíocht riosca, déanann an Bord measúnú foirmiúil ar na príomhrioscaí atá roimh An Post agus déanann an Bord iad a nuashonrú dhá uair sa bhliain ar a laghad, tráth faomhadh na ráiteas airgeadais agus freisin mar chuid den phróiseas pleanála straitéisí. Tá an cur chuige comhdhéanta de mheasúnú straitéiseach ó bharr anuas ar riosca agus ar fhonn glactha riosca, lena n-áirítear measúnú ar an timpeallacht ghnó seachtrach. Déantar é sin mar aon le hathbhreithnithe riosca a dhéantar laistigh de na hAonaid Ghnó, na Feidhmeanna Corparáideacha agus Cuideachtaí an Ghrúpa. Ar bhonn leanúnach, déanaimid monatóireacht ar fhorbairtí go hinmheánach agus go seachtrach chun rioscaí ar bith atá ag teacht chun cinn a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar an ngnó a shainaithint.

### Inghlacthacht Riosca
Cinneann Bord An Post an leibhéal riosca a bhfuilimid sásta glacadh leis chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus na rialuithe a chaithfidh muid a fheidhmiú chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí a aithint agus a bhainistiú agus as cuspóirí gnó a bhaint amach ag teacht leis na rioscaí sin atá inghlactha. Athraíonn Inghlacthacht Riosca reatha An Post de réir catagóire riosca, a bhfuil mionsonraí ina leith leagtha amach thíos;




### Aithint agus Measúnú Riosca
Is próiseas leanúnach é aithint agus measúnú rioscaí aonair a chuireann an timpeallacht sheachtrach san áireamh chomh maith leis na rialuithe atá i bhfeidhm faoi láthair. Déantar gach riosca a mheas ag cur san áireamh an dóchúlacht go dtarlóidh an teagmhas agus an tionchar dóchúil dá dtarlódh an teagmhas. Cuirtear éifeachtúlacht na rialuithe coisctheacha atá ann faoi láthair san áireamh agus an dóchúlacht go dtarlóidh an teagmhas á mheas.

### Teasléaráid Déine maidir le Rioscaí




| Uimh. Riosca | Ainm Riosca | Tionchar* | Dóchúlacht* | Athrú ar Rátáil |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Inbhuanaitheacht na hOibleagáide Seirbhíse Uilechoitinne (OSU) Poist | 5 | 5 | ∧ |
| 2 | Slándáil TF lena n-áirítear Cibearionsaí (lena n-áirítear Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha) | 6 | 4 | < > |
| 3 | Struchtúr costas atá dolúbtha agus mí-éifeachtach | 6 | 4 | < > |
| 4 | Comhlíonadh Rialála ag Seirbhísí Airgeadais | 5 | 4 | ∧ |
| 5 | Riosca Teicneolaíochta, lena n-áirítear Athrú Gnó TF, Cumas Tacaíochta agus Leanúnachas (Soláthróirí Seirbhíse Seachtracha san áireamh) | 4 | 5 | < > |
| 6 | Iomaíocht agus Riachtanais Athraitheacha Custaiméirí sa Mhargadh Ríomhthráchtáil | 4 | 5 | < > |
| 7 | Geallsealbhóir - Tacaíocht Straitéiseach | 5 | 4 | < > |
| 8 | Inbhuanaitheacht agus Maoiniú Líonra Oifig an Phoist | 4 | 5 | < > |
| 9 | Rialachán AE maidir le Custaim | 5 | 4 | < > |
| 10 | Luasghéarú ar Ríomhionadú Poist Idirbheartaíochta | 4 | 5 | ∧ |
| 11 | Maoiniú le haghaidh Oibríochtaí agus Infheistíochta sa Todhchaí | 6 | 3 | ∧ |

*Tá rátálacha ó **1: Íseal** go **6: Ard.**

# Tuarascáil ar Riosca
ar lean

## Ár bPríomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí

| Uimh. Riosca | Ainm an Riosca | Cur Síos ar an Riosca | Maolú |
|---|---|---|---|
| 1 | **Inbhuanaitheacht na hOibleagáide Seirbhíse Uilechoitinne (OSU) Poist** | Amhail Oibreoirí Náisiúnta Poist eile, tá cumas teoranta ann maidir le leanúint ar aghaidh ag maoiniú an OSU Poist mar gheall ar laghdú leanúnach ar líon na bpost. | Téann An Post i dteagmháil leis an Scairshealbhóir agus leis an Rialtóir ar bhonn leanúnach chun monatóireacht a dhéanamh ar inbhuanaitheacht an OSU, ag scrúdú bearta éagsúla, lena n-áirítear méaduithe riachtanacha praghais, dea-bhainistíocht costais agus raon agus sainmhíniú an OSU. |
| 2 | **Slándáil TF agus Cibearionsaí (lena n-áirítear Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha)** | An riosca go ndéanfaí iarracht sonraí, feidhmchláir nó sócmhainní eile a ghoid, a nochtadh, a athrú, a dhíchumasú nó a scriosadh trí rochtain údaraithe nó neamhúdaraithe ar líonra, ar chóras TF nó ar fheiste digiteach. | Táimid ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú chun cibear-athléimneacht a chinntiú lena n-áirítear sainuirlisí slándála, uasghrádú córas agus oiliúint rialta maidir le cibearshlándáil agus príobháideacht sonraí. |
| 3 | **Struchtúr costas atá dolúbtha agus mí-éifeachtach** | Gné ríthábhachtach de straitéis na Cuideachta is ea a bheith ina oibreoir costéifeachtach agus mar sin tá an baol ann nach mbainfear amach an leibhéal riachtanach solúbthachta agus éifeachtúlachta inár n-oibríochtaí laistigh de na frámaí riachtanacha ama. | Leanaimid ag obair lenár gcomhpháirtithe Ceardchumann chun a chinntiú go gcuirimid na hathruithe riachtanacha i bhfeidhm chun táirgiúlacht a thiomáint chun cinn. Áirítear leis seo glacadh le teicneolaíochtaí agus modheolaíochtaí oibre níos nuaí. |
| 4 | **Comhlíonadh Rialála ag Seirbhísí Airgeadais** | Cosúil le soláthraithe rialáilte seirbhísí airgeadais eile, is dúshlán agus riosca é rialacháin an Bhainc Ceannais, rialacháin an Údaráis um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh, agus treoracha Frith-Sciúrtha Airgid agus seirbhísí íocaíochta a chomhlíonadh. | Tá Creat Comhlíonta Seirbhísí Airgeadais cuimsitheach i bhfeidhm agus tugtar tuairiscí go rialta don Bhord.<br>Tá Banc Ceannais na hÉireann páirteach agus déantar cumarsáid ar bhonn rialta leis an gcomhlacht maoirseachta Frith-Sciúrtha Airgid. |
| 5 | **Riosca Teicneolaíochta, lena n-áirítear Athrú Gnó TF, Cumas Tacaíochta agus Leanúnachas (Soláthróirí Seirbhíse Seachtracha san áireamh)** | I gcomhthéacs an ghá atá ag méadú i gcónaí le go n-éireoidh tharr barr le hathrú, is príomhdhúshlán é go ndéanfar riachtanas maidir le TF a chinntiú ar bhonn tráthúil, srianta acmhainní TF a bhainistiú agus próisis um sholáthair TF a athrú.<br>Cosúil le gnólachtaí seanbhunaithe eile tá gné de threalamh agus de bhogearraí oidhreachta níos sine ag An Post a chruthaíonn riosca um athrú agus leanúnachas. | Forbraíodh Treochlár Teicneolaíochta TF chun aghaidh a thabhairt ar shrianta oidhreachta.<br>Cuirtear acmhainní breise ar fáil de réir mar is gá.<br>Tá acmhainní agus uirlisí Bainistíochta Tionscadal TF i bhfeidhm.<br>Le trí bliana anuas tá uasghrádú suntasach déanta ar áiseanna TF agus tá an chuid eile den obair á leagan amach ar leithligh ag an mBord. |



## Ár bPríomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí ar lean

| Uimh. Riosca | Ainm an Riosca | Cur Síos ar an Riosca | Maolú |
|---|---|---|---|
| 6 | **Iomaíocht agus Riachtanais Athraitheacha Custaiméirí sa Mhargadh Ríomhthráchtáil** | Cé gur laghdaíodh an leibhéal spleáchais ar phríomhchustaiméirí aonair go suntasach, d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh don ghnó dá gcaillfí custaiméir mór Ríomhthráchtála de bharr droch-chaighdeán seirbhíse, tairiscint seirbhíse agus/nó praghas. | Oibrímid i gcónaí lenár gcustaiméirí lena chinntiú go bhfuilimid ag leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh agus ag sárú a n-ionchais maidir le seirbhís/praghas.<br>Úsáidtear acmhainní suntasacha chun athléimneacht a chinntiú maidir le cáilíocht seirbhíse a chothabháil, go háirithe le linn tréimhsí buaicéilimh. |
| 7 | **Geallsealbhóir - Tacaíocht Straitéiseach** | Tá go leor Páirtithe Leasmhara ag An Post. Cruthaíonn sé seo baol féideartha go gcuirfí moill ar príomhthionscnaimh straitéiseacha, lena n-áirítear athchóiriú OSU, rochtain ar mhaoiniú agus infheistíochtaí straitéiseacha. | Reáchtáiltear cruinnithe rialta leis na Páirtithe Leasmhara go léir chun a chinntiú go gcuirtear tionscnaimh straitéiseacha agus an réasúnaíocht taobh thiar díobh in iúl i bhfad roimh ré. |
| 8 | **Inbhuanaitheacht agus Maoiniú Líonra Oifig an Phoist** | I bhfianaise na laghduithe réamh-mheasta ar líon na Roinne Coimirce Sóisialaí, tá riosca ann go n-éireodh an líonra costais sheasta atá ann cheana féin níos neamh-inbhuanaithe agus go mbeadh gá le fóirdheontais leanúnacha agus mhéadaitheacha. | Oibriú leis an Rialtas chun deiseanna seirbhíse breise a shainaithint do chónaitheoirí ag Oifigí Poist agus leathnú ar meicníochtaí maoinithe chun Oifigí Poist neamh-inbhuanaithe a choinneáil.<br>Athrú céime a chur i bhfeidhm ar an gcultúr tráchtála sa Líon Oifigí Poist. |
| 9 | **Rialachán AE maidir le Custaim** | Rioscaí do bhranda agus do chlú An Post chomh maith le laghdú ar líon an phoist idirnáisiúnta isteach agus amach mar gheall athruithe Custaim an AE a chur i bhfeidhm go docht. | Leanaimid de bheith ag obair le custaiméirí baile agus le Riaracháin Poist agus custaiméirí lasmuigh den AE le cur ar a gcumas riachtanais athraithe Chustaim (isteach agus amach) an AE a chomhlíonadh. |
| 10 | **Luasghéarú ar Ríomhionadú Poist Idirbheartaíochta** | D'fhéadfadh laghdú suntasach a bheith ann, níos mó ná na hionchais reatha, lena n-áirítear riosca maidir le leaisteachas praghais. | Teagmháil leanúnach le príomhchustaiméirí agus tionscnaimh mhargaíochta rialta a leagann béim ar na gnéithe dearfacha a bhaineann le post a fháil. |
| 11 | **Maoiniú le haghaidh Oibríochtaí agus Infheistíochta sa Todhchaí** | Riosca nach nginfear go leor airgid ó thrádáil agus/nó teip rochtain a fháil ar airgead, chun tacú le hoibríochtaí agus le hinfheistíocht ghnó. | Bainistíocht dhian ar airgead i gcónaí. Teagmháil rialta leis an Rialtas agus le hinstitiúidí airgeadais chun giaráil airgeadais a bharrfheabhsú. |

# Achoimre ar inbhuanaitheacht

Tá i bhfad níos mó á dhéanamh ag An Post ná gealltanais a thabhairt agus pleananna a chruthú. Táimid chun tosaigh i ngnéithe éagsúla den Inbhuanaitheacht agus maidir le foghlaim agus léargais fhairsing a chomhroinnt le gnólachtaí, institiúidí agus daoine aonair in Éirinn agus thar lear.

## Seo roinnt éachtaí a rinneadh i gcaitheamh 2023:

An bhearna nialasach sa phá idir na hinscní a choinneáil don tríú bliain as a chéile

Dul chun cinn seasta a dhéanamh ar chomhionannas inscne agus ar éagsúlacht ar fud an ghnó

Dramhaíl ar bith a sheoladh chuig líonadh talún don séú bliain as a chéile

Ár gCeanncheathrú a athlonnú chuig an EXO, foirgneamh atá ina Fhoirgneamh Platanam LEED agus ina Fhoirgneamh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh de (NZEB)

Rangaíomar sa dara háit ar domhan ag Córas Tomhais agus Bainistíochta Inbhuanaitheachta de chuid na Corparáide Poist Idirnáisiúnta

Rangaíomar sa dara háit i measc na 100 Eagraíocht Éireannach is mó Cáil in Innéacs Inbhuanaitheachta RepTrak® 2023

Níos mó ná 42 MWh de leictreachas glas a sholáthar don phobal trínár luchtairí tapa EV a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu

Veaineanna VW Buzz a chur lenár bhflít leictreach in am do Bhuaicthréimhse Bheartán na Nollag.

Thart ar 6,500$m^2$ don talamh atá ar fáil dúinn a athbhunú don bhithéagsúlacht.

Bonn Airgid EcoVadis a bhaint amach

Leanúint le litearthacht airgeadais a chur chun cinn le seoladh An Post Money Manager- uirlis saor in aisce ar Aip Airgid An Post a chuireann ar chumas gach duine a gcuntais reatha agus a gcártaí creidmheasa go léir a nascadh, agus féachaint ar a gcaiteachas go léir in aon áit amháin, beag beann ar an mbanc a bhfuil siad leo

Ár bhfeachtas 'An Saol a Dhíghlasáil' a sheoladh chun feasacht a chothú ar na dúshláin léitheoireachta agus scríbhneoireachta a bhíonn le sárú ag daoine fásta agus leanaí, agus ag tacú ag an am céanna le heagraíochtaí atá tiomanta do dhul i ngleic leis na dúshláin seo ón luath-óige go haosacht

Tá Tuarascáil Inbhuanaitheachta iomlán An Post 2023 ar fáil ag: anpost.com/Sustainabilityreport2023



# **Achoimre ar inbhuanaitheacht**
ar lean

## Ag Fágáil Marc as a bhfuilimid bródúil

I mbliana bhogamar go dtí ár gceanncheathrú nua, an foirgneamh EXO ar Ché an Phoirt Thuaidh i mBaile Átha Cliath, achar gearr ó Chalafort Bhaile Átha Cliath agus an ceantar airgeadais, áit a mbíonn Éire ag trádáil agus ag déanamh idirbheartaíochta leis an gcuid eile den domhan.

**Is é foirgneamh EXO an foirgneamh oifige is airde i mBaile Átha Cliath, tógadh de réir na gcaighdeán is airde inbhuanaitheachta é, deimhnithe ag leibhéal Platanaim na Ceannaireachta i bhFuinneamh agus Dearadh Comhshaoil (LEED), agus mar Fhoirgneamh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh de (NZEB), agus baineann rátáil BER A3 leis chomh maith. Is foirgneamh lán de sholas é ina bhfuil córais inbhuanaithe uisce, aerscagtha agus dramhaíola, tá naisc iompair phoiblí iolracha aige agus tá páirceáil rothair agus áiseanna luchtaithe d'fheithiclí leictreacha le fáil ann freisin. Dearadh an gairdín dín chun tacú le folláine an lae oibre, agus tá ballaí plandaí beo, féara trá dúchasacha agus suíocháin le fáil chun fostaithe a spreagadh chun a gcuid sosanna a ghlacadh faoin aer. Bhí folláine na bhfostaithe lárnach dár ndearadh ar an EXO agus, chomh maith le spásanna comhoibríocha a sholáthar, tá roinnt spásanna folláine ar fáil don fhoireann lena n-áirítear seomra machnaimh agus seomra tuismitheoirí.**

**Thug an t-aistriú go dtí an EXO deis dúinn iniúchadh a dhéanamh an tslí is fearr chun ár dtrealamh deireadh ré agus ár n-earraí nár éilíodh a uas-athchúrsáil in oifigí Ard-Oifig an Phoist atá folamh:**

- D'oibríomar le comhlacht speisialaithe bainistíochta sócmhainní chun an fhógraíocht is fearr agus is féidir a dhéanamh ar na hearraí nach raibh ag teastáil. Bailíodh na hearraí seo saor in aisce ansin agus athdháileadh ar scoileanna, gnólachtaí agus carthanachtaí ar fud na tíre iad. Lig sé sin dúinn coigilteas carbóin agus costais sa bhreis ar 2,567 kg $CO_2$ agus €7,000 a dhéanamh go dtí seo.
- Chuamar i dteagmháil le cuideachta maidir lenár seantrealamh TF agus ár dtrealamh deireadh ré a uaschúrsáil nó a athchúrsáil, rud a d'fhág go ndearnadh breis agus 2,200 kg d'earraí leictreonacha a uaschúrsáil, agus 245 earra á n-athúsáid agus á n-athdhíol.
- Dháileamar Cupáin Choinneála bambú ar gach fostaí atá lonnaithe san EXO agus inár n-iostaí móra poist, rud a d'fhéadfadh níos mó ná 78,000 cupán aon úsáide a shábháil in aghaidh na bliana.

Le linn 2023, dhíríomar freisin ar ár n-ullmhacht a mhéadú do na ceanglais tuairiscithe sainordaitheacha nua faoi Threoir an AE um Inbhuanaitheacht Chorparáideach (CSRD). Tuairisceoidh An Post i gcomhréir le CSRD i dTuarascáil Bhliantúil 2025.





# An Bord Stiúrthóirí



## Carol Bolger

**Ceaptha** ar an 11 Bealtaine 11 2017 agus ina Cathaoirleach ar an 10 Iúil 2021.

Is Stiúrthóir Cairte agus Measúnóir í Carol Bolger le seirbhís Meastóireachta Boird Institiúid Stiúrthóirí Éireann. Is Stiúrthóir Bainc Deimhnithe í Carol agus tá cáilíochtaí aici san Airgeadas agus sa Straitéis agus Nuálaíocht. Is Cóitseálaí Feidhmeannach í freisin atá creidiúnaithe ag Comhairle Meantóireachta agus Cóitseála na hEorpa. Is Comhalta agus iarchomhalta Comhairle í den Institiúid Baincéireachta. Is Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin ar Bhord BCM Global ASI Ltd í agus tá sí ina Cathaoirleach ar Choiste Iniúchta na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bhí róil shinsearacha aici roimhe seo i mBanc na hÉireann agus i mBanc Uladh. Tá sí ina Pátrún ar Chapter Zero Ireland, pobal Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin atá i gceannas ar phlé seomra boird na hÉireann maidir le tionchair an athraithe aeráide.



## Frank Burke

**Ceaptha** ar an 1 Samhain, 2020.

Thosaigh Frank Burke ag obair le An Post mar Fhear an Poist Sóisearach i Meán Fómhair 1976 agus tá sé ina Bhainisteoir Limistéir Próiseála in Ionad Poist Bhaile Átha Cliath faoi láthair.

Tá Frank ina Rúnaí Craoibhe ar Bhrainse Bhainisteoirí Poist Bhaile Átha Cliath CWU agus ina bhall den Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta faoi láthair. Tá teastas bainte amach aige i Staidéar Ceardchumainn agus Gnó ón gColáiste Náisiúnta Caidrimh Thionsclaíoch. Tá sé ina Rúnaí Oinigh ar Bhrainse Bhainisteoirí Post Bhaile Átha Cliath faoi láthair.



## Peter Coyne

**Ceaptha** don dara téarma ar an 31 Deireadh Fómhair, 2023

Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin a bhfuil taithí aige é Peter Coyne a bhfuil saineolas aige ar ról chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca thar raon leathan d'eintitis rialaithe de Bhanc Ceannais na hÉireann. Is Cuntasóir Cairte é a bhfuil taithí breis is 20 bliain aige ag tabhairt comhairle do chomhlachtaí agus do bhoird. Tá sé ina Phríomhoide le Diamond Splash Ltd. faoi láthair é agus bhí poist shinsearacha aige roimhe seo le Vision Consulting Ltd, AIB Corporate Finance Ltd agus Arthur Andersen and Co. Is iar-Chathaoirleach é ar Ark Life Assurance Company agus chaith sé tamall ina Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin le Trinity Biotech roimhe sin.



## Barry Gavin

**Ceaptha** ar an 12 Bealtaine, 2022

Is léachtóir cúnta é Barry Gavin i Scoil Chéimithe Gnó Michael Smurfit COBÁC, áit a dtugann sé léachtaí maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe agus Airgeadas Fuinnimh In-athnuaite. Tá sé ina chomhalta de bhoird aonán agus cistí infheistíochta i róil éagsúla.

Tá taithí os cionn 20 bliain ag Barry ar róil ardbhainistíochta agus ar Bhoird i réimse na hInbhuanaitheachta agus na hAthraithe Aeráide. Is Comhalta é d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta (FCMA), is céimí de OCBÁC (BA & MBA) é, ball d'Institiúid na Stiúrthóirí (Dip IoD) agus céimí de Scoil Ghnó Saïd, Clár na bPríomhchorparáidí Inbhuanaithe.



## Helen Kelly

**Ceaptha** ar an 12 Bealtaine, 2022

Is Abhcóide Sinsearach í Helen Kelly. Is dlíodóir í Helen a bhfuil taithí agus saineolas aici ar dhlí agus ar rialáil iomaíochta an AE agus na hÉireann. Tá níos mó ná 25 bliain taithí aici ag tabhairt comhairle ar shaincheisteanna casta iomaíochta agus rialála.

Roimhe sin, bhí Helen ina comhpháirtí sinsearach ag Matheson, áit a raibh sí i gceannas ar chleachtas Iomaíochta agus Rialála an AE ar feadh 21 bliain. Is céimí dlí í de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (LL.B) agus Scoil na hEacnamaíochta, Londain (LLM).



## Matthew Kennedy

**Ceaptha** ar an 3 Márta, 2023

Is é an Dr. Matthew Kennedy Ceannaire Domhanda Arup do Sheirbhísí Straitéise Aeráide agus is é Ceannaire Forbartha Inbhuanaithe an Réigiúin Eorpaigh é chomh maith. Tá taithí 25 bliain ag Matthew ag seachadadh tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le carbón, athrú aeráide agus forbairt inbhuanaithe ar fud an rialtais, an tionscail agus an tsaoil acadúil. Bhí Matthew ina Phríomh-Idirbheartaí don Aontas Eorpach ag caibidlíocht Chomhaontú Pháras na NA (COP21) agus roimhe sin, bhí sé ina Chathaoirleach ar Ionad Teicneolaíochta Aeráide an UNEP.

Tá PhD san Innealtóireacht bainte amach Matthew ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar aon le céimeanna Máistreachta ó OÉ Gaillimh agus ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is gairmí Inbhuanaitheachta Cairte é le IEMA.



## Sinéad Mahon

**Ceaptha** ar an 12 Bealtaine, 2022

I measc shainréimsí Sinéad Mahon, tá claochlú straitéiseach, rialachas, cultúr, bainistíocht riosca agus iompair. Bhí róil shinsearacha aici lena n-áirítear Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Oibriúcháin agus Príomhoifigeach Airgeadais i ngrúpaí rialaithe baincéireachta agus gnólachtaí infheistíochta éagsúla in Éirinn agus san Eoraip.

Tá céim Bhaitsiléara Tráchtála ag Sinéad ó Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, is Comhalta í de Chuntasóirí Cairte Éireann, bhain sí MBA céadonóracha amach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, mar aon le Dioplóma i dTreoir Cuideachta, agus is Stiúrthóir Banc Deimhnithe í. Tá sí ina cathaoirleach ar Fhóram IED ag Comhairle Chónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann.



## Anthony McCrave

**Ceaptha** ar an 1 Samhain, 2020

Thosaigh Anthony McCrave ag obair le An Post mar Oibrí Poist i Márta 1999. In 2001, d'aistrigh sé go dualgais líonra, ag tiomáint go hionaid poist Bhaile Átha Cliath agus Phort Laoise agus tá sé ag obair faoi láthair in Aonad Seirbhísí Seachadta Dhún Dealgan mar Oibrí Poist ag clúdach dualgas líonra chuig Ionad Poist Bhaile Átha Cliath.

Bhí Anthony ina bhall gníomhach de Cheardchumann na nOibrithe Cumarsáide ag an leibhéal áitiúil agus tá sé ina Rúnaí Craoibhe ó 2007 i leith. Tá sé ina bhall den Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta ó 2012 agus feidhmíonn sé ar an iliomad comhghrúpaí oibre.

# An Bord Stiúrthóirí



## Pádraig McNamara

**Ceaptha** don dara téarma an 1 Eanáir, 2022

Is é Pádraig McNamara Stiúrthóir na Máistrí Poist. Is é Pádraig an Máistir Poist i nGránard, Co. an Longfoirt. Tá sé ina Mháistir Poist i nGránard le breis agus 20 bliain agus ina bhall d'Fheidhmeannas Chumann Máistrí Poist na hÉireann agus chaith sé tréimhse ina Leas-Uachtarán.



## David McRedmond Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Ceapadh** David McRedmond ina POF ar An Post i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Bhí sé ina POF ar TV3 roimhe sin. Rinne sé mórchraoltóir Éireannach den chuideachta agus díoladh í le Liberty Global i mí na Nollag 2015. Roimh TV3, bhí David ina Stiúrthóir Tráchtála ar Eircom agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Eircom Enterprises. Ina shaol oibre luath bhí sé ina fheidhmeannach i dtionscal an mhiondíola sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá áit a raibh róil shinsearacha aige, cuir i gcás Stiúrthóir Oibríochtaí ar Waterstones, Stiúrthóir Bainistíochta ar WH Smith Travel Retail agus POF ar WH Smith Inc. Bhain sé céim mháistreachta amach i Nua-Stair na hÉireann ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. Chuir sé an Clár Ardbhainistíochta ag Oifig na Comh-Aireachta, an RA agus an tArd-Chlár Bainistíochta ag INSEAD i gcrích chomh maith. Tá sé ina Chathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin ar Eir, agus bhí sé ina comhalta de Chumann Ríoga na nEalaíon.



## William Mooney

**Ceaptha** don tríú téarma ar an 1 Samhain 2020

Tá William Mooney ag obair sa tseirbhís poist ó 1982 agus tá sé fostaithe faoi láthair mar Chléireach in Oifig an Phoist. Tá sé ina Stiúrthóir ar The Prize Bond Company DAC, comhfhiontar idir An Post agus Fexco. Tá sé ina bhall de Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta an CWU faoi láthair, agus chaith sé tamall ina uachtarán ar an eagraíocht sin. Tá sé ina Chathaoirleach ar Bhrainse Chléirigh Poist Bhaile Átha Cliath. Is céimí é de Choláiste Náisiúnta na hÉireann, áit a ndearna sé staidéar ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna agus ar Chaidreamh idir Fostóirí agus Fostaithe.



## Kieran Mulvey

**Ceaptha** ar an 16 Meán Fómhair, 2019

Bhí Kieran Mulvey ina Phríomhfheidhmeannach ar an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais ó 1991 go dtí 2016 agus ina Ard-Stiúrthóir ar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre go dtí Meitheamh 2016. Thug Kieran seirbhís ar go leor Boird Ollscoile agus ar Chomhlachtaí/ Gníomhaireachtaí Rialtais éagsúla. Is céimí de chuid COBÁC é Kieran agus bhain sé cáilíochtaí iarchéime amach san Oideachas agus sa Dlí. Is comhalta é d'Institiúid Oideachais na hAlban agus tá Dochtúireacht Oinigh bainte amach aige sa Dlí ó Ollscoil na hÉireann agus ó COBÁC. Is Comhalta Oinigh é de Chumann an Dlí Fostaíochta. Bronnadh an chéad Chomhaltacht Oinigh den CIPD air le déanaí



## Martina O'Connell

**Ceapadh** í don tríú téarma ar 1 Samhain, 2020

Thosaigh Martina O'Connell ag obair le An Post in 1993 mar Bhean Phoist Chúnta agus tá sí ag obair faoi láthair mar Oibrí Poist in Oifig Seachadta Chathair Chorcaí Theas. Bhí sí ina hUachtarán ar an CWU roimhe seo. Tá Martina ag feidhmiú mar bhall gníomhach den Cheardchumann ón am a thosaigh sí ag obair leis an gcuideachta. Tá sí ina ball de Chomhairle an Fheidhmeannais Náisiúnta ó 2002 agus is comhalta í de roinnt fochoistí chomh maith.



## Mary O'Donovan

**Ceaptha** í ar an 31 Deireadh Fómhair, 2018

Is Stiúrthóir Cairte í Mary O'Donovan a bhfuil taithí fhairsing bhoird aici. Tá sí ina comhalta Boird den Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe agus ina Ball Boird de Bhonneagar Iompair Éireann faoi láthair.

Tá taithí forleathan aici ag an leibhéal sinsearach in oibríochtaí, i gcórais agus bainistíocht ghinearálta agus bhí róil shinsearacha aici sna hearnálacha Teileachumarsáide agus BPO. Tá B.E Elec bainte amach ag Mary ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, chomh maith le M.B.A ó OÉ Gaillimh.



## Gerry Sexton

**Ceaptha** ar an 1 Samhain, 2020

Thosaigh Gerry Sexton ag obair le An Post i mí Mheán Fómhair 1984 mar Fhear an Phoist. Tá Gerry lonnaithe in Aonad Seirbhíse Seachadta Bhaile Átha Cliath 8 faoi láthair.

Tá sé ina ghníomhaí de chuid an CWU le breis agus 30 bliain, agus d'oibrigh sé in go leor ról.

In 2011, toghadh Gerry mar Leas-Chathaoirleach ar Bhrainse Seachadadh Poist Bhaile Átha Cliath agus in 2014 toghadh é ina Chisteoir Brainse, ról atá fós á chomhlíonadh aige. Tá Gerry ina bhall de Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta an CWU ó 2016 i leith.

# Bord Bainistíochta



## David McRedmond

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**



## Garrett Bridgeman

**Stiúrthóir Bainistíochta An Post Commerce**



## Paula Butler

**Príomhoifigeach Riaracháin & Rúnaí na Cuideachta**



## Debbie Byrne

**Stiúrthóir Bainistíochta - An Post Retail**



## Des Morley

**Príomhoifigeach Digiteachta & Teicneolaíochta**



## Eleanor Nash

**Príomhoifigeach Foirne**



## Peter Quinn

**An Príomhoifigeach Airgeadais**



## Nicola Woods

**Príomhoifigeach Claochlúcháin**



# Tuarascáil ar Rialachas Corparáideach

### 1. An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Comhlíonann an Chuideachta an Cód agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm aici lena chinntiú go gcomhlíonfar an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2023.

### 2. Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sna Téarmaí Tagartha don Bhord. Tá sceideal nithe ag an gCuideachta a choinnítear siar go sonrach lena gcinneadh ag an mBord. Ar na nithe seasta a bhreithníonn an Bord tá dearbhú leasa, tuarascálacha ó choistí, tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta, tuarascálacha feidhmíochta agus ábhair fhorchoimeádta.

Chomh maith le bheith freagrach as an gCuideachta ag coinneáil taifid chuntasaíochta leordhóthanacha, mar a éilítear le hAcht na gCuideachtaí 2014, ceanglaíonn Alt 32 den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide 1983 ("an tAcht") ar an mBord gach cuntas ceart agus gnách ar an airgead a fuair sé agus a chaith sé a choinneáil i bhformáid is cuí leis an Aire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ag an mBord, ceanglaítear air:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfar den oibríocht; agus
- a dhearbhú cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha atá nochta agus mínithe sna Ráitis Airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil a insíonn, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 den Acht. Is ar an mBord a thiteann an fhreagracht as ardchaighdeán na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin An Post agus as an bhfaisnéis sin a choinneáil cothrom le dáta. Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Déantar feidhmíocht An Post i bhfianaise an phlean bhliantúil agus an bhuiséid bhliantúil a mheas ag gach cruinniú Boird. Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíreannach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais An Post amhail an 31 Nollaig 2023.

### 3. Struchtúr an Bhoird

Is é an Bord Stiúrthóirí a rialaíonn an Grúpa. Is iad príomhróil an Bhoird maoirsiú a dhéanamh ar oibriúchán an Ghrúpa, ceannaireacht a sholáthar, cuspóirí straitéiseacha a fhaomhadh agus a chinntiú go gcuirtear na hacmhainní airgeadais agus eile atá riachtanach ar fáil ionas gur féidir na cuspóirí sin a bhaint amach. Fágtar ábhair áirithe go sonrach faoin mBord chun cinneadh a dhéanamh ina leith.

Áirítear ar na freagrachtaí sonracha a fhágtar faoin mBord:

- straitéis an Ghrúpa a shocrú agus buiséad bliantúil agus réamh-mheastacháin mheántéarmacha a fhaomhadh;
- feidhmíocht oibriúcháin agus feidhmíocht airgeadais a athbhreithniú; mórchaiteachas caipitil a fhaomhadh;
- córais rialaithe airgeadais agus bainistithe rioscaí an Ghrúpa a athbhreithniú;
- a chinntiú go bhfuil pleananna forbartha bainistíochta agus pleananna comharbais iomchuí ann;
- feidhmíocht chomhshaoil, sláinte agus sábháilteachta an Ghrúpa a athbhreithniú;
- ceapachán Rúnaí na Cuideachta a fhaomhadh; agus
- a chinntiú go mbíonn idirphlé sásúil á dhéanamh leis na scairshealbhóirí.

Tá na freagrachtaí seo a leanas tarmligthe ag an mBord chuig an mbainistíocht:

- pleananna straitéiseacha, atá le breithniú ag an mBord, a léiríonn cuspóirí agus tosaíochtaí níos fadtéarmaí arna mbunú ag an mBord a fhorbairt agus a mholadh;
- straitéisí agus beartais an Ghrúpa, arna gcinneadh ag an mBord, a chur i bhfeidhm;
- monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí oibriúcháin agus airgeadais in aghaidh pleananna agus buiséad;
- leithdháileadh acmhainní teicniúla agus acmhainní daonna a chur in ord tosaíochta; agus
- córais bainistithe rioscaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

# Tuarascáil ar Rialachas Corparáideach
ar lean

### 4. Comhaltaí an Bhoird
Tá 15 Stiúrthóir ar an mBord, lena n-áirítear an Cathaoirleach, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, cúigear Stiúrthóirí ar fostaithe iad, Stiúrthóir amháin ar máistir poist é agus seachtar Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. I gcás gach comhalta reatha, tugtar an t-eolas sa tábla thíos maidir leis an dáta is déanaí ar cheap an tAire é/í agus tréimhse an cheapacháin sin:

| Comhalta Boird | Ról | An dáta ar cheap an tAire é/í | Téarma |
|---|---|---|---|
| Carol Bolger | Cathaoirleach | 20 Iúil 2021 (Dáta ceaptha mar Chathaoirleach; dara téarma mar Stiúrthóir) | 5 bliana |
| Frank Burke | Stiúrthóir ar fostaí é | 01 Samhain 2020 | 4 bliana |
| Peter Coyne | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 31 Deireadh Fómhair 2023 (2ú téarma) | 3 bliana |
| Barry Gavin | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 12 Bealtaine 2022 | 5 bliana |
| Helen Kelly | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 12 Bealtaine 2022 | 5 bliana |
| Matthew Kennedy | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 03 Márta 2023 | 5 bliana |
| Sinead Mahon | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 12 Bealtaine 2022 | 5 bliana |
| Anthony McCrave | Stiúrthóir ar fostaí é | 01 Samhain 2020 | 4 bliana |
| Padraig McNamara | Stiúrthóir ar máistir poist é | 01 Eanáir 2022 (2ú téarma) | 3 bliana |
| David McRedmond | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 03 Deireadh Fómhair 2023 (2ú téarma) | 3 bliana |
| William Mooney | Stiúrthóir ar fostaí é | 01 Samhain 2020 (3ú téarma) | 4 bliana |
| Kieran Mulvey | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 16 Meán Fómhair 2019 | 5 bliana |
| Martina O'Connell | Stiúrthóir ar fostaí é | 01 Samhain 2020 (3ú téarma) | 4 bliana |
| Mary O'Donovan | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 31 Meán Fómhair 2023 (2ú téarma) | 3 bliana |
| Gerry Sexton | Stiúrthóir ar fostaí é | 01 Samhain 2020 | 4 bliana |

Is é an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a cheapann na Stiúrthóirí go léir ar an mBord agus leagtar amach a gcoinníollacha ceapacháin agus a dtáillí i scríbhinn. Críochnaíonn na Stiúrthóirí próiseas rialachais feidhmiúlachta agus cuibhis a chomhlíonann riachtanais Bhanc Ceannais na hÉireann.

Toghtar fostaithe mar Stiúrthóirí de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go dtí 1993 ar feadh téarma ceithre bliana. Toghtar máistir poist mar Stiúrthóir de réir Alt 81 den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983 ar feadh téarma trí bliana. Ceaptar na Stiúrthóirí eile ar fad ar feadh téarma seasta.

### 5. Mórathruithe ó thaobh Pearsanra
Scoirfidh Carol Bolger as a ról mar Chathaoirleach ag deireadh mhí an Mhárta 2024. Rinne an tAire David McRedmond, Peter Coyne agus Mary O'Donovan a cheapadh don dara téarma le linn 2023 agus rachaidh Peter Coyne agus Mary O'Donovan ar scor i mí Aibreáin 2024, tar éis dóibh beirt nach mór 6 bliana a chaitheamh ar an mbord. Mar gheall ar a stádas dleathach mar Chuideachta Stáit agus freagracht a phríomh-scairshealbhóra ó thaobh ceapadh Stiúrthóirí de, creideann an Bord go bhfuil na hoibleagáidí ar fad a éilítear maidir le ceapadh Stiúrthóirí comhlíonta aige.

### 6. Oiliúint Ionduchtúcháin agus Oiliúint Leanúnach
Nuair a cheaptar Stiúrthóirí nua, glacann siad uile páirt i gclár ionduchtaithe ina bhfaigheann siad faisnéis faoin nGrúpa, faoi ról an Bhoird agus faoi na hábhair a fhágtar faoin mBord le cinneadh, faoi théarmaí tagartha agus faoi chomhaltas an Bhoird agus phríomh-Choistí an Bhoird, faoi chleachtais agus nósanna imeachta rialachas corparáideach an Ghrúpa, lena n-áirítear na freagrachtaí a tharmligtear chuig bainistíocht shinsearach an Ghrúpa, agus an fhaisnéis airgeadais is déanaí maidir faoin nGrúpa. Bíonn cruinnithe acu freisin le feidhmeannaigh shinsearacha thábhachtacha. Bíonn na Stiúrthóirí á dtabhairt cothrom le dáta go leanúnach trí nótaí mionteagaisc i scríbhinn agus trí chruinnithe le feidhmeannaigh shinsearacha, le linn a dtréimhse i seilbh oifige, maidir le gnó an Ghrúpa, na timpeallachtaí iomaíocha agus rialaithe ina bhfeidhmíonn sé, cúrsaí a bhaineann le freagracht chorparáideach shóisialach agus athruithe eile a mbeidh tionchar acu ar an nGrúpa agus ar an tionscal poist ina iomláine. Nuair a cheaptar Stiúrthóirí, cuirtear ar an eolas iad freisin, i scríbhinn agus i gcruinnithe le Rúnaí na Cuideachta, maidir lena bhfreagrachtaí agus lena n-oibleagáidí ó thaobh an dlí agus eile agus iad ina Stiúrthóirí. Tugadh cothrom le dáta iad ar athruithe maidir le riachtanais dlí agus rialachas an Ghrúpa agus orthu féin mar Stiúrthóirí. Tá rochtain ag gach Stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta.

### 7. Ról an Chathaoirligh agus Ról Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa
Ní hionann an Cathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) an Ghrúpa. Is é an Cathaoirleach a stiúrann an Bord lena straitéis a chinneadh agus lena chuspóirí a bhaint amach. Tá an Cathaoirleach freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, as éifeachtacht an Bhoird a chinntiú agus as clár oibre an Bhoird a leagan amach.

Éascaíonn an Cathaoirleach obair éifeachtach gach Stiúrthóra agus caidreamh úsáideach idir an Stiúrthóir feidhmeannach agus na Stiúrthóirí eile, cinntíonn sé go bhfaigheann Stiúrthóirí faisnéis ábhartha chruinn agus thráthúil agus bainistíonn sé cumarsáid éifeachtach le scairshealbhóirí.

Tá CEO i gceannas an Ghrúpa go díreach, ó lá go lá, agus tá sé freagrach as feidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin an Ghrúpa.

Bíonn cumarsáid leanúnach faoi shaincheisteanna straitéiseacha ag an mBord, tríd an gCathaoirleach agus tríd an mbainistíocht, le scairshealbhóirí na Cuideachta. Tugann an Cathaoirleach agus an POF aiseolas don Bhord ar shaincheisteanna arna dtarraingt anuas ag na scairshealbhóirí. Tugtar cuireadh do na Stiúrthóirí freastal ar an gCruinniú Cinn Bhliana agus tugtar cuireadh do scairshealbhóirí ceisteanna a chur le linn an chruinnithe.

Tá nósanna imeachta foirmiúla ag an mBord faoina dtionóltar cruinnithe idir an Cathaoirleach agus na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin gan an CEO a bheith i láthair.

### 8. Neamhspleáchas na Stiúrthóirí
Tá sé de cheart ag na Stiúrthóirí a chinntiú go ndéantar taifead i miontuairiscí an Bhoird ar aon ábhar imní neamhréitithe a bheadh acu maidir le feidhmiú an Ghrúpa nó faoi ghníomh áirithe ar bith. Má bhíonn aon ábhar imní den sórt sin acu, féadfaidh siad, agus iad ag éirí as a bpost, ráiteas i scríbhinn a sholáthar don Chathaoirleach, le dáileadh ar an mBord. Is féidir le Stiúrthóirí rochtain a fháil ar chomhairle ghairmiúil neamhspleách ar chostas an Ghrúpa nuair a mheasann siad go bhfuil sé riachtanach lena bhfreagrachtaí mar Stiúrthóirí a chomhlíonadh.

### 9. Meastóireacht Feidhmíochta
Tá próiseas foirmiúil glactha agus á fheidhmiú ag an mBord don mheastóireacht ar a fheidhmíocht féin agus ar a bpríomh-Choistí. Áirítear leis sin meastóireacht feidhmíochta sheachtrach tréimhsiúil, a tharla le linn 2023. Creideann an Bord go mbeadh sé mí-oiriúnach aon mheastóireacht bhreise eile a thabhairt isteach ar Stiúrthóirí aonaracha mar gheall ar an gcaoi a gceaptar Stiúrthóirí, ar an struchtúr scairsheilbhe agus ar nósanna imeachta reatha an Bhoird.

# Tuarascáil ar Rialachas Corparáideach
ar lean

## 10. Coistí Boird

Tá na coistí seo a leanas bunaithe ag an mBord:

1. Tá ceathrar comhaltaí Boird ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR). Tá taithí ábhartha iniúchóireachta agus chuntasaíochta ag comhaltaí an CIR chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Faoina théarmaí tagartha, is ann don Choiste chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh ach monatóireacht a dhéanamh ar:
   - An próiseas tuairiscithe airgeadais;
   - Éifeachtach chóras rialaithe inmheánaigh na Cuideachta mar aon le hiniúchadh inmheánach agus bainistíocht riosca;
   - Iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais reachtúla na Cuideachta, agus cuntais rialála na cuideachta;
   - Cé chomh héifeachtach agus atá próiseas an iniúchta sheachtraigh agus moltaí a dhéanamh chuig an mBord i ndáil le hiniúchóirí seachtracha a cheapadh, a athcheapadh agus leis an luach saothair a thabharfar dóibh. Tá sé freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar caidreamh cuí idir an Grúpa agus an t-iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar tháillí nach seirbhísí ná táillí iniúchóireachta iad; agus
   - Athbhreithniú agus monatóireacht ar neamhspleáchas an iniúchóra reachtúil agus go háirithe seirbhísí breise a sholáthar do An Post.

   Ar mhaithe le neamhspleáchas an iniúchóra sheachtraigh a choinneáil, tá beartais dheimhnithe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi na seirbhísí iniúchta agus neamh-iniúchta is féidir le hiniúchóirí seachtracha an Ghrúpa a sholáthar agus faoin bpróiseas faofa a bhaineann leis na seirbhísí sin. Faoi na beartais sin, ní bheidh obair ar obair chomhairleach í á tairiscint d'iniúchóir seachtrach mura mbeidh éifeachtúlachtaí soiléire agus sochair bhreisluacha don Ghrúpa ag baint leis, agus go gcinntítear go gcoinnítear oibiachtúlacht agus neamhspleáchas an iniúchóra sheachtraigh. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Peter Coyne (Cathaoirleach CIR), Mary O'Donovan, Uasal Helen Kelly agus Barry Gavin. Bhí Sinéad Mahon ina comhalta freisin ar feadh tamaill le linn 2023. Bhí ocht gcruinniú ag an CIR in 2023.

2. Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste um Luach Saothair. Feidhmíonn an Coiste thar ceann an Bhoird agus glacann siad gach cinneadh maidir le beartas i dtaca le luach saothair, sochair, moltaí tríú páirtí agus saincheisteanna gaolmhara. Is iad baill an Choiste seo ná Carol Bolger(Cathaoirleach), David McRedmond agus Kieran Mulvey. Fanann an POF as láthair nuair a phléitear ábhar a bhaineann lena luach saothair féin. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire in 2023.

3. Tá triúr comhalta Boird ar an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta agus Slándála ('HSSC'). Is iad na príomhfhreagrachtaí atá ar an gCoiste ná monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht Chórais Bainistíochta Sábháilteachta agus Slándála na Cuideachta, é féin a shásamh maidir le comhlíonadh reachtaíocht agus rialacháin infheidhme sábháilteachta agus slándála na Cuideachta, agus a chinntiú go laghdaítear teagmhais a mhéid is indéanta le réasún. Déanann an Coiste monatóireacht freisin ar fhorbairt, ar chur i bhfeidhm agus ar fheabhsú leanúnach na straitéisí, na gcóras bainistíochta agus na bpróiseas chun a chinntiú go bhfuil rialacháin agus nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm maidir le sláinte agus sábháilteacht agus le slándáil (pleanáil phráinnfhreagartha san áireamh). Is iad baill an Choiste seo Kieran Mulvey (Cathaoirleach), Martina O'Connell agus Frank Burke. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste in 2023.

4. Cuireadh leis an gCoiste Straitéise in 2023 agus tá seachtar comhalta Boird air anois. Is iad téarmaí tagartha an Choiste saincheisteanna straitéiseacha a bhreithniú agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird ina leith, lena n-áirítear an plean straitéiseach a mholadh don Bhord lena ghlacadh. Ina theannta sin, déanann an Coiste monatóireacht ar an tslí a gcuireann lucht bainistíochta an plean straitéiseach aontaithe i bhfeidhm, agus moltar gníomhartha ceartúcháin nó tosaíocht a thabhairt do ghnéithe den phlean, más gá, le linn shaolré an phlean. Is iad baill an Choiste seo ná Carol Bolger (Cathaoirleach), David McRedmond, Peter Coyne, Helen Kelly, Sinéad Mahon, Matthew Kennedy agus Kieran Mulvey. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2023.

5. Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste Ainmniúcháin. Feidhmíonn an Coiste thar ceann an Bhoird chun cabhrú leis an bpróiseas chun comhaltaí nua an bhoird a roghnú agus a ionduchtú, agus leis an bpróiseas roghnúcháin agus ceapacháin do phoist POF agus Rúnaí Cuideachta laistigh den Chuideachta. Is iad baill an Choiste seo ná Carol Bolger (Cathaoirleach), Ciarán Mulvey agus Barry Gavin. Reáchtáladh sé chruinniú den Choiste in 2023.

## 11. Sceideal Tinrimh agus Táillí

**Leagtar amach thíos sceideal maidir le freastal ag na cruinnithe Boird le linn 2023 agus cuirtear na táillí agus speansais a fuair gach comhalta san áireamh ann.**

| | Bord | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | An Coiste um Luach Saothair | Coiste Sláinte & Sábháilteacht & Slándáil | An Coiste Straitéise | An Coiste Ainmniúchán | Táillí 2022 €'000 | Táillí 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe i gcaitheamh na bliana** | **7** | **8** | **3** | **4** | **5** | **6** | | |
| **Comhalta** | | | | | | | | |
| Carol Bolger | 7/7 | | 3/3 | | 5/5 | 6/6 | 32 | 32 |
| Frank Burke | 7/7 | | | 4/4 | | | 16 | 16 |
| Peter Coyne | 6/7 | 8/8 | | | 4/5 | | 16 | 16 |
| Barry Gavin | 6/7 | 8/8 | | | | 6/6 | 9 | 16 |
| Helen Kelly | 7/7 | 8/8 | | | 5/5 | | 9 | 16 |
| Matthew Kennedy | 4/4 | | | | 2/3 | | - | 13 |
| Sinead Mahon | 7/7 | 3/3 | | | 4/5 | | 9 | 16 |
| Anthony McCrave | 7/7 | | | | | | 16 | 16 |
| Padraig McNamara | 6/7 | | | | | | 16 | 16 |
| David McRedmond | 7/7 | | 3/3 | | 5/5 | | - | - |
| William Mooney | 6/7 | | | | | | 16 | 16 |
| Kieran Mulvey | 5/7 | | 3/3 | 4/4 | 3/5 | 6/6 | 16 | 16 |
| Martina O'Connell | 6/7 | | | 3/4 | | | 16 | 16 |
| Mary O'Donovan | 6/7 | 8/8 | | | | | 16 | 16 |
| Gerry Sexton | 5/7 | | | | | | 16 | 16 |

Tá liosta sa tábla ar líon na gcruinnithe ar fhreastail gach comhalta boird orthu agus an líon a raibh siad i dteideal freastal orthu. B'ionann táillí iomlána na Stiúrthóirí don bhliain 2023 agus €237k (2022: €218K) mar atá leagtha amach i Nóta 9, leathanach 68. B'ionann na speansais a íocadh le Stiúrthóirí in 2023 agus €8k (2022: €2k).

# Tuarascáil ar Rialachas Corparáideach
ar lean

## 12. Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

### Raon Freagrachta

Tá Bord An Post freagrach as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach á choimeád agus á fheidhmiú. Is cuid den fhreagracht sin riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú sa chaoi is go mbeifear in ann é a sheasamh, seachas deireadh ar fad a chur leis. Ní féidir leis an gcóras dá bhrí sin ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in An Post don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

### Acmhainn chun riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag An Post ar a bhfuil comhaltaí Boird a bhfuil taithí airgeadais agus iniúchóireachta acu. Is duine acu an Cathaoirleach. Tháinig an CIR le chéile ocht n-uaire in 2023.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag An Post freisin. Tugtar a dóthain acmhainní don fheidhm seo agus cuireann sí clár oibre i gcrích a chomhaontaítear leis an CIR.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an CIR a leagann amach an inghlacthacht riosca agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn róil agus freagrachtaí na foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh siad ag obair taobh istigh de bheartais bainistíochta riosca An Post, ag cur na bainistíochta ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí sa rialú, agus ag glacadh freagrachta as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag An Post a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh An Post. Sainaithníodh iad sin, rinneadh meastóireacht orthu agus grádaíodh iad de réir a suntasachta. Déanann an CIR athbhreithniú ar an gclár agus tugann siad cothrom le dáta é uair gach sé mhí. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go sásúil.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibríochtaí a shanntar ar bhaill foirne ar leith.

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe, lena mbaineann na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm:

- doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó;
- tá socruithe airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta, chomh maith le cuntasacht chomhréire;
- tá córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht sinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta;
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú; agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis um rialú agus cuirtear easnaimh ar an rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord, más ábhartha, go tráthúil.

Dearbhaímid go bhfuil na córais um monatóireacht leanúnach seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú;
- táthar tar éis socruithe tuairiscithe a bhunú ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais; agus
- déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht agus tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

### Soláthar

Tá beartais dhoiciméadaithe i bhfeidhm i dtaca le soláthar. Tá na beartais sin ar aon dul le treoirlínte ón Aontas Eorpach agus ó rialtas na hÉireann. Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh na dtreoirlínte sin ó cheann ceann na bliana.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag An Post chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a mhaoirsíonn a gcuid oibre, agus an ardbhainistíocht taobh istigh de An Post atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú An Post ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

### Saincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon laigí ar rialú inmheánach i ndáil le 2023 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## 13. Ábhar Imní a Thabhairt ar Aird

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGrúpa a chinntíonn go mbíonn socruithe oiriúnacha ann ionas go mbeidh fostaithe in ann cúrsaí a d'fhéadfadh a bheith míchuí a thabhairt ar aird faoi rún, agus go mbeadh gníomh leanúna cuí ann chun déileáil leo ina dhiaidh sin, athbhreithniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca san áireamh. Cruthaíodh slite a chuirfidh ar chumas daoine éagóir a bhraitear a chur in iúl tríd an bpost, trí ghlao gutháin agus tríd an ríomhphost.

## 14. Nithe is gá a nochtadh faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Baineann na staitisticí seo a leanas le Grúpa An Post don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023. Scríobh an Cathaoirleach chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le tuilleadh faisnéise mionsonraithe.

### Sochair fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe don Ghrúpa a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| | 2023 Líon fostaithe | 2022 Líon fostaithe |
|---|---|---|
| Níos lú ná €50,000 | 9,388 | 9,475 |
| Idir €50,000 agus €74,999 | 1,865 | 1,662 |
| Idir €75,000 agus €100,000 | 450 | 397 |
| Níos mó ná €100,000 | 179 | 160 |

Áirítear gach fostaí a bhí ag fáil sochair ghearrthéarmacha sna figiúirí thuas. Tá sonraí ar an meánlíon foirne agus ar choibhéisí lánaimseartha leagtha amach i Nóta 11 leis na Ráitis Airgeadais.

### Taisteal agus siamsaíocht oifigiúil

B'ionann costais taistil agus caiteachais oifigiúil i rith na bliana agus €2.740m (2022: €2.74m).

Tá Comhaltaí Boird i dteideal aisíocaíocht a fháil ar chostais réasúnacha a tabhaíodh as freastal ar chruinnithe/imeachtaí Boird, Coiste agus eile a bhaineann leis an mBord. Tá speansais inmhuirearaithe i leith cánach ioncaim agus déantar iad a mhéadú dá réir sin mura bhfuil díolúine i gceist. Tá na socruithe rialachais a bhfuil feidhm leo leagtha amach ag an gCoiste Luach Saothair. I rith 2023, íocadh €8k i speansais taistil agus cothabhála, lena n-áirítear méideanna comhlánaithe le comhaltaí Boird, (2022: €2k). Ní áirítear sna speansais thuas speansais an Phríomhfheidhmeannaigh nó Chomhaltaí an Bhoird Oibrithe maidir lena ndualgais feidhmiúcháin nó fostaithe.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Is cúis áthais do na Stiúrthóirí Tuarascáil na Stiúrthóirí a chur i láthair mar aon le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.**

### 1. An Grúpa agus a Phríomhghníomhaíochtaí
Is é príomhghníomhaíocht an Ghrúpa an tseirbhís phoist náisiúnta agus gréasán na nOifigí Poist a oibriú. Bainistíonn sí roinnt fiontair thráchtála freisin a mbaineann a ngníomhaíochtaí leis an dá phríomhghnóthas seo.

### 2. Torthaí
Tá mionsonraí na dtorthaí don bhliain leagtha amach sa ráiteas comhdhlúite ioncaim ar leathanach 56 agus sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Níor íoc na Stiúrthóirí díbhinn eatramhach (2022: Nialas), agus ní mholann siad go n-íocfar díbhinn deiridh don bhliain (2022: Nialas).

### 3. Athbhreithniú Gnó
Baineadh TRÚCDA €38.5m amach in 2023 (2022: €18.6m). Ba ionann an caillteanas roimh mhíreanna eisceachtúla in 2023 agus €19m (2022: €36.3m). Ba ionann caillteanas foriomlán an Ghrúpa don bhliain agus €20.8m (2022: €224.1m). Déileáiltear níos mine leis an athbhreithniú ar ghnó don bhliain i Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh (leathanach 8) agus san Athbhreithniú ar Chúrsaí Airgeadais (leathanach 12). Tá príomhtháscairí feidhmíochta leagtha amach ar leathanach 28.

### 4. Gnóthas Leantach
Tá ionchas réasúnta ag an mBord Stiúrthóirí go mbeidh a dhóthain acmhainní ag an nGrúpa chun fanacht i ngnó ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo. Mar gheall air sin, tá siad fós ag glacadh leis an mbonn 'gnóthas leantach' agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. Tá sonraí leagtha amach i nóta 33 leis na ráitis airgeadais.

### 5. Taifid Chuntasaíochta
Tá na Stiúrthóirí freagrach as ceanglais Alt 281 go hAlt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le taifid leordhóthanacha chuntasaíochta agus tá siad comhlíonta acu trí fhoireann le saineolas cuí a fhostú agus acmhainní dóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear taifid chuntasaíochta na Cuideachta ag áitreabh na Cuideachta i bhFoirgneamh EXO, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1.

### 6. Faisnéis Ábhartha faoin Iniúchadh
Chun críocha Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, creideann na Stiúrthóirí go bhfuil gach céim riachtanach tógtha acu chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh agus tá sé deimhnithe acu go bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Go bhfios dóibh, níl aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh nach bhfuil ar eolas ag iniúchóirí reachtúla na Cuideachta.

### 7. Íoc Pras Cuntas
Is é beartas An Post ceanglais na reachtaíochta ábhartha maidir le híoc pras cuntas a chomhlíonadh. Is iad téarmaí caighdeánacha creidmheasa glactha an Ghrúpa, mura sonraítear a mhalairt i socruithe conartha, 30 lá. Tá rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí a shainmhínítear go soiléir agus tuairisciú agus athbhreithniú míosúil ar chleachtais íocaíochta. Tugann na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnta cé nach bhfuil sé absalóideach in aghaidh neamh-chomhlíonadh ábhartha na rialachán.

### 8. Cosaint Sonraí
Mar idirghabhálaí iontaofa a láimhseálann méideanna suntasacha de shonraí pearsanta, leanann An Post ar aghaidh ag infheistiú méid mór acmhainní chun a chinntiú go mbeidh meas ag An Post ar chearta cosanta sonraí pearsanta.

Táimid tiomanta do phríobháideachas ár gcustaiméirí a chosaint agus tá prótacail láidre i bhfeidhm againn chun aon ghearáin nó ábhair imní a fhaighimid a fhiosrú. Cuireann foireann ildisciplíneach na hOifige um Príobháideachas Sonraí, agus gréasán Crann Taca Sonraí taobh istigh den eagraíocht, comhairle agus tacaíocht i dtaca le príobháideachas sonraí ar fáil do gach réimse den ghnó. Cinntíonn ár gcreat de bhearta teicniúla agus eagraíochtúla go gcloímid leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí ar fud an Ghrúpa agus freisin ar fud ár soláthraithe seirbhíse tríú páirtí.

Glactar cur chuige réamhghníomhach chun príobháideacht ár gcustaiméirí a chosaint. Déantar athbhreithniú ar bheartais um chosaint sonraí uair amháin sa bhliain ar a laghad. Reáchtáiltear seisiúin oiliúna agus feasachta foirne go rialta chun a chinntiú go gcoinnítear príobháideacht sonraí i gcroílár ár n-oibríochtaí. Déantar príobháideacht sonraí a chinntiú trí dhearadh agus measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí chun a chinntiú go bhfuil cosaintí cuí i bhfeidhm sula gcuirtear seirbhísí nua nó athruithe ábhartha ar phróisis reatha i bhfeidhm.

### 9. Bainistíocht Riosca Cistíochta
Tá Tuarascáil Riosca an Ghrúpa leagtha amach ar leathanach 29. Déantar bainistiú ar oibriúcháin chisteán an Ghrúpa faoi réir beartais arna bhfaomhadh ag an mBord ar bhonn leathbhliantúil. Tá ionstraimí airgeadais an Ghrúpa teoranta d'airgead tirim, do thaiscí téarma, d'iasachtaí/rótharraingtí bainc agus d'iasacht ón Rialtas (a aisíocadh ina hiomláine de réir an sceidil i mí na Samhna 2023), agus mar sin cuirtear teorainn le neamhchosaint oibríochta an Ghrúpa ar rioscaí airgeadais. Tá saoráidí creidmheasa ag an gCuideachta le Banc na hÉireann, agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. Déanann an Chuideachta athbhreithniú leanúnach ar a rioscaí cistíochta agus cinntíonn sí go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm chun na rioscaí aitheanta a mhaolú, rud a bhaineann go príomha le leachtacht agus cosc calaoise.

Tá An Post údaraithe ag an Aire Airgeadais chun seirbhísí íocaíochta rialaithe a chur ar fáil ar a dtugtar an tseirbhís íocaíochta "An Post Money". Mar sin, ceanglaítear ar An Post a chinntiú go ndéantar cistí custaiméirí "An Post Money" a shainaithint, a bhainistiú agus a chosaint go cuí. Áirítear leis seo leithscaradh soiléir, ainmniú agus réiteach iarmhéideanna cliant ar bhonn laethúil. Tá comhaontuithe cosanta i bhfeidhm le gach institiúid airgeadais ina gcuirtear cistí cliant i dtaisce.

Ligeann beartas cistíochta an Ghrúpa do shuíomhanna teoranta fálaithe a ghlacadh maidir le hairgeadra eachtrach ach ní chuimsítear úsáid díorthach ann.

### 10. Deonacháin Pholaitiúla
I rith na bliana airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023, níor thug an Grúpa aon ranníocaíochtaí polaitiúla ar gá iad a nochtadh faoin Acht Toghcháin 1997, (2022:I rith na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021, ní dhearna an Grúpa aon ranníocaíocht pholaitiúil a d'éileodh nochtadh faoin Acht Toghcháin, 1997 (2020: Nialas).

### 11. Na Stiúrthóirí, an Rúnaí agus a Leasanna
Ceapadh an Dr Matthew Kennedy chuig an mBord i mí an Mheithimh 2023. Ní raibh aon athruithe eile ar chomhdhéanamh an Bhoird ó dháta thuarascáil dheireanach na Stiúrthóirí. Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí ná ag an rúnaí a bhí i seilbh oifige ar 31 Nollaig 2023 sna scaireanna, nó i mbintiúir na Cuideachta nó i mbintiúir aon chuideachta de chuid an Ghrúpa ag aon tráth le linn 2023.

### 12. Ráiteas um Chomhlíonadh na Stiúrthóirí
Aithníonn na Stiúrthóirí go bhfuil siad freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Chuideachta a chuid oibleagáidí ábhartha. Ina theannta sin, deimhníonn na Stiúrthóirí gur dréachtaíodh doiciméad um beartas comhlíonta ina leagtar amach beartais atá oiriúnach don Chuideachta, maidir le comhlíonadh a hoibleagáidí ábhartha, agus go bhfuil socruithe nó struchtúir chuí i bhfeidhm atá, inár dtuairim, deartha chun comhlíonadh oibleagáidí ábhartha na Cuideachta a chinntiú, agus tar éis na bliana airgeadais, go bhfuil athbhreithniú déanta ar na socruithe nó ar na struchtúir dá dtagraítear thuas.

### 13. Iartheagmhais
Níor tharla aon teagmhais i ndiaidh dheireadh na bliana ar gá iad a nochtadh.

### 14. Iniúchóir
Leanann an t-iniúchóir, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla, ar aghaidh in oifig de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Thar ceann an Bhoird

**Carol Bolger, Stiúrthóir**
**David McRedmond, Stiúrthóir**

26 Márta 2024

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

### 1. Ráiteas na Stiúrthóirí ar chomhlíonadh Threoir an Rialtóra maidir le Córais Chuntasaíochta An Post mar a éilítear faoin Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011

Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011, éilítear go ndéanfaí nósanna imeachta cuntasaíochta An Post de réir na dtreoracha a leagann ComReg síos agus forálacha áirithe san Acht.

Tugann na Stiúrthóirí aitheantas dá bhfreagracht forálacha cuntasaíochta an Achta a chomhlíonadh agus léiríonn an ráiteas seo a leanas an tslí ar fheidhmigh An Post forálacha cuí an Achta agus na Treorach don bhliain chuntasaíochta dar thosach an 1 Eanáir 2023.

**Taifid Airgeadais agus Córais Chuntasaíochta**

Tá dóthain sonraí sna taifid airgeadais agus sna córais chuntasaíochta a choinníonn An Post lena chur ar chumas na bainistíochta a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad forálacha cuntasaíochta na Treorach. Coinnítear cuntais ar leithligh do gach ceann de na seirbhísí laistigh den tSeirbhís Uilechoiteann.

**Cuntais Scartha**

Cuirfear cuntais dheighilte bhrabúis agus chaillteanais agus ráitis ar ghlansócmhainní faoi bhráid ComReg don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023. I gcomhlíonadh na Treorach, tá na cuntais seo á n-athbhreithniú ag comhlacht inniúil a eiseoidh tuairim ar chomhlíonadh na Treorach.

**Lámhleabhar Cuntasaíochta**

Ullmhaíodh lámhleabhar mionsonraithe cuntasaíochta a léiríonn raon agus scóip na sonraí atá le bailiú chun an Treoir a chomhlíonadh, agus an bunús a mbeidh na sonraí á leithdháileadh/leithroinnt ar sheirbhísí.

**Ráiteas ar Chomhlíonadh**

Creideann na Stiúrthóirí, bunaithe ar na céimeanna agus ar na gníomhartha thuas, gur chomhlíon An Post forálacha ábhartha an Achta agus Threoir ComReg a bhaineann le Córais Chuntasaíochta An Post don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

### 2. Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir le Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí, chinn na Stiúrthóirí ar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach ("creat ábhartha um thuairisciú airgeadais") agus ráitis airgeadais na Cuideachta a ullmhú de réir FRS 101 Creat um Nochtadh Laghdaithe. Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní féidir leis na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta ag dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus ráitis airgeadais an ghrúpa á gcur le chéile, éilíonn Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 1 go ndéanfadh Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíocht a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) infheidhme, arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, a chomhlíonadh agus faisnéisithe breise a sholáthar nuair nach leor comhlíonadh na gceanglas sonrach le IFRSanna le go mbeidh úsáideoirí in ann tionchar idirbhearta, imeachtaí agus coinníollacha faoi leith eile a thuiscint maidir le staid airgeadais agus feidhmíocht airgeadais an eintitis; agus
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Agus ráitis airgeadais na máthairchuideachta á n-ullmhú, ní mór do na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíocht a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- a rá cé acu ar leanadh Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 101 an Creat um Fhaisnéisiú Laghdaithe, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha a luaitear agus mínítear sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i ngnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an chuideachta, nó go socraíonn sí go gcoimeádtar, taifid imleora chuntasaíochta a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na cuideachta, a chuireann ar a chumas gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 agus a chuireann ar a chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Tá siad freagrach freisin sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh go bhfuil reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráitis airgeadais éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

**Carol Bolger, Stiúrthóir**
**David McRedmond, Stiúrthóir**

26 Márta 2024

# Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí An Post

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh do chomhaltaí Thuarascáil An Post ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim ar ráitis airgeadais An Post ('an chuideachta')

Is é ár dtuairim i leith ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta:

- go dtugann siad léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar chaillteanas an ghrúpa don bhliain airgeadais dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir na gcreataí tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais a ndearna muid iniúchadh orthu na nithe seo a leanas:

**Ráitis airgeadais an ghrúpa:**
- an Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile;
- an Ráiteas Comhdhlúite maidir leis an Staid Airgeadais;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 34, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta ábhartha mar atá leagtha amach i nóta 33.

**Ráitis airgeadais na máthairchuideachta:**
- Ráiteas na Cuideachta maidir leis an Staid Airgeadais;
- Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 34, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta ábhartha mar atá leagtha amach i nóta 33.

Is é Acht na gCuideachtaí 2014 agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha") an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm agus ráitis airgeadais an ghrúpa á n-ullmhú. Is é Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 101 "Creat um Nochtadh Laghdaithe" arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm agus ráitis airgeadais na máthairchuideachta á n-ullmhú.

### Bunús na tuairime

Rinne muid ár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta iniúchóireachta (Éire) (CIIna (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos thíos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid "Freagrachtaí an Iniúchóra as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais" dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta de réir na gceanglas eitice a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn de réir na gceanglas sin. Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn chun bonn a chur faoinár dtuairim.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí í an úsáid a bhaineann na Stiúrthóirí as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor shainaithin muid aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a thugtar údarú na ráitis airgeadais a eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

### Eolas eile

Cuimsíonn an t-eolas eile an fhaisnéis atá san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra orthu. Tá na Stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile atá sa tuarascáil bhliantúil. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní thugaimid aon tuairim dhearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, agus é sin á dhéanamh againn, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas atá faighte againn san iniúchadh nó cé acu atá an chuma air go bhfuil míráiteas ábhartha déanta uirthi. Má aithnímid neamhréireachtaí ábhartha den sórt sin nó míráiteas ábhartha dealraitheach, ní mór dúinn a chinneadh cé acu an míráiteas ábhartha é sin sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha é san fhaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

### Freagrachtaí Stiúrthóirí

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na Stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith cinnte go dtugann siad léargas fíor agus cóir agus go bhfuil siad ag cloí seachas sin le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus as cibé rialú inmheánach a chinneann na Stiúrthóirí is gá chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu an calaois nó earráid ba chúis lena leithéid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is infheidhme, agus bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé beartaithe ag na Stiúrthóirí an grúpa agus an mháthairchuideachta a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réalaíoch eile acu ach é sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an iniúchóra i ndáil le hiniúchóireacht ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir leis na ráitis airgeadais ina n-iomláine a bheith saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu an calaois nó earráid a ba chúis lena leithéid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim ina chuid de. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir CIInna (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí má bhíonn a leithéid ann. D'fhéadfadh míráiteas a theacht de bharr calaoise nó earráide agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó san iomlán, go bhféadfaí le réasún a cheapadh go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ ag: https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/. Tá an cur síos sin mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchóra.

### Tuarascáil ar cheanglais eile dlí agus rialála

**Tuairim ar ábhair eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014**

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta amháin, tuairiscímid an méid seo:

- Fuair muid an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta chun go bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh go héasca agus i gceart ar na ráitis airgeadais.
- Tá clár comhardaithe na máthairchuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus gur ullmhaíodh tuarascáil na Stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

**Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú ina leith de réir eisceachta**

Bunaithe ar eolas agus ar thuiscint an ghrúpa agus na máthairchuideachta agus a timpeallachta a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithin muid míráiteas ábhartha i dtuarascáil na Stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí 2014 a cheanglaíonn orainn tuairisc a thabhairt daoibh más rud é, inár dtuairim, nach ndéantar nochtadh luach saothair agus idirbheart Stiúrthóirí a shonraítear le dlí.

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Lúnasa 2016) (arna leasú) (an "Cód Cleachtais"), ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt daoibh mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánach a éilítear faoin gCód Cleachtais mar atá san áireamh sa Ráiteas faoi Rialachas Corparáideach sa chuid Rialachais den Tuarascáil Bhliantúil agus de na Ráitis Airgeadais go gcomhlíonann na grúpaí alt 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis a bhfuilimid ar an eolas fúithi ónár gcuid oibre iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

**Úsáid ár dtuarascála**

Déantar an tuarascáil seo do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár n-obair iniúchta ionas go bhféadfaimis na nithe sin a lua le comhaltaí na cuideachta a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchóra agus ní chun aon chríche eile. A mhéid a cheadaítear sin faoin dlí, ní dhéanaimid freagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin i leith aon duine eile seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá curtha le chéile againn.

**Emer O'Shaughnessy**
**Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP**
**Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúchóireachta Reachtúil**
Teach Deloitte & Touche
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

26 Márta 2024

# Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 Réamh-Eisceachtúil €'000 | 2023 Eisceachtúil €'000 | 2023 Iomlán €'000 | 2022 Réamh-Eisceachtúil €'000 | 2022 Eisceachtúil €'000 | 2022 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 1 | 922,861 | - | 922,861 | 888,139 | - | 888,139 |
| Costais oibriúcháin | 2 | (884,389) | - | (884,389) | (869,544) | - | (869,544) |
| **TRÚCDA[1] roimh míreanna aon uaire** | | **38,472** | **-** | **38,472** | **18,595** | **-** | **18,595** |
| Dímheas agus amúchadh | 3 | (57,484) | - | (57,484) | (54,860) | - | (54,860) |
| **(Caillteanas roimh mhíreanna aon uaire, glanioncam/(glanchostais) airgeadais agus cánachas** | | **(19,012)** | **-** | **(19,012)** | **(36,265)** | **-** | **(36,265)** |
| Míreanna eisceachtúla (costais chlaochlúcháin san áireamh) | 4 | - | (13,133) | (13,133) | - | (223,955) | (223,955) |
| Gnóthachain eile | 5 | - | - | - | 8,348 | - | 8,348 |
| **(Caillteanas roimh ghlanioncam/(glanchostais) airgeadais agus cánachas** | | **(19,012)** | **(13,133)** | **(32,145)** | **(27,917)** | **(223,955)** | **(251,872)** |
| Ioncam Airgeadais | 6 | 31,991 | - | 31,991 | 7,372 | - | 7,372 |
| Dí-aithint na sócmhainne airgeadais | 7 | - | (16,681) | (16,681) | - | - | - |
| Costais airgeadais | 8 | (4,458) | - | (4,458) | (4,099) | - | (4,099) |
| **Brabús/(Caillteanas) roimh chánachas** | 9 | **8,521** | **(29,814)** | **(21,293)** | **(24,644)** | **(223,955)** | **(248,599)** |
| Sochar/(Muirear) cánachais | 10 | 454 | - | 454 | (2,742) | 27,237 | 24,495 |
| **Brabús/(Caillteanas) don bhliain** | | **8,975** | **(29,814)** | **(20,839)** | **(27,386)** | **(196,718)** | **(224,104)** |
| **Caillteanas don bhliain inchurtha i leith** | | | | | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | | 9,006 | (29,814) | (20,808) | (27,499) | (196,718) | (224,217) |
| Leasanna neamh-urlámhais | | (31) | - | (31) | 113 | - | 113 |
| | | 8,975 | (29,814) | (20,839) | (27,386) | (196,718) | (224,104) |

[1] TRÚCDA: Tuilleamh (brabús oibriúcháin) roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadhn.

Thar ceann an Bhoird

**Carol Bolger**, **Stiúrthóir**
**David McRedmond**, **Stiúrthóir**

26 Márta 2024



# Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach Eile
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| Caillteanas don bhliain | | (20,839) | (224,104) |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | |
| **Míreanna nach n-athaicmeofar tar éis brabúis nó caillteanais:** | | | |
| Atomhais ar glanshócmhainn scéim pinsean sochair shainithe | 24 | (55,523) | 356,294 |
| **Míreanna a d'fhéadfaí a athaicmiú tar éis brabúis nó caillteanais:** | | | |
| Aistriú oibríochtaí eachtracha - fochuideachtaí | | 417 | (1,344) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | | (75,945) | 130,846 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán inchurtha i leith | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | | (75,914) | 130,733 |
| Leasanna neamh-urlámhais | | (31) | 113 |
| | | (75,945) | 130,846 |

# Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais
## amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe agus cáilmheas | 12 | 46,239 | 48,583 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 14 | 318,044 | 318,392 |
| Infheistíochtaí | 15 | - | 32,383 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha | 16 | 204 | 114 |
| Sócmhainn phinsin | 24 | 640,050 | 679,105 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | 1,004,537 | 1,078,577 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Infháltais trádála agus eile | 16 | 138,501 | 142,846 |
| Fardail | 17 | 1,807 | 1,722 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 18 | 830,457 | 765,935 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 970,765 | 910,503 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **1,975,302** | **1,989,080** |
| **Cothromas agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 25 | (68,239) | (68,239) |
| Cúlchistí eile | | 941 | 1,358 |
| Tuilleamh coinnithe | | (665,786) | (742,117) |
| **Cothromas inchurtha i leith na Cuideachta** | | (733,084) | (808,998) |
| Leasanna neamh-urlámhais | | (2,001) | (2,032) |
| **Cothromas iomlán** | | (735,085) | (811,030) |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Ioncam iarchurtha | 19 | (3,009) | (4,013) |
| Deontais chaipitil | 22 | (7,271) | (7,495) |
| Léasanna agus iasachtaí | 20 | (138,508) | (146,650) |
| Soláthairtí | 23 | (8,124) | (10,088) |
| Dliteanas pinsin | 24 | (12,808) | (12,904) |
| **Iomlán na ndliteanas neamhreatha** | | (169,720) | (181,150) |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 19 | (237,429) | (230,192) |
| Léasanna agus iasachtaí | 20 | (24,875) | (59,120) |
| Soláthairtí | 23 | (1,819) | (1,730) |
| Suimeanna in iontaobhas | 18 | (806,374) | (705,858) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | (1,070,497) | (996,900) |
| **Iomlán na ndliteanas** | | (1,240,217) | (1,178,050) |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **(1,975,302)** | **(1,989,080)** |

Thar ceann an Bhoird

**Carol Bolger, Stiúrthóir**
**David McRedmond, Stiúrthóir**

26 Márta 2024



# Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Scairchaipiteal glaoite €'000 | Cúlchiste comhshóite caipitil €'000 | Airgeadra eachtrach aistriú coigríche €'000 | Tuilleamh Coinnithe €'000 | Iomlán €'000 | Leasanna neamh-urlámhais €'000 | Cothromas iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 01 Eanáir 2022 | (68,239) | (877) | 891 | (610,040) | (678,265) | (1,919) | (680,184) |
| Caillteanas don bhliain | - | - | - | 224,217 | 224,217 | (113) | 224,104 |
| **Ioncam cuimsitheach eile:** | | | | | | | |
| Atomhais ar glanshócmhainn scéim pinsean sochair shainithe | - | - | - | (356,294) | (356,294) | - | (356,294) |
| Aistriú oibríochtaí eachtracha | - | - | 1,344 | - | 1,344 | - | 1,344 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022** | (68,239) | (877) | 2,235 | (742,117) | (808,998) | (2,032) | (811,030) |
| Caillteanas don bhliain | - | - | - | 20,808 | 20,808 | 31 | 20,839 |
| **Ioncam cuimsitheach eile:** | | | | | | | |
| Atomhais ar glanshócmhainn scéim pinsean sochair shainithe | - | - | - | 55,523 | 55,523 | - | 55,523 |
| Aistriú oibríochtaí eachtracha | - | - | (417) | - | (417) | - | (417) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023** | (68,239) | (877) | 1,818 | (665,786) | (733,084) | (2,001) | (735,085) |

Áirítear le cúlchistí eile de réir an Ráitis ar an Staid Airgeadais an cúlchiste comhshó caipitil agus an cúlchiste aistrithe airgeadra eachtraigh.

# Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

### Sreabhadh Airgid an Ghrúpa

| Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Caillteanas don bhliain | (20,839) | (224,104) |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | |
| Dímheas | 44,919 | 44,477 |
| Amúchadh | 12,565 | 10,383 |
| Glanioncam airgeadais | (10,852) | (3,273) |
| Gnóthachain eile | - | (8,348) |
| Creidmheas cánach | (454) | (24,495) |
| Airgead tirim íoctha lúide muirear ráiteas ioncaim pinsin | 3,813 | 233,548 |
| Deontas caipitil amúchta | (224) | (224) |
| Íocaíochtaí a rinneadh i leith soláthairtí, sa bhreis ar chostas | (1,875) | (584) |
| | 27,053 | 27,380 |
| **Athruithe ar:** | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | 3,466 | (1,234) |
| Fardail | (85) | 222 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 16,551 | (4,200) |
| **Airgead a gineadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **46,985** | **22,168** |
| Cánacha a aisíocadh | 620 | 426 |
| **Glan-insreabhadh airgid a gineadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **47,605** | **22,594** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Fáltais ó dhiúscairtí a fuarthas i gcaitheamh na bliana | 235 | 15,501 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | (24,357) | (15,785) |
| Sócmhainní doláimhsithe a fháil | (10,167) | (15,015) |
| Suimeanna in iontaobhas | 100,516 | 224,315 |
| Fáltais ó infheistíocht in Premier Lotteries Ireland | 17,464 | - |
| **Glan-insreabhadh airgid a gineadh ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | **83,691** | **209,016** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | |
| Aisíocaíocht dliteanas léasa arna caipitliú | (19,316) | (25,105) |
| Iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta tarraingthe anuas | - | 20,000 |
| Iasacht théarmach tarraingthe anuas | - | 17,500 |
| Íocaíochtaí úis ar iasacht ón Rialtas agus eile | (4,458) | (4,099) |
| Iasacht ón Rialtas aisíoctha i gcaitheamh na bliana | (30,000) | - |
| Iasacht théarmach aisíoctha i gcaitheamh na bliana | (9,000) | - |
| Iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta aisíoctha i gcaitheamh na bliana | (4,000) | (3,250) |
| **Glanmhéid airgid (a úsáideadh )/ a gineadh i ngníomhaíochtaí maoinithe** | **(66,774)** | **5,046** |
| **Glanmhéadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | **64,522** | **236,656** |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail tús na bliana** | 765,935 | 529,279 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail deireadh na bliana** | **830,457** | **765,935** |



# Ráiteas na Cuideachta ar Staid an Airgeadais
## amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | 38,170 | 40,484 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 14 | 288,549 | 288,474 |
| Infheistíochtaí | 15 | 8,969 | 41,352 |
| Sócmhainn phinsin | 24 | 640,050 | 679,105 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | 975,738 | 1,049,415 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | 16 | 124,204 | 136,261 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 18 | 813,351 | 751,568 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 937,555 | 887,829 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **1,913,293** | **1,937,244** |
| **Cothromas agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 25 | (68,239) | (68,239) |
| Cúlchistí eile | | (877) | (877) |
| Tuilleamh coinnithe | | (629,293) | (713,192) |
| **Cothromas iomlán** | | (698,409) | (782,308) |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Ioncam iarchurtha | 19 | (3,009) | (4,013) |
| Deontais chaipitil | 22 | (2,238) | (2,340) |
| Léasanna agus iasachtaí | 20 | (118,277) | (127,162) |
| Soláthairtí | 23 | (8,124) | (10,088) |
| Dliteanas pinsin | 24 | (12,808) | (12,904) |
| **Iomlán na ndliteanas neamhreatha** | | (144,456) | (156,507) |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 19 | (242,711) | (233,062) |
| Léasanna agus iasachtaí | 20 | (23,880) | (57,779) |
| Soláthairtí | 23 | (1,819) | (1,730) |
| Suimeanna in iontaobhas | 18 | (802,018) | (705,858) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | (1,070,428) | (998,429) |
| **Iomlán na ndliteanas** | | (1,214,884) | (1,154,936) |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **(1,913,293)** | **(1,937,244)** |

De réir Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, tá an chuideachta ag baint leas as an díolúine óna ráiteas ioncaim aonair a chur i láthair. Is é an toradh don Chuideachta ná caillteanas €225.839m (2022: caillteanas €44.342m).

Thar ceann an Bhoird

**Carol Bolger, Stiúrthóir**
**David McRedmond, Stiúrthóir**

26 Márta 2024

# Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Scairchaipiteal glaoite €'000 | Comhshó caipitil cúlchiste €'000 | Tuilleamh coinnithe €'000 | Cothromas iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022 | (68,239) | (877) | (582,737) | (651,853) |
| Caillteanas don bhliain | - | - | 225,839 | 225,839 |
| Atomhais ar glanshócmhainn scéim pinsean sochair shainithe | - | - | (356,294) | (356,294) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022** | **(68,239)** | **(877)** | **(713,192)** | **(782,308)** |
| Caillteanas don bhliain | - | - | 28,376 | 28,376 |
| Atomhais ar glanshócmhainn scéim pinsean sochair shainithe | - | - | 55,523 | 55,523 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023** | **(68,239)** | **(877)** | **(629,293)** | **(698,409)** |

San áireamh sa chaillteanas sa tréimhse tá díbhinní a fuarthas ó chuideachtaí sa ghrúpa €2,270,000 (2022: €9,500,000).



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023


1. Ioncam 64
2. Costais Oibriúcháin 64
3. Dímheas agus Amúchadh 65
4. Costais Eisceachtúla (costais chlaochlúcháin san áireamh) 65
5. Gnóthachain Eile 66
6. Ioncam Airgeadais 66
7. Dí-aithint sócmhainní airgeadais 67
8. Costais Airgeadais 67
9. Caillteanas roimh Chánachas 68
10. Cáin Ioncaim 70
11. Líon agus Costais Foirne agus Máistrí Poist 72
12. Sócmhainní Doláimhsithe agus Cáilmheas 73
13. Réadmhaoin Infheistíochta 74
14. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh 75
15. Infheistíochtaí 77
16. Suimeanna Infhaighte Trádála agus Eile 79
17. Fardail 80
18. Airgead sa Bhanc agus ar Láimh 80
19. Suimeanna Iníoctha Trádála agus Eile 81
20. Léasanna agus Iasachtaí 82
21. Cánachas agus Leas Sóisialta 83
22. Deontais Chaipitil 83
23. Forálacha 84
24. Pinsin 84
25. Scairchaipiteal agus Cúlchistí 88
26. Fochuideachtaí agus Comhfhiontair 88
27. Ceangaltais Léasa 90
28. Ceangaltais Chaipitil 90
29. Páirtithe Gaolmhara 91
30. Teagmhais 92
31. Ionstraimí Airgeadais - Luach Cóir agus Bainistíocht Riosca 92
32. Iar-theagmhais 98
33. Beartais Ábhartha Cuntasaíochta 98
34. Faomhadh an Bhoird 109

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

### 1. Ioncam

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Is mar seo a leanas a dhéantar anailís ar an ioncam: | | |
| **Poblacht na hÉireann** | | |
| Postas: Litreacha agus beartáin | 631,075 | 612,969 |
| Postas: Toghcháin agus reifrinn | - | 1,429 |
| Oifigí poist: Seirbhísí gníomhaireachta, seirbhísí seoltáin agus seirbhísí gaolmhara | 171,667 | 163,949 |
| Ioncam Úis - Cistí An Post Money | 11,306 | 757 |
| Seirbhísí eile | 38,763 | 35,781 |
| | 852,811 | 814,885 |
| **An Ríocht Aontaithe** | | |
| Dáileachán poist agus seirbhísí gaolmhara | 70,050 | 73,254 |
| **Ioncam** | 922,861 | 888,139 |

### 2. Costais Oibriúcháin

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Ba iad seo a leanas costais chomhdhlúite an Ghrúpa: | | |
| **Costais Foirne agus Máistrí Poist** | | |
| Pá agus tuarastail | 449,885 | 439,561 |
| Costais Máistrí Poist | 54,425 | 53,865 |
| Costais árachais shóisialaigh | 44,832 | 44,076 |
| | 549,142 | 537,502 |
| Costais phinsin | 29,251 | 48,454 |
| **Iomlán na gcostas párolla agus Máistrí Poist (nóta 11)** | 578,393 | 585,956 |
| **Costais eile:** | | |
| Dáileadh | 103,998 | 104,836 |
| Áiseanna | 31,041 | 26,313 |
| Oibríochtúil | 84,524 | 80,933 |
| Riarachán | 86,433 | 71,506 |
| | 305,996 | 283,588 |
| | **884,389** | **869,544** |

### 3. Dímheas agus Amúchadh

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas | 44,919 | 44,477 |
| Amúchadh | 12,565 | 10,383 |
| | 57,484 | 54,860 |

### 4. Costais Eisceachtúla (costais chlaochlúcháin san áireamh)

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Costais chlaochlúcháin | 13,133 | 6,055 |
| Costais seirbhíse roimhe seo - scéim phinsin shochair shainithe | - | 217,900 |
| | 13,133 | 223,955 |

I gcaitheamh 2023, lean an Grúpa dá chuid oibre ar a chuid gníomhaíochtaí a chlaochlú ón seansaol poist go dtí saol nua na ríomhthráchtála agus thabhaigh sé costais €13,133,000 (2022: €6,055,000) a bhaineann leis an aistriú seo. Is éard atá sna costais chlaochlúcháin in 2023 ná costais a bhaineann le himeachtaí deonacha foirne sa Ghrúpa, €3,719,000, (2022: €1,057,000), costais €5,861,000 a dámhadh mar chuid den Chomhaontú um Chlaochlú 2023 - 2026 agus €3,553,000 de chostais feidhmithe bogearraí bunathraithe, (2022; €Nialas). Níor tabhaíodh aon chostais agus méid Líonra na nOifigí Poist a athrú in 2023, (2022: €4,998,000). Déileáiltear leis an gcaillteanas cuntasaíochta ar dhiúscairt PLI mar chostas eisceachtúil freisin, féach nóta 7.

Le linn 2022, tharla dhá theagmhas a d'fhág gur tabhaíodh costais shuntasacha seirbhíse maidir leis an am atá thart sa scéim pinsean sochair shainithe ("Plean"). Ba é costas na n-imeachtaí sin ná €217,900,000 agus caitear leo mar mhíreanna eisceachtúla mar gheall ar a méid.

Ar an gcéad dul síos, costas seirbhíse roimhe seo de €27,400,000, a léiríonn an tionchar ar dhliteanais an Phlean a bhí ag beart an Rialtais ag ligean don Phinsin Stáit fanacht ag 66 bliain, seachas í a ardú go 67 bliain ó 2021 agus go 68 bliain ó 2028, faoi mar glacadh leis roimhe seo. I gcás go leor comhaltaí den Phlean, tá gnáthaois scoir ailínithe le haois an Phinsin Stáit. Mar sin, glactar leis anois go scoirfidh aon chomhaltaí den sórt sin ar glacadh leo roimhe seo go ndeachaigh siad ar scor ag aois 67 nó 68 bliain d'aois agus glactar leis go ndeachaigh siad ar scor ag 66 bliana d'aois.

Ina theannta sin is é €190,500,000 an costas seirbhíse roimhe seo, rud a léiríonn an tionchar a bhí ar dhliteanais an Phlean nuair a leasaíodh sochair na mball faoin bPlean. Ba é an ghné is suntasaí de seo ná méadú speisialta 6% ar phá inphinsin agus ar mhéadú pinsean a d'aontaigh an Chuideachta a chur i bhfeidhm, a raibh 5% curtha i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022 agus 1% breise le cur i bhfeidhm ón 1 Iúil 2023. Fuair na harduithe pinsin faomhadh ón Aire le linn 2023. Bhí coigeartú ann freisin maidir le Liúntais Inphinsin do bhaill ghníomhacha áirithe - ní bheidh siad seo faoi réir caidhpe ar arduithe amach anseo, faoi mar a bhaineann le pá rialta inphinsin. B'fhéidir na sochair shochair a bhí gearrtha siar roimhe seo a athchur i bpáirt mar gheall ar fheidhmíocht láidir na Scéime Pinsean le blianta beaga anuas.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

### 5. Gnóthachain Eile

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | - | 8,348 |
| | - | 8,348 |

Níor aithníodh aon Ghnóthachain Eile ábhartha in 2023. In 2022, d"eascair an brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe €8,348,000 as dhá réadmhaoin a dhíol, iar-Oifig an Phoist i nDroichead na Dothra agus an oifig mhiondíola agus cóiríocht oifige ar Shráid San Aindrias, Baile Átha Cliath 2.

### 6. Ioncam Airgeadais

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Glanioncam ó ús ar phinsean | 28,300 | 6,550 |
| Ús ar iasacht infhaighte scairshealbhóirí de chuid Premier Lotteries Ireland (PLI) | 1,762 | 1,931 |
| Gluaiseacht sa luach cóir ar ghnáthscaireanna agus ar scaireanna tosaíochta PLI | - | (1,300) |
| Ioncam úis | 1,929 | 190 |
| Ús ar íocaíochtaí déanacha | - | 1 |
| | 31,991 | 7,372 |

Aithníodh glanioncam úis pinsin de €28,300,000 in 2023 (2022: €6,550,000), mar gheall ar an mbarrachas mór ar na Scéimeanna Pinsin ag tús na bliana de €666.2m go príomha, agus an ráta toraidh ionchais ar shócmhainní. Mhéadaigh an ráta toraidh ionchais ó 1.3% ag tús 2022 go 4.15% ag tús 2023, rud a d'fhág méadú suntasach ar an nglanioncam úis pinsin.

De réir mar a mhéadaigh rátaí úis in 2023 i gcomparáid le 2022, mhéadaigh an t-ús a tuilleadh ar chistí dílse na Cuideachta go €1,929,000 (2022: €190,000).

Aithníodh sa bhliain ús infhaighte ar iasachtaí scairshealbhóirí PLI go dtí dáta na diúscartha arbh fhiú €1,762,000 é. Don bhliain 2022, aithníodh ús ar iasachtaí na scairshealbhóirí de €1,931,000, agus laghdú ar luach cóir de €1,300,000 i ndáil leis na scaireanna cothromais agus tosaíochta a bhí á gcoinneáil ag an am sin sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### 7. Dí-aithint sócmhainní airgeadais

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Eisceachtúil:<br>Caillteanas cuntasaíochta ar dhiúscairt PLI (Nóta 15) | 16,681 | - |
| | 16,681 | - |

I mí na Samhna 2023, rinne an Grúpa a infheistíocht in Premier Lotteries Ireland (PLI) a dhiúscairt agus d'aithin sé caillteanas cuntasaíochta ar dhiúscairt €16,681,000. Bhí roinnt céimeanna i gceist leis an diúscairt agus cheangail an Grúpa na céimeanna seo sa diúscairt agus léirigh siad an comhthionchar cuntasaíochta a bhí ag gach céim sna ráitis airgeadais. Aithníodh san Ioncam Airgeadais thuasluaite ús infhaighte ar iasachtaí scairshealbhóirí PLI go dtí dáta na diúscartha arbh fhiú €1,762,000 é. Féach nóta 6 agus nóta 15.

### 8. Costais Airgeadais

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Costas ar ús sócmhainne um cheart úsáide | 3,553 | 2,598 |
| Ús ar Iasacht Rialtais | 259 | 304 |
| Costais eile úis | 646 | 1,197 |
| | 4,458 | 4,099 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

### 9. Caillteanas roimh Chánachas

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Luaitear an caillteanas roimh chánachas i ndiaidh an méid seo a leanas a mhuirearú: | | |
| **Cíosanna ar léas oibriúcháin taobh amuigh de scóip IFRS 16:** | | |
| Cíos ar fhoirgnimh | 2,069 | 1,753 |
| Trealamh eile agus mótarfheithiclí | 4,674 | 4,063 |
| | 6,743 | 5,816 |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí:** | | |
| Táillí | 237 | 218 |
| Luach Saothair - POF | 318 | 318 |
| | 555 | 536 |
| **Speansais íoctha le Stiúrthóirí** | | |
| Taisteal | 7 | 2 |
| Cothabháil | 1 | - |
| | 8 | 2 |
| **Luach saothair an iniúchóra* - Grúpa** | | |
| Iniúchadh ar ráitis airgeadais an ghrúpa | 422 | 412 |
| Seirbhísí ráthaíochta eile | 278 | 190 |
| | 700 | 602 |
| **Luach saothair an iniúchóra* - Cuideachta An Post (san áireamh thuas)** | | |
| Iniúchadh ar ráitis airgeadais an aonáin | 247 | 242 |
| Seirbhísí ráthaíochta eile | 278 | 190 |
| | 525 | 432 |
| Luaitear an caillteanas roimh chánachas i ndiaidh an méid seo a leanas a chur do shochar: | | |
| Deontais chaipitil amúchta | 224 | 224 |
| Brabús ar dhíol gléasra agus trealaimh | 160 | 89 |
| | 384 | 313 |

*Níl CBL san áireamh

Ní áirítear sna suimeanna thuasluaite mar luach saothair Stiúrthóirí ach na suimeanna a íocadh le Stiúrthóirí i bhfeidhmiú a ndualgas mar Stiúrthóirí agus tuarastal CEO. Ní áirítear orthu tuarastail Stiúrthóirí ar fostaithe iad ná luach saothair Stiúrthóir na Máistrí Poist.

Tá luach saothair na Stiúrthóirí, lena n-áirítear faisnéisithe de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an "Cód Cleachtais") agus Acht na gCuideachtaí 2014, leagtha amach thíos.

Seo a leanas pacáiste luacha saothair David McRedmond, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, atá san áireamh sna suimeanna thuasluaite mar luach saothair Stiúrthóirí.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Buntuarastal | 250 | 250 |
| **Díolaíochtaí eile:** | | |
| Táille Stiúrthóra | - | - |
| Sochar comhchineáil - Carr cuideachta | 5 | 5 |
| Pinsean | 63 | 63 |
| | 318 | 318 |

Cuirtear carr Leictreach Cuideachta ar fáil don POF, arbh ionann an sochar inchánach agus €5,335. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin féin a dhéanann an cháin a eascraíonn as an sochar comhchineáil seo a urscaoileadh. Ní fhaigheann sé táille Stiúrthóra ná aon pheorcais eile.

De réir an Chóid Cleachtais, seo a leanas na táillí a íocadh le gach Stiúrthóir:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Carol Bolger | 32 | 32 |
| Frank Burke | 16 | 16 |
| Peter Coyne | 16 | 16 |
| Áine Flanagan | - | 15 |
| Barry Gavin | 16 | 9 |
| Helen Kelly | 16 | 9 |
| Matthew Kennedy | 13 | - |
| Sinead Mahon | 16 | 9 |
| Anthony McCrave | 16 | 16 |
| Padraig McNamara | 16 | 16 |
| David McRedmond (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)* | - | - |
| William Mooney | 16 | 16 |
| Kieran Mulvey | 16 | 16 |
| Martina O'Connell | 16 | 16 |
| Mary O'Donovan | 16 | 16 |
| Gerry Sexton | 16 | 16 |
| Iomlán | 237 | 218 |

*Ní fhaigheann David McRedmond táille Stiúrthóra.

Íoctar táillí ar bhonn pro rata ag brath ar an méid ama a fhreastalaíonn an comhalta Boird i rith na bliana.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

### 10. Cáin Ioncaim

#### A. Suimeanna aitheanta sa bhrabús nó sa chaillteanas

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha** | | |
| Éire - Cáin Chorparáide | 15 | 799 |
| Coigeartuithe i ndáil leis an mbliain roimhe seo | (128) | (106) |
| An Ríocht Aontaithe - Cáin Chorparáide | 498 | 479 |
| | 385 | 1,172 |
| **Cáin Iarchurtha** | | |
| Bunús agus aisiompú na ndifríochtaí sealadacha | 488 | (25,546) |
| Coigeartuithe i ndáil leis an mbliain roimhe seo | (1,327) | (113) |
| Tionchar athraithe ar an ráta cánach | - | (8) |
| | (839) | (25,667) |
| Creidmheas cánach iomlán | (454) | (24,495) |

#### B. Réiteach an ráta éifeachtaigh cánach

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Caillteanas roimh chánachas | (21,293) | (248,599) |
| Cáin ag úsáid ráta cánach baile na Cuideachta - 12.5% (2022: 12.5%) | (2,662) | (31,075) |
| Tionchar cánach: | | |
| Speansais nach féidir a asbhaint/ioncam nach bhfuil inchánach | 2,762 | 26 |
| Ioncam agus gnóthachain le rátaí cánach níos airde | 904 | 677 |
| Tionchar athruithe i rátaí cánach | (3) | (5) |
| Cáin iarchurtha nár aithníodh roimhe seo | - | 6,101 |
| Rósholáthar na bliana roimhe | (1,455) | (219) |
| Creidmheas cánach iomlán | (454) | (24,495) |

Rinne an tAcht Airgeadais (Uimh.2) 2023 na rialacha Cánach Íosta Domhanda , Colún 2 a thrasuí le déanaí i reachtaíocht chánach na hÉireann. Is sraith rialacha mionsonraithe agus an-chasta iad seo a dhéanann foráil d'íosráta cánach éifeachtach 15%. Mar thoradh ar na castachtaí seo, ní i gcónaí a bhíonn an ráta éifeachtach cánach cuntasaíochta ina tháscaire ar an ráta éifeachtach cánach arna ríomh faoi Cholún 2.

Toisc nach raibh reachtaíocht Cholún 2 i bhfeidhm do An Post i leith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2023, níl aon nochtadh cánach reatha gaolmhar ag an nGrúpa. Cuireann an Grúpa an eisceacht i bhfeidhm maidir le haithint agus nochtadh faisnéise faoi shócmhainní cánach iarchurtha agus faoi dhliteanais a bhaineann le cánacha ioncaim Cholún 2, mar a fhoráiltear sna leasuithe ar IAS 12 a eisíodh i mí Bealtaine 2023. Ní mheasann na Stiúrthóirí, áfach, go mbeidh tionchar ábhartha ag Colún 2 ar ráitis airgeadais an Ghrúpa in 2024.

#### C. Gluaiseacht in iarmhéideanna cánach iarchurtha

**Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023**

| | Iarmhéid glan amhail an 1 Ean sócmhainn/ (dliteanas) 2023 €'000 | Aitheanta i mbrabús nó i gcaillteanas 2023 €'000 | Aitheanta in ioncam cuimsitheach eile 2023 €'000 | Iarmhéid glan amhail an 31 Noll sócmhainn/ (dliteanas) 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | (10,460) | 2,076 | - | (8,384) |
| Sócmhainní ceart úsáide | (12,569) | 483 | - | (12,086) |
| Dliteanas ceart úsáide | 12,699 | 375 | - | 13,074 |
| Sochair fostaithe | (82,755) | (3,077) | 7,932 | (77,900) |
| Forálacha eile | 1,114 | (192) | - | 922 |
| Caillteanas cánach a thabhairt ar aghaidh | 19,875 | 1,164 | - | 21,039 |
| | (72,096) | 829 | 7,932 | (63,335) |
| Faisnéisithe mar Sócmhainní cánach iarchurtha | | | | 204 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | | | | (63,539) |

Tá sócmhainn cánach iarchurtha aitheanta suas go dtí luach an dliteanais cánach iarchurtha.

**Grúpa**
I bhfianaise na héiginnteachta maidir le brabúis inchánacha a bheidh ann amach anseo, aithníodh €168,000 mar shócmhainn chánach iarchurtha ionchasach sa Ghrúpa (2022: €911,000) a eascraíonn as difríochtaí sealadacha agus caillteanais neamhaitheanta cánach nár aithníodh.

**Cuideachta**
B'ionann sócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta sa Chuideachta amhail an 31 Nollaig 2023 agus €nialas, (2022: €nialas).

**Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022**

| | Iarmhéid glan amhail an 1 Ean sócmhainn/ (dliteanas) 2022 €'000 | Aitheanta i mbrabús nó i gcaillteanas 2022 €'000 | Aitheanta in ioncam cuimsitheach eile 2022 €'000 | Iarmhéid glan amhail an 31 Noll sócmhainn/ (dliteanas) 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | (2,882) | (7,578) | - | (10,460) |
| Sócmhainn ceart úsáide | (12,181) | (388) | - | (12,569) |
| Dliteanas ceart úsáide | 9,887 | 2,812 | - | 12,699 |
| Sochair fostaithe | (60,342) | 28,486 | (50,899) | (82,755) |
| Forálacha eile | 233 | 881 | - | 1,114 |
| Caillteanas cánach a thabhairt ar aghaidh | 18,398 | 1,477 | - | 19,875 |
| | (46,887) | 25,690 | (50,899) | (72,096) |
| Faisnéisithe mar Sócmhainní cánach iarchurtha | | | | 114 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | | | | (72,210) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

### 11. Líon agus Costais Foirne agus Máistrí Poist

Ba é meánlíon coibhéise lánaimseartha (CLA) na ndaoine, seachas máistrí poist, a bhí ag obair sa Ghrúpa i rith na bliana:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Oibríochtaí | 8,942 | 9,057 |
| Corparáideach | 420 | 412 |
| Iomlán na bhfostaithe sa Chuideachta (CLA) | 9,362 | 9,469 |
| Fochuideachtaí | 644 | 635 |
| Iomlán na bhfostaithe sa Ghrúpa (CLA) | 10,006 | 10,104 |

Ba é an meánlíon fostaithe a bhí ag obair sa Ghrúpa i rith na bliana:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Oibríochtaí | 8,454 | 8,486 |
| Corparáideach | 438 | 431 |
| Fostaithe Cuideachta | 8,892 | 8,917 |
| Fostaithe ócáideacha | 677 | 703 |
| Iomlán na bhfostaithe sa Chuideachta | 9,569 | 9,620 |
| Fochuideachtaí | 665 | 658 |
| Iomlán fostaithe an Ghrúpa | 10,234 | 10,278 |

Ba é meánlíon na Máistrí Poist a fostaíodh mar ghníomhairí ná:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Máistrí Poist: Fostaithe mar ghníomhairí | 781 | 809 |

Ba iad seo a leanas na costais chomhiomlána ar phárolla agus ar mháistrí poist:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 449,885 | 439,561 |
| Costais árachais shóisialaigh | 44,832 | 44,076 |
| Costais phinsin | 29,251 | 48,454 |
| Iomlán na gcostas párolla | 523,968 | 532,091 |
| Máistrí Poist: Fostaithe mar ghníomhairí | 54,425 | 53,865 |
| Iomlán na gcostas párolla agus Máistrí Poist (nóta 2) | 578,393 | 585,956 |

Ina theannta sin, féach nóta 4 le haghaidh sonraí faoi chostais chlaochlúcháin a bhaineann le hathrú méide an Líonra Oifigí Poist agus costais a bhaineann le baill foirne a bheith ag imeacht ón nGrúpa go deonach.

### 12. Sócmhainní Doláimhsithe agus Cáilmheas

| Grúpa | Cáilmheas €'000 | Bogearraí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | 31,674 | 105,748 | 137,422 |
| Méideanna breise | - | 15,015 | 15,015 |
| Gluaiseacht i malartú eachtrach | (129) | (383) | (512) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 31,545 | 120,380 | 151,925 |
| Méideanna breise | - | 10,167 | 10,167 |
| Gluaiseacht i malartú eachtrach | 48 | 143 | 191 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 31,593 | 130,690 | 162,283 |
| **Amúchadh agus bearnú** | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | 24,727 | 68,425 | 93,152 |
| Muirear don bhliain | - | 10,383 | 10,383 |
| Gluaiseacht i malartú eachtrach | - | (193) | (193) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 24,727 | 78,615 | 103,342 |
| Muirear don bhliain | - | 12,565 | 12,565 |
| Gluaiseacht i malartú eachtrach | - | 137 | 137 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 24,727 | 91,317 | 116,044 |
| **Suim ghlanluacha** | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 6,866 | 39,373 | 46,239 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 6,818 | 41,765 | 48,583 |

Ba é glanluach na sócmhainní doláimhsithe a aithníodh mar shócmhainní ceart úsáide ná €nialas (2022: €nialas).

#### Tástáil ar bhearnú le haghaidh aonaid giniúna airgid lena ngabhann cáilmheas

Chun críocha na tástála ar bhearnú, leithroinneadh cáilmheas ar aonaid giniúna airgid (rannáin oibríochta) an Ghrúpa mar seo a leanas:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Air Business & Jordans | 2,373 | 2,325 |
| One Direct (Ireland Limited) | 4,493 | 4,493 |
| | 6,866 | 6,818 |

Tá méideanna in-aisghabhála na n-aonad giniúna airgid sin bunaithe ar a luach úsáide, a cinneadh trí na sreafaí airgid sa todhchaí atá le giniúint ó úsáid leanúnach an aonaid giniúna airgid a lascainiú. Déantar cur síos ar ghníomhaíochtaí na n-aonad giniúna airgid i Nóta 26.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

### 12. Sócmhainní Doláimhsithe agus Cáilmheas ar lean

Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana a úsáideadh chun an luach úsáide a mheas:

**Sreabhadh airgid réamh-mheasta**
Bunaítear sreabhadh airgid réamh-mheasta ar thuilleamh buiséadaithe sa todhchaí. Tá tuilleamh buiséadaithe bunaithe ar bhuiséad 2022 a d'fhaomh an Bord agus réamh-mheastacháin do 2025 go 2028.

**Rátaí lascaine**
Cuirtear ráta lascaine réamhchánach 8% (2022: 8%) i bhfeidhm ar bhrabús gach ceann de na CGUanna sa ríomh lagaithe.

**Bearnú**
Níor aithníodh aon bhearnú mar gheall ar na tástálacha roimhe seo ar bhearnú don bhliain dar críoch 2023 (2022: €nialas).

**Íogaireacht**
Reáchtáil an Grúpa íogaireachtaí bunaithe ar athruithe réasúnta féideartha i dtoimhdí agus ní chruthódh na híogaireachtaí sin gá le bearnú a aithint in 2023 ná in 2022.

| Cuideachta | Bogearraí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | 98,580 | 98,580 |
| Méideanna breise | 14,791 | 14,791 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 113,371 | 113,371 |
| Méideanna breise | 9,404 | 9,404 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 122,775 | 122,775 |
| **Amúchadh agus bearnú** | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | 63,631 | 63,631 |
| Muirear don bhliain | 9,256 | 9,256 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 72,887 | 72,887 |
| Muirear don bhliain | 11,718 | 11,718 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 84,605 | 84,605 |
| **Suim ghlanluacha** | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 38,170 | 38,170 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 40,484 | 40,484 |

### 13. Réadmhaoin Infheistíochta

**An Grúpa agus an Chuideachta**

**Suim ghlanluacha a réiteach**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail tús na bliana | - | 1,800 |
| Diúscairtí | - | (1,800) |
| Iarmhéid amhail deireadh na bliana | - | - |

Ní raibh aon réadmhaoin infheistíochta ag an nGrúpa le linn 2023.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, chríochnaigh an Grúpa díol an aon mhaoin infheistíochta amháin a bhí againn a chuimsigh maoin tráchtála a bhí ligthe ar léas do thríú páirtí. Ba é €1,800,000 an praghas díolacháin a bhí aon dul le luach cóir na maoine. Mar thoradh air sin, níor aithníodh aon ghnóthachan ná caillteanas ar an réadmhaoin i rith 2022.

### 14. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| Grúpa | Talamh agus foirgnimh ruílse agus léasachta fada €'000 | Mótar fheithiclí €'000 | Trealamh ríomhaireachta agus oibriúcháin €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | 383,901 | 90,109 | 369,359 | 843,369 |
| Méideanna breise | 59,839 | (19) | 4,267 | 64,087 |
| Diúscairtí | (12,913) | (4,431) | (660) | (18,004) |
| Gluaiseacht i malartú eachtrach | (804) | (17) | (369) | (1,190) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 430,023 | 85,642 | 372,597 | 888,262 |
| Méideanna breise | 24,323 | 14,378 | 5,168 | 43,869 |
| Atomhas | 417 | - | - | 417 |
| Diúscairtí | (1,897) | (25,088) | (800) | (27,785) |
| Gluaiseacht i malartú eachtrach | 303 | 6 | 138 | 447 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 453,169 | 74,938 | 377,103 | 905,210 |
| **Dímheas carntha agus caillteanais bhearnaithe** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | 161,714 | 44,308 | 329,749 | 535,771 |
| Curtha chun dochair i rith na bliana | 16,741 | 16,547 | 11,189 | 44,477 |
| Díbeartha ar dhiúscairtí | (4,879) | (4,431) | (660) | (9,970) |
| Gluaiseacht i malartú eachtrach | (192) | (8) | (208) | (408) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 173,384 | 56,416 | 340,070 | 569,870 |
| Curtha chun dochair i rith na bliana | 19,209 | 15,079 | 10,631 | 44,919 |
| Díbeartha ar dhiúscairtí | (1,897) | (25,088) | (800) | (27,785) |
| Gluaiseacht i malartú eachtrach | 77 | 3 | 82 | 162 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 190,773 | 46,410 | 349,983 | 587,166 |
| **Suim Ghlanluacha** | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 262,396 | 28,528 | 27,120 | 318,044 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 256,639 | 29,226 | 32,527 | 318,392 |

#### Grúpa
Ar 31 Nollaig 2023, ba é an glanluach na maoine, gléasra agus trealaimh a aithníodh mar shócmhainní ceart úsáide ná €114,488,000 (2022: €119,288,000). Tá tuilleadh sonraí i nóta 27. Ar an 31 Nollaig 2022, i dtalamh agus i bhfoirgnimh ruílse agus léasachta fada, bhí sócmhainní €5.188m á dtógáil maidir le feistiú fhoirgneamh nua na Ceanncheathrún. Cuireadh an obair ar na sócmhainní sin i gcrích in 2023.

#### Morgáiste agus muirear
Faoi théarmaí an phlean chun ceanglais an Íoschaighdeáin Maoinithe a chomhlíonadh cuireadh morgáiste agus muirear a bhaineann le sócmhainní réadmhaoine áirithe de chuid na Cuideachta dar luach €72.5 milliún in áit i bhfabhar Scéim Pinsin An Post ("an Scéim") le húsáid mar shócmhainn theagmhasach na Scéime. Tá sonraí breise leagtha amach i nóta 24. Forálann an Margadh Pinsean a comhaontaíodh leis na Ceardchumainn i mí Eanáir 2023 deireadh a chur leis an lian seo ar shócmhainní na Cuideachta atá i seilbh na Scéime Pinsean. Mar sin, scaoileadh na táillí ar na réadmhaoine ar ais chuig an gCuideachta in 2023.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023
ar lean

## 14. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh ar lean

| Cuideachta | Talamh agus foirgnimh ruílse agus léasachta fada €'000 | Mótar fheithiclí €'000 | Trealamh ríomhaireachta agus oibriúcháin €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | 353,299 | 89,702 | 344,341 | 787,342 |
| Méideanna breise | 54,982 | (109) | 3,001 | 57,874 |
| Diúscairtí | (12,913) | (4,295) | - | (17,208) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 395,368 | 85,298 | 347,342 | 828,008 |
| Méideanna breise | 21,449 | 14,337 | 4,227 | 40,013 |
| Atomhas | 1,982 | - | - | 1,982 |
| Diúscairtí | (1,897) | (25,009) | - | (26,906) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 416,902 | 74,626 | 351,569 | 843,097 |
| **Dímheas carntha agus caillteanais bhearnaithe** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | 151,939 | 44,085 | 311,002 | 507,026 |
| Dímheas | 15,069 | 16,475 | 10,138 | 41,682 |
| Díbeartha ar dhiúscairtí | (4,879) | (4,295) | - | (9,174) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 162,129 | 56,265 | 321,140 | 539,534 |
| Dímheas | 17,615 | 15,011 | 9,294 | 41,920 |
| Díbeartha ar dhiúscairtí | (1,897) | (25,009) | - | (26,906) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 177,847 | 46,267 | 330,434 | 554,548 |
| **Suim Ghlanluacha** | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 239,055 | 28,359 | 21,135 | 288,549 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 233,239 | 29,033 | 26,202 | 288,474 |

### Cuideachta

Ar 31 Nollaig 2023 ba é an glanluach maoine, gléasra agus trealaimh a aithníodh mar shócmhainní ceart úsáide ná €96,222,000 (2022: €101,120,000). Tá tuilleadh eolais i nóta 27. Ar an 31 Nollaig 2022, i dtalamh agus i bhfoirgnimh ruílse agus léasachta fada, bhí sócmhainní €5.188m á dtógáil maidir le feistiú fhoirgneamh nua na Ceanncheathrún. Cuireadh an obair ar na sócmhainní sin i gcrích in 2023.

### Morgáiste agus muirear

Faoi théarmaí an phlean chun ceanglais an Íoschaighdeáin Maoinithe a chomhlíonadh cuireadh morgáiste agus muirear a bhaineann le sócmhainní réadmhaoine áirithe de chuid na Cuideachta dar luach €72.5 milliún in áit i bhfabhar Scéim Pinsin An Post ("an Scéim") le húsáid mar shócmhainn theagmhasach na Scéime. Tá sonraí breise leagtha amach i nóta 24. Forálann an Margadh Pinsean a comhaontaíodh leis na Ceardchumainn i mí Eanáir 2023 deireadh a chur leis an lian seo ar shócmhainní na Cuideachta atá i seilbh na Scéime Pinsean. Mar sin, scaoileadh na táillí ar na réadmhaoine ar ais chuig an gCuideachta in 2023.

## 15. Infheistíochtaí

| | Grúpa 2023 €'000 | Grúpa 2022 €'000 | Cuideachta 2023 €'000 | Cuideachta 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Infheistíocht in Premier Lotteries Ireland (féach A thíos) | - | 32,383 | - | 32,383 |
| Scaireanna i bhfoghnóthais (féach nóta 26) | - | - | 8,969 | 8,969 |
| Infheistíocht i gcomhfhiontar (féach B thall) | - | - | - | - |
| | - | 32,383 | 8,969 | 41,352 |

### A. Infheistíocht in Premier Lotteries Ireland (PLI)

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| **An Grúpa agus an Chuideachta** | | |
| **Is éard atá san infheistíocht in PLI:** | | |
| Infheistíocht i scaireanna cothromais | - | 860 |
| Infheistíocht i scaireanna tosaíochta | - | 8,850 |
| **Iasachtaí agus suimeanna infhaighte** | | |
| Iasachtaí scairshealbhóirí | - | 22,673 |
| | - | 32,383 |

In 2014, rinne An Post infheistíocht €25m in PLI de bhun infheistíocht chothromais, iasachtaí scairshealbhóirí agus scaireanna tosaíochta. Mar thoradh ar an infheistíocht seo, bhí 10.7% den chothromas san aonán i seilbh na Cuideachta, tá trí cinn de na hocht bpost Boird aici agus bhí cearta conartha áirithe aici. Chinn na Stiúrthóirí, tar éis dóibh cearta An Post agus cineál rannpháirtíochta An Post in PLI a bhreithniú, go n-athraíonn an chuntasaíocht chuí don infheistíocht seo bunaithe ar gach gné ar leith den infheistíocht, mar a leagtar amach thuas.

In 2023, rinne an mór-scairshealbhóir, Ontario Teachers' Pension Plan, a raibh 78.6% den chothromas agus formhór na bpost boird aige, cinneadh a bhun sa ghnó a dhíol le hoibreoir nua. Dá bharr sin, ceanglaíodh ar An Post a bhun in PLI a dhíol chomh maith.

I mí na Samhna 2023, rinne an Grúpa a infheistíocht in Premier Lotteries Ireland (PLI) a dhiúscairt agus d'aithin sé caillteanas cuntasaíochta ar dhiúscairt €16,681,000 a léirigh an glanchomaoin a fuarthas (€17,464,000) lúide suim ghlanluacha na hinfheistíochta ar dháta na diúscartha ( €34,145,000). Bhí sé seo comhdhéanta den luach amhail an 31 Nollaig 2022 de €32,383,000 móide ús de €1,762,000 a aithníodh go dtí dáta na diúscartha.

Bhí roinnt céimeanna idirnasctha i gceist le diúscairt na hinfheistíochta in PLI. Tá cuntas tugtha ag an nGrúpa ar an diúscairt chun substaint an idirbhirt ina iomláine a léiriú agus, mar sin, léirigh sé an tionchar cuntasaíochta comhcheangailte de gach céim sna ráitis airgeadais.

| | €'000 |
|---|---|
| Glanchomaoin | 17,464 |
| Luach iompair na hinfheistíochta i scaireanna cothromais | (860) |
| Luach iompair na hinfheistíochta i scaireanna tosaíochta | (8,850) |
| Luach carraeireachta na hiasachta scairshealbhóra | (24,435) |
| **Caillteanas cuntasaíochta ar dhiúscairt** | **(16,681)** |

# **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

## **15. Infheistíochtaí** ar lean

### **A. Infheistíocht in Premier Lotteries Ireland (PLI)** ar lean

Thar shaolré na hinfheistíochta, ghnóthaigh an Grúpa torthaí a sháraigh a infheistíocht tosaigh go suntasach:

| | €'000 |
|---|---|
| Infheistíocht tosaigh i PLI in 2014 | (25,000) |
| Toradh thar shaolré na hinfheistíochta | 46,292 |
| **Toradh iomarcach thar infheistíocht tosaigh** | **21,292** |

### **B. Infheistíocht i gcomhfhiontar**

I rith na bliana, b'ionann sciar an Ghrúpa de bhrabús a chomhfhiontair agus €Nialas (2022: €Nialas).

Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar fhaisnéis airgeadais The Prize Bond Company DAC mar a áirítear í ina ráitis airgeadais féin.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní reatha | 15,528 | 16,721 |
| Dliteanais reatha | (15,528) | (16,721) |
| **Glansócmhainní (100%)** | - | - |
| **Sciar an Ghrúpa de ghlansócmhainní (50%)** | - | - |
| Ioncam | 12,860 | 12,099 |
| Brabús ó oibríochtaí leanúnacha | - | - |
| Ioncam cuimsitheach iomlán (100%) | - | - |
| **Sciar an ghrúpa den ioncam cuimsitheach iomlán (50%)** | - | - |

## **16. Suimeanna Infhaighte Trádála agus Eile**

| | Grúpa 2023 €'000 | Grúpa 2022 €'000 | Cuideachta 2023 €'000 | Cuideachta 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní reatha** | | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála | 113,432 | 103,891 | 86,894 | 77,648 |
| Suimeanna dlite ag gnóthais fochuideachta | - | - | 13,965 | 16,652 |
| Suimeanna atá dlite ag comhfhiontar | 251 | 279 | 251 | 279 |
| Féichiúnaithe eile | 5,017 | 22,049 | 5,006 | 22,049 |
| Duaisbhannaí ar láimh | 812 | 812 | 625 | 625 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 17,552 | 14,936 | 14,943 | 11,684 |
| Ús ar cháin shiarchoinneálach infhaighte | 1,437 | - | 1,437 | - |
| Cáin chorparáide infhaighte | - | 879 | - | 894 |
| | 138,501 | 142,846 | 123,121 | 129,831 |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | |
| Suimeanna dlite ag foghnóthais | - | - | 1,083 | 6,430 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha | 204 | 114 | - | - |
| | 204 | 114 | 1,083 | 6,430 |
| | 138,705 | 142,960 | 124,204 | 136,261 |

Tomhaistear infháltais trádála agus eile ag costas amúchta (lúide aon liúntas caillteanais) óir is é samhail ghnó an Ghrúpa sreafaí airgid conartha a "shealbhú chun bailithe". Cuireann an Grúpa an cur chuige simplithe i bhfeidhm maidir le caillteanais ionchais chreidmheasa (ECL) a cheadaíonn IFRS9 Ionstraimí Airgeadais, a éilíonn go ndéanfaí caillteanais saoil ionchais a aithint as céad-aithint na n-infháltas.

Is ionann luach iompartha infháltas trádála agus eile agus a luach cóir. Ní ghabhann ús le hinfháltais trádála.

Tá suimeanna dlite ag gnóthais an Ghrúpa saor ar ús, gan urrús agus iníoctha ach é a éileamh.

Tá sé mar aidhm ag Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (BAR) an AE tacaíocht a sholáthar chun dul i ngleic leis na hiarmhairtí díobhálacha a bhaineann le himeacht na RA ón AE. D leis An Post ina iarratas ar mhaoiniú BAR a fháil maidir le bainistiú riachtanais Chustaim agus CBL an AE a bhaineann le trácht uile An Post RA tar éis don RA imeacht ón AE. Is é suim na haighneachta BAR nach bhfuarthas fós ná €8.680m. As seo, tá €1.904m aitheanta sa chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2023, toisc go gceadaíonn an reachtaíocht reatha íocaíocht suas go dtí an méid seo a dhéanamh le An Post. Tá roinnt próiseas formheasa le déanamh ag an Stát roimh eisíocaíocht agus, mar sin, is é an chóireáil chuntasaíochta don iarmhéid eile - €6.776m - ná an chuid seo a aithint mar shócmhainn theagmhasach (féach nóta 30). Ar an 31 Nollaig 2022, bhí €16.214m infhaighte ó chiste BAR agus áiríodh é seo i bhféichiúnaithe eile. I rith na bliana, fuarthas €23.096m ó chiste BAR.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

### 17. Fardail

| | Grúpa 2023 €'000 | Grúpa 2022 €'000 | Cuideachta 2023 €'000 | Cuideachta 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Earraí críochnaithe | 1,807 | 1,722 | - | - |
| | 1,807 | 1,722 | - | - |

Déantar an fardal a thaifeadadh ag luach costais nó ag glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, de réir IAS 2 agus baineann sé go príomha le luach breisiúchán guthán soghluaiste atá i seilbh Postpoint Services Limited.

### 18. Airgead sa Bhanc agus ar Láimh

| | Grúpa 2023 €'000 | Grúpa 2022 €'000 | Cuideachta 2023 €'000 | Cuideachta 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc | 627,618 | 566,652 | 610,512 | 552,285 |
| Airgead ar láimh | 202,839 | 199,283 | 202,839 | 199,283 |
| | 830,457 | 765,935 | 813,351 | 751,568 |

**Anailís ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim**

| Grúpa | Ag tús na bliana €'000 | Sreabhadh airgid €'000 | Ag deireadh na bliana €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 765,935 | 64,522 | 830,457 |

| | Grúpa 2023 €'000 | Grúpa 2022 €'000 | Cuideachta 2023 €'000 | Cuideachta 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Suimeanna in iontaobhas | 806,374 | 705,858 | 802,018 | 705,858 |

San áireamh i ndliteanais reatha amhail an 31 Nollaig 2023 bhí €806,374,000 i méideanna arna sealbhú ar iontaobhas: (2022: €705,858,000). Baineann tromlach na suimeanna a choinnítear in iontaobhas le cistí a choinnítear thar ceann chliaint na Cuideachta, An Post Money agus an Roinn Coimirce Sóisialaí ina measc. Feidhmíonn an Chuideachta freisin, ar bhonn gníomhaireachta agus ar luach saothair comhaontaithe, Banc Taisce Oifig an Phoist agus seirbhísí eile coigiltis do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a ghníomhaíonn thar ceann an Aire Airgeadais. Tarchuirtear na cistí go rialta chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Dílsítear sócmhainní agus dliteanais seirbhísí coigiltis dá leithéid don Aire Airgeadais agus dá réir sin ní áirítear iad sna ráitis airgeadais seo.

### 19. Suimeanna Iníoctha Trádála agus Eile

| | Grúpa 2023 €'000 | Grúpa 2022 €'000 | Cuideachta 2023 €'000 | Cuideachta 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Dliteanais reatha** | | | | |
| Creidiúnaithe trádála | 49,223 | 43,527 | 36,681 | 33,447 |
| Suimeanna dlite le gnóthais fochuideachta | - | - | 33,436 | 29,905 |
| Creidiúnaithe eile | 22,506 | 20,037 | 22,201 | 19,643 |
| Cánachas agus leas sóisialta (nóta 21) | 83,131 | 92,522 | 81,817 | 91,379 |
| Fabhruithe | 59,045 | 54,391 | 52,184 | 44,373 |
| Deontais chaipitil (nóta 22) | 224 | 224 | 102 | 102 |
| Ioncam iarchurtha - coimisiún gníomhaireachta | 12,978 | 9,491 | 5,968 | 4,213 |
| Ioncam iarchurtha - postas | 10,322 | 10,000 | 10,322 | 10,000 |
| | 237,429 | 230,192 | 242,711 | 233,062 |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | |
| Ioncam iarchurtha - coimisiún gníomhaireachta | 3,009 | 4,013 | 3,009 | 4,013 |
| | 3,009 | 4,013 | 3,009 | 4,013 |
| | 240,438 | 234,205 | 245,720 | 237,075 |

Tá suimeanna dlite le gnóthais an Ghrúpa saor ar ús, gan urrús agus iníoctha ach é a éileamh. Tá ioncam iarchurtha i ndáil le stampaí nár úsáideadh agus creidmheas ar mheaisíní frainceála bunaithe ar roinnt modhanna meastacháin agus samplála a ndéanann lucht bainistíochta athbhreithniú orthu chun breithiúnas a dhéanamh ar shuim iompartha an ioncaim iarchurtha. Déantar ioncam a iarchur amhail dáta an chláir chomhardaithe toisc nár comhlíonadh oibleagáidí feidhmíochta áirithe fós. Measann na Stiúrthóirí go bhfuil suim iompartha na n-infháltas trádála neas-chomhionann lena luach cóir.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

### 20. Léasanna agus Iasachtaí
**Dlite laistigh de bhliain amháin**

| | Grúpa 2023 €'000 | Grúpa 2022 €'000 | Cuideachta 2023 €'000 | Cuideachta 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Dliteanas léasa sócmhainne um cheart úsáide | 19,875 | 19,120 | 18,880 | 17,779 |
| Iasacht Théarmach | 1,000 | 6,000 | 1,000 | 6,000 |
| Iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta | 4,000 | 4,000 | 4,000 | 4,000 |
| Iasacht ón Rialtas | - | 30,000 | - | 30,000 |
| | 24,875 | 59,120 | 23,880 | 57,779 |

**Dlite tar éis bliain amháin**

| | Grúpa 2023 €'000 | Grúpa 2022 €'000 | Cuideachta 2023 €'000 | Cuideachta 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Dliteanas léasa sócmhainne um cheart úsáide | 104,508 | 104,650 | 84,277 | 85,162 |
| Iasacht Théarmach | 7,500 | 11,500 | 7,500 | 11,500 |
| Iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta | 26,500 | 30,500 | 26,500 | 30,500 |
| | 138,508 | 146,650 | 118,277 | 127,162 |

I mí na Nollag 2017, ag féachaint do na seirbhísí ar mhaithe leis an ngeilleagar i gcoitinne a sholáthraíonn sé, fuair An Post iasacht €30m ón Roinn Airgeadais le cabhrú le hathstruchtúrú na Cuideachta. Bhí an iasacht le haghaidh téarma tosaigh 5 bliana agus d'fhéadfaí síneadh bliana a chur leis faoi dhó. Rinne an Chuideachta iarratas chuig an Roinn Airgeadais agus bhain sí leas as an gcéad síneadh i mí na Nollag 2022. Tuilleann sé ráta úis 1% agus cuireadh ar fáil é chun an Plean Straitéiseach a chur i gcrích. I mí na Samhna 2023, d'aisíoc an Chuideachta an iasacht €30m ina hiomláine.

Shínigh an Chuideachta Conradh Airgeadais leis an mBanc Eorpach Infheistíochta in 2019 le haghaidh iasachtaí suas le €40m. Fuarthas tráinsí de €10m i mí na Nollag 2019 agus mí Iúil 2021 faoi seach. In 2022 tharraing an Chuideachta anuas an dá thráinse de €10m a bhí fágtha. Tá gach tráinse in-aisíoctha ina thráthchodanna ráithiúla thar théarma 10 mbliana ó dháta a dtarraingthe anuas. Is ionann an t-iarmhéid iomlán atá fós gan íoc don Bhanc Eorpach Infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2023 agus €30.5m (2022: €34.5m).

Le linn 2022 tharraing an Chuideachta anuas €17.5m ó Bhanc na hÉireann mar iasacht théarmach. Tá na cistí seo á n-úsáid chun foirgneamh na ceanncheathrún nua a fheistiú agus beidh siad inaisíoctha i dtráinsí go dtí 2029. Rinneadh aisíocaíochtaí €9m ar an iasacht théarmach seo in 2023. Is ionann an t-iarmhéid iomlán atá gan íoc do Bhanc na hÉireann ar an iasacht seo amhail an 31 Nollaig 2023 agus €8.5m.

### 21. Cánachas agus Leas Sóisialta

| | Grúpa 2023 €'000 | Grúpa 2022 €'000 | Cuideachta 2023 €'000 | Cuideachta 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Cáin chorparáideach iníoctha | 130 | - | - | - |
| Cáin iarchurtha | 63,539 | 72,210 | 63,139 | 71,765 |
| Cáin ioncaim bainte faoi ÍMAT | 8,208 | 8,435 | 7,475 | 7,681 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 7,890 | 7,709 | 7,640 | 7,415 |
| Cáin bhreisluacha | 1,896 | 2,967 | 2,089 | 3,343 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 1,468 | 1,201 | 1,474 | 1,175 |
| | 83,131 | 92,522 | 81,817 | 91,379 |

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí an Grúpa agus an Chuideachta in ann aisíocaíocht a fháil i leith Cáin Chorparáide. Áirítear na hiarmhéideanna atá dlite mar nithe infhaighte, féach nóta 16.

### 22. Deontais Chaipitil

| | Grúpa 2023 €'000 | Grúpa 2022 €'000 | Cuideachta 2023 €'000 | Cuideachta 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 7,719 | 7,943 | 2,442 | 2,544 |
| Deontais a fuarthas i gcaitheamh na bliana | - | - | - | - |
| Amúchta chuig an ráiteas ioncaim | (224) | (224) | (102) | (102) |
| Ag deireadh na bliana | 7,495 | 7,719 | 2,340 | 2,442 |
| Aistrithe chuig dliteanais reatha | (224) | (224) | (102) | (102) |
| | 7,271 | 7,495 | 2,238 | 2,340 |

Fuarthas na deontais a thaispeántar ar chlár comhardaithe na Cuideachta sna 1990idí chun cabhrú le forbairt saoráidí poist ag suíomhanna éagsúla ar fud na tíre. Tá siad amúchta go dtí an cuntas brabúis agus caillteanais ar aon dul le táillí dímheasa le haghaidh na bhfoirgneamh céanna. Ina theannta sin, fuair an Grúpa tacaíocht ón Rialtas chun Iarsmalann Ard-Oifig an Phoist: Finné na Staire a fhorbairt in 2016 agus tá an deontas sin amúchta freisin ar bhonn atá ag teacht le dímheas na sócmhainní lenar bhain an deontas.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

### 23. Forálacha

**Grúpa**

Ba mar seo a leanas a bhí na gluaiseachtaí i rith na bliana:

| | Soláthar d'athstruchtúrú gnó 2023 €'000 | Soláthar d'éilimh árachais 2023 €'000 | Iomlán 2023 €'000 | Soláthar d'athstruchtúrú gnó 2022 €'000 | Soláthar d'éilimh árachais 2022 €'000 | Iomlán 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ag tús na bliana | - | 11,818 | 11,818 | 73 | 12,329 | 12,402 |
| Forálacha a rinneadh i rith na bliana | - | 2,500 | 2,500 | - | 2,500 | 2,500 |
| Soláthairtí a scaoileadh i gcaitheamh na bliana | - | (1,750) | (1,750) | - | (480) | (480) |
| Úsáidte i rith na bliana | - | (2,625) | (2,625) | (73) | (2,531) | (2,604) |
| Ag deireadh na bliana | - | 9,943 | 9,943 | - | 11,818 | 11,818 |
| Reatha | - | 1,819 | 1,819 | - | 1,730 | 1,730 |
| Neamhreatha | - | 8,124 | 8,124 | - | 10,088 | 10,088 |
| | - | 9,943 | 9,943 | - | 11,818 | 11,818 |

Baineann an soláthar d'éilimh árachais le héilimh faoi pholasaí féinárachais an Ghrúpa. Cinntear an soláthar nuair a chuirtear measúnú de réir cáis i gcrích. Tá an Grúpa ag súil le tromlach an dliteanais árachais a réiteach as seo go ceann sé bliana.

Bhain an soláthar d'athstruchtúrú gnó de €73,000 a socraíodh in 2021 le One Direct (Ireland) Limited. Ní raibh aon soláthar ag teastáil le haghaidh athstruchtúrú gnó amhail an 31 Nollaig 2023 nó an 31 Nollaig 2022.

Tá gach soláthar a bhí fágtha amhail an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2022 san áireamh i leabhair na Cuideachta, An Post.

### 24. Pinsin

**An Grúpa agus an Chuideachta**

Tagann teidlíochtaí pinsin fostaithe chun cinn faoi roinnt scéimeanna pinsin le sochar sainithe agus le ranníocaíocht shainithe, a mbíonn a sócmhainní dílsithe in iontaobhaithe neamhspleácha a cheapann an Chuideachta do shochar na bhfostaithe agus a gcleithiúnaithe agus dó sin amháin. Bíonn ranníocaíochtaí bliantúla bunaithe ar chomhairle ó achtúire cáilithe gairmiúil. Bhí iarmhéid €0.7m dlite ó na Scéimeanna Pinsin amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €0.6m). B'fhiú €23.5m na ranníocaíochtaí fostóra in 2023. Meastar go mbeidh na ranníocaíochtaí fostóra cothrom le €28m. in 2024.

Meastar costais phinsin na scéimeanna le sochar sainithe de réir na comhairle a thugann achtúire cáilithe gairmiúil atá neamhspleách. Rinneadh na luachálacha achtúire is deireanaí, a chuir na hathruithe ar an ngnáthaois scoir san áireamh, ar an 1 Eanáir 2022, ag úsáid mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, agus ar an dáta sin ba leor iad le 109% de na dliteanais fhabhraithe a chlúdach. Ba í an príomhthoimhde achtúireach ná go mbeadh an ráta toraidh bliantúil ar infheistíochtaí níos ísle ná méaduithe 0.23% ar an meán ar thuarastail agus phinsin in aghaidh na bliana san fhadtéarma. Moladh sa luacháil achtúireach ráta ranníocaíochta 8% den luach saothair inphinsin, le comhaontú go dtiocfadh deireadh leis an Togra Maoinithe agus nach mbeadh feidhm a thuilleadh ag na sócmhainní teagmhasacha a bhí mar chuid den togra. Níl na luachálacha achtúireacha ar fáil le haghaidh iniúchadh poiblí ach cuireadh torthaí na luachálacha in iúl do chomhaltaí na scéimeanna. Críochnófar an chéad luacháil achtúireach eile amhail an 1 Eanáir 2025.

Oibríonn an Chuideachta Scéim Íocaíochtaí um Fhoirceannadh Speisialta do Mháistrí Poist. Soláthraíonn sé seo aisce aon uaire do Mháistrí Poist (de rogha na Cuideachta), i gcás go gcríochnaíonn a gconradh ag aois ar bith, nó, i rith a gconartha, go bhfaigheann siad bás agus go bhfuil gaol nó gaolta cleithiúnacha fágtha ina ndiaidh. Is ionann méid na haisce agus luach saothair seachtaine amháin do gach bliain seirbhíse go dtí 15 bliana, agus luach saothair dhá sheachtain do gach bliain seirbhíse ina dhiaidh sin. Is é an chaidhp fhoriomlán ar an aisce ná 1.5 oiread an luacha saothair. B'ionann an oibleagáid a aithnítear don Scéim seo amhail an 31 Nollaig 2023, atá sa tábla thall, agus €12.9m (2022: €12.9m)

**Maoiniú**

Tá na Scéimeanna faoi réir luacháil bhliantúil faoi Íoschaighdeán Maoinithe an Údaráis Pinsean (MFS). Is éard atá i luacháil MFS ná seiceáil go bhfuil dóthain airgid ag scéim chun íosleibhéal sochar a sholáthar i gcás go ndéantar an scéim a fhoirceannadh. Ina theannta sin, tá sé d'oibleagáid ar na Scéimeanna acmhainní breise leordhóthanacha a bheith acu chun an cúlchiste caighdeánach maoinithe a shásamh mar a fhoráiltear in alt 44(2) den Acht.

Ar an 31 Nollaig 2023, ríomh suíomh measta MFS barrachas de €0.8bn (sa ríomh seo, meastar gur €nialas an Cúlchiste Caighdeánach Maoinithe amhail an 31 Nollaig 2023) ag léiriú staid mhaoinithe an phlean agus cineál dí-riosca na sócmhainní. Chuir an Chuideachta agus na hIontaobhaithe deireadh leis an togra maoinithe le linn 2023 mar chuid den Mhargadh Pinsean.

**Gluaiseacht sa ghlansócmhainn sochair shainithe**

Léirítear sa tábla seo a leanas réiteach ó na hiarmhéideanna tosaigh go dtí na hiarmhéideanna deiridh do ghlandliteanas i dtaca le sochar sainithe agus a chomhpháirteanna.

| | Luach cóir shócmhainní an phlean | | Oibleagáid sochair shainithe | | Glansócmhainn shochair shainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | 3,219,990 | 4,075,990 | (2,553,789) | (3,589,984) | 666,201 | 486,006 |
| **San áireamh sa bhrabús nó sa chaillteanas** | | | | | | |
| Costas seirbhíse reatha | - | - | (28,100) | (47,500) | (28,100) | (47,500) |
| Costas um sheirbhís roimhe seo | - | - | - | (217,900) | - | (217,900) |
| (Costas)/ioncam úis | 131,800 | 52,500 | (103,500) | (45,950) | 28,300 | 6,550 |
| | 131,800 | 52,500 | (131,600) | (311,350) | 200 | (258,850) |
| **San áireamh in ioncam cuimsitheach eile** | | | | | | |
| Caillteanas/(gnóthachan) a ath-thomhas | | | | | | |
| - Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach ag eascairt as: | | | | | | |
| Coigeartú ar thaithí | - | - | (1,535) | 51,544 | (1,535) | 51,544 |
| Boinn tuisceana airgeadais | - | - | (216,676) | 1,194,900 | (216,676) | 1,194,900 |
| Toradh ar shócmhainní an phlean | 154,765 | (839,251) | - | - | 154,765 | (839,251) |
| | 154,765 | (839,251) | (218,211) | 1,246,444 | (63,446) | 407,193 |
| **Eile** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí a d'íoc an fostóir | 23,491 | 30,807 | - | - | 23,491 | 30,807 |
| Costais riaracháin ó phlean | (1,500) | (1,500) | 1,500 | 1,500 | - | - |
| Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí | 5,931 | 5,412 | (5,931) | (5,412) | - | - |
| Sochair íoctha - scéim neamh-mhaoinithe | - | - | 796 | 1,045 | 796 | 1,045 |
| Sochair íoctha - scéim mhaoinithe | (118,227) | (103,968) | 118,227 | 103,968 | - | - |
| | (90,305) | (69,249) | 114,592 | 101,101 | 24,287 | 31,852 |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | 3,416,250 | 3,219,990 | (2,789,008) | (2,553,789) | 627,242 | 666,201 |

| Comhdhéanta de | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Scéim Pinsin le Sochar Sainithe - glan | 640,050 | 679,105 |
| Scéim Máistrí Poist neamh-mhaoinithe | (12,808) | (12,904) |
| | 627,242 | 666,201 |

# **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

## **24. Pinsin** ar lean

### Sócmhainní an phlean

Cuimsíonn sócmhainní an phlean iad seo a leanas:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Cothromais: Margaí forbartha domhanda | 252,582 | 566,895 |
| Cothromais: Margaí éiritheacha | - | 61,113 |
| Cothromais: Iomlán | 252,582 | 628,008 |
| Bannaí: Euro | 2,383,453 | 1,793,572 |
| Eile: áirítear réadmhaoin, cothromas príobháideach agus bonneagar | 780,215 | 798,410 |
| Luach cóir shócmhainní na scéimeanna pinsin | 3,416,250 | 3,219,990 |

Faoin nGníomhas Iontaobhais, tá an chumhacht iomlán ag na hIontaobhaithe chun beartas infheistíochta a chinneadh agus chun na cistí atá ar fáil dóibh a riaradh. Leithdháiltear an t-airgead le hinfheistiú ar bhainisteoirí infheistíochta éagsúla agus infheistíonn siad ar fad de réir treoirlínte a leagtar amach i gComhaontú Bainistíochta Infheistíochta a d'fhaomh na hIontaobhaithe. Cuireann na bainisteoirí infheistíochta tuarascálacha mionsonraithe ar fáil do na hIontaobhaithe agus déanann na hIontaobhaithe monatóireacht ar fheidhmíocht infheistíochta go rialta. Tá tromlach shócmhainní na Scéimeanna infheistithe i gcothromais agus i mbannaí. Tá an chuid eile de na sócmhainní infheistithe in aicmí sócmhainní malartacha, réadmhaoin san áireamh.

Bainistíonn beirt bhainisteoirí infheistíochta na príomh-shainorduithe seo a leanas, a chuimsíonn 77% de shócmhainní na Scéimeanna le chéile:

- Sainordú Cothromais Forbartha Domhanda Éighníomhach agus Ioncaim Sheasta - SSGA
- Sainordú Úis Sheasta Gníomhach - PIMCO

Tá infheistíochtaí ag an scéim freisin i raon leathan aicmí sócmhainní mar bhonneagar, foraoiseacht, iasachtú díreach agus cothromas príobháideach.

### Oibleagáid sochair shainithe

**i. Boinn tuisceana achtúireacha**

Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha ar an dáta tuairiscithe:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Modh luachála | Aonad réamh-mheasta | Aonad réamh-mheasta |
| Ráta lascaine | 3.50% | 4.15% |
| Boilsciú - praghasinnéacs tomhaltóirí | 2.25% | 2.50% |
| Boilsciú ar phá inphinsin* | 1.80% | 1.85% |
| Ardú ar phinsin in íocaíocht* | 1.80% | 1.85% |
| Arduithe ar thuarastail inphinsin* | 1.80% | 1.85% |

*Amhail an 31 Nollaig 2022, bunaithe ar 2.85% in 2023 chun an t-ardú pá speisialta de 6%, agus 1.85% ina dhiaidh sin a chur san áireamh.

Tá na boinn tuisceana maidir le fad saoil na ndliteanas pinsin ar an dáta tuairiscithe bunaithe ar tháblaí caighdeánacha mortlaíochta achtúireacha agus cuirtear feabhsú fad saoil sa todhchaí san áireamh.

Tá na boinn tuisceana bunaithe ar an dóchúlacht go mairfidh duine 65 bliana d'aois go dtí an aois seo a leanas:

| | 2023 Fir | 2023 Mná | 2022 Fir | 2022 Mná |
|---|---|---|---|---|
| Ionchas saoil ag 65 | | | | |
| Pinsinéirí Reatha - 65 bliain d'aois | 86.7 | 88.5 | 86.6 | 88.4 |
| Pinsinéirí sa Todhchaí - 40 bliain d'aois | 88.9 | 90.7 | 88.8 | 90.6 |

Amhail an 31 Nollaig 2023, b'ionann meánfhad ualaithe na hoibleagáide sochair shainithe sa scéim phríomhúil agus 13.65 bliana (2022: 13.0 bliana).

**ii. Anailís ar íogaireacht**

Dá ndéanfaí athruithe réasúnacha ar an dáta tuairiscithe ar cheann de na toimhdí achtúireacha ábhartha, agus dá bhfanfadh na toimhdí eile seasmhach, bheadh tionchar aige ar an oibleagáid sochair shainithe de réir na méideanna a thaispeántar thíos.

| | 2023 €m | 2023 €m | 2022 €m | 2022 €m |
|---|---|---|---|---|
| | Méadú | Laghdú | Méadú | Laghdú |
| Ráta lascaine (gluaiseacht 0.5%) | (171.9) | 191.8 | (152.8) | 169.9 |
| Fás ar thuarastal/pinsean sa todhchaí (gluaiseacht 0.5%) | 194.6 | (182.4) | 167.5 | (151.9) |

Mhéadófaí dliteanais na scéime faoi €77.6m dá ndéanfaí méadú ar an mbonn tuisceana ar ionchas saoil móide 1 bhliain.

Cé nach gcuireann an anailís dáileadh iomlán na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leis faoin bplean san áireamh, soláthraíonn sé neas-mheastachán ar íogaireacht na mbonn tuisceana a léirítear.

### Sócmhainn Theagmhasach Scéim Pinsin An Post

Faoi théarmaí an phlean chun ceanglais an Íoschaighdeáin Maoinithe a chomhlíonadh cuireadh morgáiste agus muirear a bhaineann le sócmhainní réadmhaoine áirithe de chuid na Cuideachta dar luach €72.5 milliún in áit i bhfabhar Scéim Pinsin An Post ("an Scéim") le húsáid mar shócmhainn theagmhasach na Scéime.

Áiríodh sa luacháil achtúireach a rinneadh amhail an 1 Eanáir 2022 comhaontú go gcuirfí deireadh leis an Togra Maoinithe, agus nach mbeadh feidhm a thuilleadh ag na sócmhainní teagmhasacha a bhí mar chuid den togra. Mar sin, scaoileadh na táillí ar na réadmhaoine ar ais chuig an gCuideachta in 2023.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

### 25. Scairchaipiteal agus Cúlchistí
**An Grúpa agus an Chuideachta**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| 80,000,000 Gnáthscair ar €1.25 an ceann | 100,000 | 100,000 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha ina n-iomláine:** | | |
| 54,590,946 Gnáthscair ar €1.25 an ceann | 68,239 | 68,239 |

**Cineál agus cuspóir na gcúlchistí**

**Cúlchiste comhshóite caipitil**

Ar 14 Eanáir 2003, athainmníodh scaireanna na Cuideachta ó €1.269738 go €1.25 in aghaidh na scaire agus aistríodh suim €877,000 chuig cúlchiste caipitil.

**Cúlchiste aistrithe airgeadra coigríche**

Cuimsítear sa chúlchiste aistrithe na difríochtaí ar fad in airgeadra eachtrach a eascraíonn as ráitis airgeadais oibríochtaí eachtracha a aistriú.

### 26. Fochuideachtaí agus Comhfhiontair
**Foghnóthais atá i seilbh na Cuideachta go díreach[1]**

| Ainm | Cineál Gnó | Sealúchas mar % | Oifig Chláraithe |
|---|---|---|---|
| Printpost Limited | Clóbhualadh ardmhéide | 100% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |
| An Post Billpost Processing Service Limited, ag trádáil mar An Post Commerce Business Solutions | Próiseáil íocaíochta billí | 100% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |
| An Post GeoDirectory DAC | Seirbhísí bunachar sonraí | 51% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |
| Arcade Property Company Limited | Forbairt agus ligean maoine | 100% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |
| Prince's Street Property Company Limited | Neamhghníomhach | 100% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |
| Post Consult International Limited | Seirbhísí bogearraí ríomhaire | 100% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |
| Post.Trust Limited | Teastasú digiteach agus seirbhís slándála | 100% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |
| Transpost Limited | Cúiréirí agus dáileachán | 100% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |
| Kompass Ireland Publishers Limited | Neamhghníomhach | 100% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |
| An Post (NI) Limited | Cuideachta Sealbhaíochta | 100% | The Soloist Building , 1 Lanyon Place, Béal Feirste,, BT1 3LP, Tuaisceart Éireann, An Ríocht Aontaithe |

[1] I ngach cás, is gnáthscaireanna iad na scaireanna atá i seilbh An Post.

**Foghnóthais atá ar coinneáil go hindíreach trí fhoghnóthas**

| Ainm | Cineál Gnó | Sealúchas mar % | Oifig Chláraithe |
|---|---|---|---|
| Air Business Limited | Seirbhísí dáilte agus síntiús irise | 100% | The Beacon, Mosquito Way, Hatfield, Herts, AL10 9WN, An Ríocht Aontaithe. |
| One Direct (Ireland) Limited, ag trádáil mar An Post Insurance | Bróicéir Árachais | 100% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |
| Jordan & Co International Limited | Dáileadh | 100% | The Beacon, Mosquito Way, Hatfield, Herts, AL10 9WN, An Ríocht Aontaithe. |
| Postpoint Services Limited | Breisiú fóin phóca | 100% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |
| GPO IEC Limited | Lárionad Taispeántais Ard-Oifig an Phoist | 100% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |

**Comhfhiontair i seilbh dhíreach na Cuideachta**

| Ainm | Cineál Gnó | Sealúchas mar % | Oifig Chláraithe |
|---|---|---|---|
| An Chuideachta Duais-Bhannaí CGA | Riaradh Scéim na nDuaisbhannaí | 50% | Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2 |

Tá Air Business Limited agus Jordan & Co International Limited corpraithe i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus ag feidhmiú ansin. Tá An Post (NI) Limited corpraithe i dTuaisceart Éireann agus ag feidhmiú ansin. Tá gach gnóthas eile corpraithe i bPoblacht na hÉireann agus ag feidhmiú ansin. Cuimsíonn na scairshealbha ar fad gnáth-scairchaipiteal. Riarann The Prize Bond Company DAC an Scéim Duaisbhannaí faoi chonradh le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Thug an Chuideachta urrús faoi Alt 357 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 do na haonáin seo a leanas sa bhliain reatha: Post Consult International Limited; Printpost Limited; Post.Trust Limited; Transpost Limited; Prince's Street Property Company Limited; An Post Billpost Processing Services Limited; Kompass Ireland Publishers Limited; One Direct (Ireland) Limited; GPO IEC Limited agus Postpoint Services Limited.

# **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

## 27. Ceangaltais Léasa

**Dliteanais léasa a bhaineann le sócmhainní um cheart úsáide**

Bhí íocaíochtaí todhchaí faoi na léasanna sin ag deireadh na bliana don Ghrúpa agus don Chuideachta mar seo a leanas:

| | Íosíocaíochtaí léasa sa todhchaí | | Ús | | Luach reatha íosíocaíochtaí léasa | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
| **Grúpa** | | | | | | |
| Níos lú ná bliain amháin | 23,938 | 22,478 | 4,063 | 3,358 | 19,875 | 19,120 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 57,033 | 52,807 | 12,016 | 10,841 | 45,017 | 41,966 |
| Níos faide ná cúig bliana | 85,773 | 89,708 | 26,282 | 27,024 | 59,491 | 62,684 |
| | 166,744 | 164,993 | 42,361 | 41,223 | 124,383 | 123,770 |
| **Cuideachta** | | | | | | |
| Níos lú ná bliain amháin | 22,100 | 20,611 | 3,220 | 2,832 | 18,880 | 17,779 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 50,783 | 47,478 | 9,039 | 8,999 | 41,744 | 38,479 |
| Níos faide ná cúig bliana | 51,112 | 57,098 | 8,579 | 10,415 | 42,533 | 46,683 |
| | 123,995 | 125,187 | 20,838 | 22,246 | 103,157 | 102,941 |

## 28. Ceangaltais Chaipitil

Bhí caiteachas caipitil don todhchaí a d'fhaomh na Stiúrthóirí ach nár foráladh dó sna ráitis airgeadais mar seo a leanas:

| | Grúpa 2023 €'000 | Grúpa 2022 €'000 | Cuideachta 2023 €'000 | Cuideachta 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ar conradh | 9,663 | 18,625 | 8,973 | 18,625 |
| Údaraithe ach gan a bheith ar conradh | 2,235 | 5,271 | 2,235 | 5,271 |
| | 11,898 | 23,896 | 11,208 | 23,896 |

## 29. Páirtithe Gaolmhara

**Páirtí rialaithe**

Rinne an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide rialú ar an nGrúpa i rith na bliana ar fad. Is ag an Aire atá scaircharpaiteal eisithe iomlán An Post seachas gnáthscair amháin atá ag an Aire Airgeadais (a aistríodh chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Airí agus Rúnaithe, 2011).

### Idirbhearta eile le páirtithe gaolmhara

**An Chuideachta Duais-Bhannaí CGA**

Faoi théarmaí an chonartha le The Prize Bond Company DAC, comhlíonann an Chuideachta gnéithe áirithe de riarachán Scéim na nDuaisbhannaí. B'ionann na táillí a thuill an Chuideachta do sheirbhísí den chineál sin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus €4,235,000 (2022: €4,548,000). Ba é an tsuim a bhí dlite ó The Prize Bond Company DAC don Ghrúpa ná €251,000 an 31 Nollaig 2023; (2022: €279,000). Amhail an 31 Nollaig 2023 bhí €812,000 €812,000) de Dhuaisbhannaí ag an nGrúpa.

**An Post GeoDirectory DAC**

Tá scairsheilbh 51% ag An Post in An Post GeoDirectory DAC, cuideachta a dhíolann agus a bhainistíonn bunachar sonraí náisiúnta d'fhaisnéis seoltaí agus suíomhanna. Cheannaigh GeoDirectory DAC An Post earraí agus seirbhísí dar luach €1,425,000 don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 ó An Post (2022: €1,375,000). Cheannaigh An Post earraí agus seirbhísí ar luach €56,000 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ó An Post GeoDirectory DAC (2022: €nialas). Ba é an méid a bhí dlite ag GeoDirectory DAC An Post don Ghrúpa ná €409,000 ar 31 Nollaig 2023; (2022: €123,000).

**Idirbhearta le ranna Rialtais agus le comhlachtaí Stáit eile**

Soláthraíonn an Grúpa, i ngnáthimeacht gnó, seirbhísí postais, gníomhaireachta, íocaíochta agus teachtaire do ranna Rialtais éagsúla agus do chomhlachtaí Stáit eile ar bhonn fadláimhe. Feidhmíonn an Grúpa seirbhísí laethúla baincéireachta agus státchiste le hinstitiúidí baincéireachta atá faoi úinéireacht an Stáit freisin. Le linn 2023, rinne an Grúpa maoiniú €10 milliún a dháileadh ar Mháistrí Poist thar ceann an Rialtais.

**Idirbhearta le príomhphearsanra bainistíochta, a chuimsigh Stiúrthóirí Feidhmiúcháin, Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin agus comhaltaí eile de Choiste Bainistíochta Feidhmiúcháin an Ghrúpa agus daoine a bhfuil baint acu leo**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair fostaithe ghearrthéarmacha | 2,437 | 2,379 |
| Táillí Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin | 237 | 218 |
| Sochair i ndiaidh fostaíochta | 323 | 304 |
| | 2,997 | 2,901 |

Ó 2018 i leith, tá an tUasal David McRedmond, Príomhfheidhmeannach an Ghrúpa, ina Chathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin ar eircom Holdings (Ireland) Limited, cuideachta teileachumarsáide seasta, soghluaiste agus leathanbhanda a oibríonn in Éirinn, a úsáideann an trádainm, eir. I gcaitheamh 2023, chuir eir seirbhísí ar fáil don Ghrúpa agus chuir An Post seirbhísí ar fáil do eir i rith gnáthchúrsa gnó. Ba iad na táillí maidir le hearraí agus seirbhísí a chuir eir ar fáil don Ghrúpa go dtí an 31 Nollaig 2023 ná €10,085,000 (2022: €8,447,000). Ba é €1,627,000 an méid nár íoc an Grúpa fós ag deireadh na bliana (2022: €1,357,000). Chuir an Grúpa seirbhísí dar luach €3,784,000 ar fáil d'eir le linn 2023, (2022: €4,505,000) agus ba é an méid nár íoc eir go fóill leis an nGrúpa ag deireadh na bliana 2023 ná €1,113,000 (2022: €1,632,000).

In 2022, dhíol An Post réadmhaoin i nDroichead na Dothra ar €2.6m agus bhí Eir in dtionóntaí roimhe sin san fhoirgneamh agus bhí leas léasach aige sa réadmhaoin. Dá thoradh air sin, d'íoc An Post €0.653k le Eir chun aon leas a bhí acu sa réadmhaoin a thabhairt suas ionas go bhféadfaí an diúscairt a dhéanamh.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023
ar lean

## 30. Teagmhais

### Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon urrúis ná dliteanais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2023 ná 2022 óna bhféadfadh caillteanais ábhartha teacht chun cinn seachas iad sin a nochtar in áit eile i ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta.

### Sócmhainní Teagmhasach

Ar 31 Nollaig 2023, níor aithníodh sócmhainn theagmhasach €6.776m sna ráitis airgeadais i ndáil le cistí atá dlite ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit (féach nóta 16).

## 31. Ionstraimí Airgeadais - Luach Cóir agus Bainistíocht Riosca

### Luach cóir

#### A. Aicmí cuntasaíochta agus luachanna córa

Tomhaiseann an Grúpa luachanna córa leis an ordlathas modhanna seo a leanas:

- Leibhéal 1 - Is ionann na hionchuir agus praghsanna margaidh luaite (gan choigeartú) i margaí gníomhacha le haghaidh ionstraimí atá díreach cosúil leo;
- Leibhéal 2 - Ionchuir seachas praghsanna luaite a áirítear i Leibhéal 1 atá inbhraite go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. díorthaithe ó phraghsanna). Áirítear sa chatagóir seo ionstraimí a luacháiltear ach úsáid a bhaint as: praghsanna margaidh luaite i margaí gníomhacha d'ionstraimí atá cosúil leo; praghsanna luaite ar ionstraimí atá díreach cosúil leo nó cosúil leo i margaí a mheastar a bheith níos lú ná gníomhach; nó teicnící luachála eile ina bhfuil na hionchuir shuntasacha ar fad inbhraite go díreach nó go hindíreach ó shonraí margaidh;
- Leibhéal 3 - Ionchuir atá do-bhraite. Áirítear sa chatagóir seo na hionstraimí ar fad ina n-áirítear sa teicníc luachála ionchuir nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite agus bíonn tionchar suntasach ag na hionchuir dho-bhraite ar luacháil na hionstraime. Áirítear sa chatagóir seo ionstraimí a luacháiltear bunaithe ar phraghsanna luaite le haghaidh ionstraimí atá cosúil leo ach a dteastaíonn boinn tuisceana nó coigeartuithe suntasacha do-bhraite uathu chun na difríochtaí idir na hionstraimí a léiriú.

Ríomhtar an luach cóir mar seo a leanas:

i. Luachálfar urrúis a thrádáiltear gan srianadh bunaithe ar an bpraghas scoir, nó murar tharla aon díolachán, ag an bpraghas tairgthe deireadh orthu ar an lá deiridh den ráithe nó den bhliain airgeadais, de réir mar is cuí. I gcás gach ionstraime airgeadais eile, cinneann an Grúpa luachanna córa ag úsáid teicnící luachála;

ii. D'fhéadfaí infheistíochtaí a aicmiú mar Leibhéal 2 nuair a thagann faisnéis mhargaidh chun cinn, ach nach bhfuil an infheistíocht á trádáil i margadh gníomhach agus/nó go bhfuil an infheistíocht faoi réir ag srianta aistrithe, nó go gcoigeartaítear an luacháil chun neamhleachtacht agus/nó neamh-inaistrithe a léiriú;

iii. Tá tomhas luacha chóir an Ghrúpa ar infheistíochtaí Leibhéal 3 bunaithe ar shamhail a bhféadfadh ionchuir shuntasacha dho-bhraite a bheith ann. Is teicníc glanluach láithreach í an tsamhail ábhartha, a dhíorthaítear ó phraghas infheistíochta atá cosúil léi nó ó rátaí cosúla iasachtaíochta/iasachtaithe margaidh, ag brath ar mheasúnú na bainistíochta ar an modheolaíocht luachála is cuí agus ar ionchuir le haghaidh na hinfheistíochta áirithe sin.

Déantar achoimre sa tábla i nóta 31 cuid B ar na hionchuir chainníochtúla agus na boinn tuisceana a úsáideadh do na hinfheistíochtaí atá catagóirithe i Leibhéal 3 den ordlathas luacha chóir amhail an 31 Nollaig 2023. Níor aistríodh aon rud idir leibhéil an ordlathais luacha chóir i rith na mblianta dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2022.

Léirítear sa tábla seo a leanas na suimeanna glanluacha agus luachanna córa na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais, lena n-áirítear a leibhéal san ordlathas luacha chóir. Ní áirítear ann faisnéis luacha chóir le haghaidh sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais nár tomhaiseadh ag luach cóir más meastachán réasúnta ar luach cóir é an tsuim ghlanluacha.

| | | Suim ghlanluacha | | | | Luach Cóir | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 31 Nollaig 2023 | Nóta | Iasachtaí agus suimeanna infhaighte €'000 | Infhe-istíochtaí eile €'000 | Dliteanais airgeadais eile €'000 | Iomlán €'000 | Leibhéal 1 €'000 | Leibhéal 2 €'000 | Leibhéal 3 €'000 | Iomlán €'000 |
| **Sócmhainní airgeadais nach bhfuil tomhaiste ag luach cóir** | | | | | | | | | |
| Infháltais trádála agus eile | 16 | 119,512 | - | - | 119,512 | - | - | - | - |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 18 | 830,457 | - | - | 830,457 | - | - | - | - |
| | | 949,969 | - | - | 949,969 | | | | |
| **Dliteanais Airgeadais nach dtomhaistear ag luach cóir** | | | | | | | | | |
| Iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta | 20 | - | - | 30,500 | 30,500 | - | - | 30,500 | 30,500 |
| Iasacht théarmach | 20 | - | - | 8,500 | 8,500 | - | - | 8,500 | 8,500 |
| Dliteanas léasa sócmhainne um cheart úsáide | 20 | - | - | 124,383 | 124,383 | - | - | 124,383 | 124,383 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 19 | - | - | 130,774 | 130,774 | - | - | - | - |
| | | | | 294,157 | 294,157 | | | | |

Léirítear sa tábla seo a leanas na suimeanna glanluacha agus luachanna córa na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais, lena n-áirítear a leibhéal san ordlathas luacha chóir. Ní áirítear ann faisnéis luacha chóir le haghaidh sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais nár tomhaiseadh ag luach cóir más meastachán réasúnta ar luach cóir é an tsuim ghlanluacha.

| | | Suim ghlanluacha | | | | Luach Cóir | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 31 Nollaig 2022 | Nóta | Iasachtaí agus suimeanna infhaighte €'000 | Infhe-istíochtaí eile €'000 | Dliteanais airgeadais eile €'000 | Iomlán €'000 | Leibhéal 1 €'000 | Leibhéal 2 €'000 | Leibhéal 3 €'000 | Iomlán €'000 |
| **Tomhaistear sócmhainní airgeadais ag luach cóir** | | | | | | | | | |
| Leas in PLI - scaireanna cothromais | 15 | - | 860 | - | 860 | - | - | 860 | 860 |
| Leas in PLI - scaireanna tosaíochta | 15 | - | 8,850 | - | 8,850 | - | - | 8,850 | 8,850 |
| | | - | 9,710 | - | 9,710 | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais nach bhfuil tomhaiste ag luach cóir** | | | | | | | | | |
| Leas in PLI - iasacht scairshealbhóra | 15 | 22,673 | - | - | 22,673 | - | - | 22,673 | 22,673 |
| Infháltais trádála agus eile | 16 | 127,031 | - | - | 127,031 | - | - | - | - |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 18 | 765,935 | - | - | 765,935 | - | - | - | - |
| | | 915,639 | - | - | 915,639 | | | | |
| **Dliteanais Airgeadais nach dtomhaistear ag luach cóir** | | | | | | | | | |
| Iasacht ón Rialtas | 20 | - | - | 30,000 | 30,000 | - | - | 30,000 | 30,000 |
| Iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta | 20 | - | - | 34,500 | 34,500 | - | - | 34,500 | 34,500 |
| Iasacht théarmach | 20 | - | - | 17,500 | 17,500 | - | - | 17,500 | 17,500 |
| Dliteanas léasa sócmhainne um cheart úsáide | 20 | - | - | 123,770 | 123,770 | - | - | 123,770 | 123,770 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 19 | - | - | 117,955 | 117,955 | - | - | - | - |
| | | - | - | 323,725 | 323,725 | | | | |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

### 31. Ionstraimí Airgeadais - Luach Cóir agus Bainistíocht Riosca ar lean

**Luach cóir** ar lean

**B. Teicnící luachála agus ionchuir shuntasacha dho-bhraite**

Léirítear sna táblaí a leanas na teicníochtaí luachála a úsáideadh chun luach cóir Leibhéal 3 a thomhas, chomh maith leis na hionchuir shuntasacha dho-bhraite a úsáideadh.

**Ionstraimí airgeadais nár tomhaiseadh ag luach cóir**

| Cineál | 2023 €'000 | Modh luachála | Ionchuir dho-bhraite |
|---|---|---|---|
| Iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta | 30,500 | Teicníc um shreabhadh airgid lascainithe arna tagairt do rátaí iasachtaíochta/iasachtaithe margaidh | Ráta lascaine |
| Iasacht théarmach | 8,500 | Teicníc um shreabhadh airgid lascainithe arna tagairt do rátaí iasachtaíochta/iasachtaithe margaidh | Ráta lascaine |

**C. Luachanna córa Leibhéal 3**

**Réiteach luachanna córa Leibhéal 3**

Léirítear sa tábla seo a leanas réiteach ó na hiarmhéideanna tosaigh go dtí na hiarmhéideanna deiridh do luachanna córa Leibhéal 3.

| PLI - gnáthscaireanna/scaireanna tosaíochta | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na tréimhse | 9,710 | 11,010 |
| Diúscairtí | (9,710) | - |
| Gluaiseacht sa luach cóir trí bhrabús agus caillteanas | - | (1,300) |
| Iarmhéid ag deireadh na tréimhse | - | 9,710 |

Chuir an Chuideachta a scaireanna de láimh in PLI le linn 2023 (féach nóta 15 le haghaidh tuilleadh sonraí).

**Anailís ar íogaireacht**

Sa chás go bhfuil luach na n-ionstraimí airgeadais ag brath ar shamhlacha luachála do-bhraite, roghnaítear samhlacha agus ionchuir oiriúnacha ionas go dtiocfaidh siad leis an bhfianaise mhargaidh atá i réim. Ní bheadh tionchar suntasach ag méadú nó laghdú 100 i mbunphointí ar ráta lascaine na sócmhainní airgeadais faoi Leibhéal 3 atá i seilbh an Ghrúpa ar an luach iompair.

**Bainistíocht riosca airgeadais**

Déantar rioscaí airgeadais an Ghrúpa a bhainistiú laistigh de pharaiméadair a shainíonn an Bord go foirmiúil. Déantar gníomhaíocht chistíochta a thuairisciú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord. Baineann na príomhrioscaí airgeadais a bhíonn os comhair an Ghrúpa le creidmheas, ús, aistriú malartaithe eachtraigh agus leachtacht. Comhaontaíonn an Bord beartais chun na rioscaí sin a bhainistiú, mar a léirítear san achoimre thíos.

### Riosca creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus an riosca go mbeadh caillteanas airgeadais ag an nGrúpa má theipeann ar chustaiméir nó ar chontrapháirtí le hionstraim airgeadais a oibleagáidí conartha a chomhlíonadh, agus tagann sé chun cinn go príomha ó shuimeanna infhaighte an Ghrúpa ó chustaiméirí agus ó airgead agus ó choibhéisí airgid. Is í suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais an neamhchosaint is mó ó thaobh creidmheasa de.

**Infháltais trádála agus eile**

Baineann beartas bainistíochta riosca creidmheasa an Ghrúpa maidir le suimeanna infhaighte trádála le measúnú a dhéanamh go tráthúil ar iontaofacht airgeadais custaiméirí, ag cur staid airgeadais, taithí roimhe seo agus cúinsí eile san áireamh. Déantar monatóireacht rialta ar úsáid teorainneacha creidmheasa. Níl aon chomhchruinniú riosca creidmheasa ann i leith suimeanna infhaighte trádála toisc go bhfuil líon mór custaiméirí ag an nGrúpa. Maireann meántéarmaí creidmheasa, nuair a thugtar iad, idir 0 agus 45 lá.

Tá iarmhéideanna €21.2m san áireamh in infháltais trádála agus eile an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €19.5m) atá dlite thar an dáta tuairiscithe ach nach bhfuil bearnaithe.

Tá anailís aoise na n-iarmhéideanna sin anseo a leanas:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Níos lú ná 1 mhí | 14,847 | 10,148 |
| 1-3 mhí | 5,000 | 5,765 |
| 4-6 mhí | 676 | 1,228 |
| Níos faide ná 6 mhí | 636 | 2,369 |
| | 21,159 | 19,510 |

Tá beartas an Ghrúpa chun lamháltas bearnaithe le haghaidh drochfhiach a chinneadh bunaithe ar mheasúnú de réir líne ar an riosca creidmheasa a ghabhann le féichiúnaithe aonair agus ar mheasúnú ar an ngá le haghaidh lamháltas bearnaithe dá bharr. Agus in-aisghabhálacht suim infhaighte trádála á cinneadh, breithníonn an Grúpa aon athrú ar chaighdeán creidmheasa na suime infhaighte trádála, lena n-áirítear aon chomhartha bearnúcháin (a d'fhéadfadh fianaise ar dheacracht airgeadais an chustaiméara, mainneachtain íocaíochta, sárú conartha, etc. a áireamh). Cuirtear aisghabhálacha ina dhiaidh sin de shuimeanna a bhí bearnaithe do shochar ar an Ráiteas Ioncaim. Chun críche an lamháltas bearnaithe a ríomh, ní chuireann an Grúpa san áireamh an tionchar a bhíonn ag na suimeanna infhaighte trádála a lascainiú toisc nach meastar é a bheith ábhartha de bharr próifíl aoise iarmhéideanna suimeanna infhaighte trádála an Ghrúpa.

Seo mar a bhí na gluaiseachtaí i lamháltas bearnúcháin na suimeanna infhaighte trádála i rith na bliana:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na tréimhse | 11,056 | 7,306 |
| Caillteanas bearnúcháin aitheanta | 3,290 | 4,088 |
| Suimeanna díscríofa | (5,300) | (338) |
| Iarmhéid ag deireadh na tréimhse | 9,046 | 11,056 |

**Airgead agus coibhéisí airgid**

Bunaíonn an Bord an beartas maidir le riosca creidmheasa a bhainistiú. Bainistítear an neamhchosaint tríd an riosca creidmheasa a dháileadh, nuair is féidir, thar bhainc nó thar institiúidí eile, ag comhlíonadh caighdeáin riachtanacha mar mheastar go hiondúil trí thagairt a dhéanamh do na mórghníomhaireachtaí rátála creidmheasa. Bhí airgead tirim agus coibhéisí airgid €826m ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €766m).

**Is é seo a leanas beartas bainistíochta airgid an Ghrúpa:**

- Ní chuirtear airgead i dtaisce ach leis na hinstitiúidí a fhaomhann an Bord;
- Scaiptear an riosca ionas nach mbeidh níos mó ná 40% le haon institiúid amháin, faoi réir uasmhéad faofa an Bhoird; agus
- Déantar athbhreithniú leanúnach ar an bpróifíl riosca

Déantar monatóireacht rialta ar na beartais sin chun a chinntiú go mbíonn teorainn leis an neamhchosaint ar chreidmheas i gcás gach institiúide airgeadais ar leith.

**Urrúis**

Is é beartas an Ghrúpa gan urrúis airgeadais a thabhairt ach d'fhochuideachtaí. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí urrús tugtha ag an nGrúpa faoi Alt 357 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 do roinnt dá fhochuideachtaí mar a nochtar sa nóta faoi fhochuideachtaí agus faoi chomhfhiontair.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023
ar lean

## 31. Ionstraimí Airgeadais - Luach Cóir agus Bainistíocht Riosca ar lean

### Riosca leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca go mbeidh deacracht ag an nGrúpa a oibleagáidí a bhaineann lena dhliteanais airgeadais, a réitítear trí airgead nó sócmhainn airgeadais eile a sheachadadh, a chomhlíonadh. Is é cur chuige an Ghrúpa maidir le leachtacht a bhainistiú ná a chinntiú go mbeidh dóthain leachtachta aige chun freastal ar a dhliteanais nuair a bhíonn siad dlite, faoi ghnáthdhálaí agus faoi choinníollacha struis, gan caillteanais dho-ghlactha a thabhú ná dochar a dhéanamh do cháil an Ghrúpa.

**Neamhchosaint ar riosca leachtachta**

Is iad seo a leanas aibíocht chonartha na ndliteanas airgeadais atá fágtha ar an dáta tuairiscithe. Is suimeanna comhlána gan lascaine iad, agus áirítear leo íocaíochtaí measta úis agus ní áirítear tionchar na gcomhaontuithe glanluachála.

| | | Sreabhadh airgid conartha | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2023** | **Suim ghlanluacha €'000** | **Iomlán €'000** | **2 mhí nó níos lú €'000** | **2-12 mhí €'000** | **1-5 bliana €'000** | **Níos mó ná 5 bliana €'000** |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | | | | | | |
| Iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta | 30,500 | 31,796 | 548 | 3,749 | 16,797 | 10,702 |
| Iasacht théarmach | 8,500 | 9,136 | - | 1,164 | 4,455 | 3,517 |
| Dliteanais léasa sócmhainne um cheart úsáide | 124,383 | 166,744 | 3,990 | 19,948 | 57,033 | 85,773 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 130,774 | 130,774 | 130,774 | - | - | - |
| | 294,157 | 338,450 | 135,312 | 24,861 | 78,285 | 99,992 |

| | | Sreabhadh airgid conartha | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2022** | **Suim ghlanluacha €'000** | **Iomlán €'000** | **2 mhí nó níos lú €'000** | **2-12 mhí €'000** | **1-5 bliana €'000** | **Níos mó ná 5 bliana €'000** |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | | | | | | |
| Iasacht ón Rialtas | 30,000 | 30,304 | - | 30,304 | - | - |
| Iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta | 34,500 | 36,139 | 554 | 3,789 | 16,954 | 14,842 |
| Iasacht théarmach | 17,500 | 18,362 | - | 6,227 | 7,535 | 4,600 |
| Dliteanais léasa sócmhainne um cheart úsáide | 123,770 | 164,993 | 3,746 | 18,732 | 52,807 | 89,708 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 117,955 | 117,955 | 117,955 | - | - | - |
| | 323,725 | 367,753 | 122,255 | 59,052 | 77,296 | 109,150 |

### Riosca margaidh

**Riosca ó mhalartú eachtrach**

Eascraíonn nochtadh d'aistriú malartaithe eachtraigh ó ráitis ioncaim agus ráitis ar staid airgeadais fochuideachtaí thar lear a athaistriú go Euro. Ina theannta sin, tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca idirbheart airgeadra sa mhéid nach dtagann na hairgeadraí ina n-ainmnítear díolacháin agus ceannacháin agus airgeadraí feidhmiúla faoi seach Chuideachtaí an Ghrúpa le chéile. Tagann sé sin chun cinn go príomha ar idirbhearta le hoibritheoirí poist idirnáisiúnta. Ní úsáideann an Grúpa díorthaigh chun an riosca sin a bhainistiú faoi láthair. Leanfaidh an Grúpa ar aghaidh á athbhreithniú. Ní bheadh tionchar ábhartha ag athrú féideartha le réasún ar rátaí malartaithe eachtraigh ar na ráitis airgeadais.

**Riosca ó rátaí úis**

Eascraíonn riosca an Ghrúpa ó rátaí úis ar shuimeanna i dtaiscí téarmacha agus an iasacht téarma. Ní úsáideann an Grúpa díorthaigh chun an riosca sin a bhainistiú faoi láthair. Leanfaidh an Grúpa ar aghaidh á athbhreithniú. Ní bheadh tionchar ábhartha ag athrú féideartha le réasún ar rátaí úis ar na ráitis airgeadais.

**Neamhchosaint ar riosca ráta úis**

Is mar seo a leanas atá próifíl ráta úis ionstraimí airgeadais úsmhara an Ghrúpa:

| **Méid ainmniúil** | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| **Ionstraimí ag ráta seasta** | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | |
| Leas in PLI - iasacht scairshealbhóra | - | 22,673 |
| **Dliteanais airgeadais** | | |
| Iasacht ón Rialtas | - | (30,000) |
| Iasacht théarmach | (8,500) | (14,500) |
| Iasacht ó Bhanc Infheistíochta na hEorpa | (30,500) | (34,500) |
| | (39,000) | (56,327) |
| **Ionstraimí ag ráta inathraitheach** | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | |
| Taiscí ar glaoch | 627,618 | 566,652 |
| **Dliteanais airgeadais** | | |
| Iasacht théarmach | - | (3,000) |
| | 627,618 | 563,652 |

**Anailís íogaireachta ar luach cóir le haghaidh ionstraimí ag ráta seasta**

Ní chuireann an Grúpa aon sócmhainní airgeadais ná dliteanais airgeadais ag ráta seasta san áireamh ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas, agus ní shannann an Grúpa díorthaigh (babhtálacha ráta úis) mar ionstraimí fálaithe faoi shamhail chuntasaíochta fálaithe luacha chóir. Dá bhrí sin, ní bheadh tionchar ag athrú ar rátaí úis ar an dáta tuairiscithe ar an mbrabús ná ar an gcaillteanas.

# **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

### **31. Ionstraimí Airgeadais - Luach Cóir agus Bainistíocht Riosca** ar lean

**Riosca Margaíocht** ar lean

***Anailís íogaireachta ar shreabhadh airgid le haghaidh ionstraimí ag ráta athraitheach***

Ba é an toradh a bheadh ag athrú féideartha réasúnach 100 bonnphointe i rátaí úis amhail an dáta tuairiscithe ná méadú/(laghdú) ar chothromas agus bhrabúis nó chaillteanais de réir na méideanna a thaispeántar thíos i ndáil leis na cistí atá i seilbh an Ghrúpa. Glactar leis san anailís seo go bhfanann na hathróga ar fad eile seasmhach.

| | Brabús nó Caillteanas | |
|---|---|---|
| | Méadú 100 bp €'000 | Laghdú 100 bp €'000 |
| **31 Nollaig 2023** | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | |
| Ionstraimí ag ráta inathraitheach | 5,941 | (5,941) |
| **Dliteanais airgeadais** | | |
| Ionstraimí ag ráta inathraitheach | - | - |
| **Íogaireacht sreafa airgid - glansuim** | 5,941 | (5,941) |
| **31 Nollaig 2022** | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | |
| Ionstraimí ag ráta inathraitheach | 5,483 | (5,483) |
| **Dliteanais airgeadais** | | |
| Ionstraimí ag ráta inathraitheach | (30) | 30 |
| **Íogaireacht sreafa airgid - glansuim** | 5,453 | (5,453) |

Níl an tionchar a bheadh ag athrú féideartha le réasún de 100 bonnphointe ar rátaí úis ar an gcothromas glan ar cháin dhifriúil go hábhartha ón tionchar brabúis nó caillteanais thuasluaite.

### **32. Iar-theagmhais**

Níor tharla aon teagmhas suntasach ó dháta an chláir chomhardaithe agus ó dháta faofa na ráiteas airgeadais seo a d'éileodh coigeartú ar na ráitis airgeadais.

### **33. Beartais Ábhartha Cuntasaíochta**

Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leagtar amach thíos i bhfeidhm go seasmhach ar gach bliain a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo, agus cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad ar gach Cuideachta sa Ghrúpa chun críche ráitis airgeadais an Ghrúpa.

#### **Bonn Ullmhúcháin**

**Gnóthas leantach**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais An Post 2023 ar bhonn gnóthais leantaigh. Leis sin glactar leis go mbeidh a ndóthain acmhainní ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo.

**Measúnú**

Tá an Bord tar éis machnamh cúramach a dhéanamh ar bhonn an ghnóthais leantaigh mar bhonn ullmhúcháin agus tá sé sásta gur cuí go n-ullmhófaí ráitis airgeadais 2023 ar an mbonn sin. Áirítear ar na príomhthosca a breithníodh chun teacht ar an gcinneadh sin:

Feidhmíocht trádála

Baineadh amach TRÚCDA de €38.5m in 2023, méadú ó €18.6 in 2022. Leanann an Grúpa ar aghaidh ag trádáil le TRÚCDA dearfach agus tá sé seo méadaithe ó 2022 go 2023 agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú breise air in 2024. Ba é caillteanas foriomlán oibriúcháin an ghrúpa tar éis costais dímheasa, amúchta agus bunathraithe ná €32.1m don bhliain airgeadais, i gcomparáid le €42.3m don bhliain roimhe sin. Tháinig méadú ar ioncam an Ghrúpa go €923m in 2023 go €888m in 2022. Léiríonn sé seo ábharthacht ár ngníomhaíochtaí don gheilleagar agus láidreacht na ngnóthaí bunúsacha. Ar an 31 Nollaig 2023, thuairiscigh an grúpa glansócmhainní €735m (glansócmhainní €811m ar an 31 Nollaig 2022) agus glandliteanais reatha de €99.7m (glandliteanais reatha de €86.4m ar an 31 Nollaig 2022).

Airgead tirim

Ba ionann suíomh iarmhéid airgid an Ghrúpa ag deireadh na bliana agus €24m, laghdú €36m ón mbliain roimhe sin. Le linn 2023, áfach, d'aisíoc an Grúpa €43m i bhfiachas, ag laghdú an fhiachais foriomlán ó €82m go €39m sa bhliain. Dhíol an Grúpa a infheistíocht sa Chrannchur Náisiúnta i R4 2023, ag réadú breis is €17m in airgead tirim agus thug sé seo mar aon le hairgead tirim eile a gineadh ó oibríochtaí deis don Ghrúpa iasacht an Rialtais arbh fhiú €30m í a aisíoc agus leanúint ar aghaidh ag infheistiú i gcaiteachas caipitil agus claochlú mar a bhí beartaithe. Leanfaidh an Grúpa ag athmhúnlú a chuid oibríochtaí agus ag infheistiú chun an gnó a chur in oiriúint don todhchaí. Tá na hacmhainní ag an nGrúpa agus leanann sé ag cur straitéis uaillmhianach agus réamhbhreathnaitheach i bhfeidhm. Cinnteoidh spriocdhíriú nua an Ghrúpa agus feidhmiú leanúnach na Straitéise go mbeidh rath ar an ngnó ar feadh i bhfad.

Iasachtaí Bainc

Ar an 31 Nollaig 2023, bhí iasachtaí €82m ag an nGrúpa, comhdhéanta d'iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta de €30.5m, agus €8.5m atá dlite do Bhanc na hÉireann maidir le foirgneamh nua na ceanncheathrún. Le linn 2023, d'aisíoc an Grúpa an iasacht Rialtais €30m a tarraingíodh anuas in 2017. Ina theannta sin, rinneadh aisíocaíochtaí caipitil de €4m agus €9m leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus Banc na hÉireann faoi seach. Níl ach €5m d'iasachtaí €39m atá fágtha inaisíoctha in 2024. Ar mhaithe le stuamacht, tá socruithe rochtana eagraithe ag an nGrúpa ar shaoráidí iasachta gearrthéarmacha nár tarraingíodh anuas, má bhíonn gá leo ar chúiseanna caipitil oibre.

Buiséid/Réamhaisnéisí

Tá buiséad bliantúil agus plean airgeadais fadtéarmach go dtí 2033 faofa ag an mBord. Cé go bhfuil sé tuartha go leanfaidh an laghdú ar mhéideanna poist traidisiúnta ar aghaidh i gcónaí, meastar go mbeidh an ráta laghdaithe cuibheasach íseal - thart faoi 5% in aghaidh na bliana. Lean an méadú ar sheachadtaí ríomhthráchtála a bhí ann le blianta beaga anuas, fiú tar éis na paindéime. Léiríonn na tosca seo in éineacht le coigeartuithe praghais a cuireadh i bhfeidhm i R1 2024 agus an bhéim leanúnach ar éifeachtúlacht costais gur féidir leis an nGrúpa leanúint ar aghaidh ag trádáil agus bealach soiléir aige chun filleadh ar bhrabúsacht.

Suaití Eacnamaíocha

Bhí tionchar ollmhór ag trí shuaití a tharla le déanaí ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa, ba iad Bliain an Bhreatimeacht agus an t-athrú ar rialacha Custaim an AE, tionchar eacnamaíoch ionradh na Rúise ar an Úcráin agus paindéim COVID-19. Cé go bhfuil geilleagar na hÉireann agus An Post tar éis dul i dtaithí ar na suaití sin, agus thug freagra orthu de réir mar ba ghá, táthar ag súil go mbeidh timpeallacht ghnó níos normálta ann in 2024 agus ina dhiaidh sin.

# **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

## **33. Beartais Ábhartha Cuntasaíochta** ar lean

### Conclúid

Tar éis dóibh fiosruithe cuí a dhéanamh agus breithniú ar na hábhair thuasluaite, tá súil réasúnta ag baill an Bhoird go mbeidh dóthain acmhainní oibriúcháin agus airgeadais ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo. Tá sé bainte de thátal as sin ag comhaltaí an Bhoird nach éiginnteacht ábhartha, a chaitheann amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, iad na dálaí a ndéantar cur síos orthu thuas.

### Aonán tuairiscithe

Is cuideachta ghníomhaíochta sainithe é An Post (an 'Chuideachta') faoi theorainn scaireanna a bhfuil sainchónaí uirthi in Éirinn leis an uimhir chláraithe 98788. Faoin Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983, tá an Chuideachta i dteideal na focail 'cuideachta gníomhaíochta sainithe' a fhágáil ar lár óna ainm. Is í oifig chláraithe na Cuideachta ná Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

Tugann na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo ráitis airgeadais na Cuideachta agus a fochuideachtaí (an 'Grúpa' le chéile agus 'Grúpchuideachtaí' astu féin). Baineann príomhghnó an Ghrúpa le seirbhísí poist, dáilte agus airgeadais.

Agus í ag cur ráitis airgeadais na máthairchuideachta i láthair i dteannta ráitis airgeadais an Ghrúpa, bhain an Chuideachta leas as an díolúine in Alt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014 gan a ráitis ioncaim aonair agus na nótaí gaolmhara, is cuid de ráitis airgeadais fhaofa na Cuideachta iad, a chur i láthair.

### Ráiteas ar chomhlíonadh

Ullmhaítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), arna nglacadh ag an Aontas Eorpach (EU IFRS) agus ag Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh ráitis airgeadais na Cuideachta le chéile de réir Chreat um Fhaisnéisiú Laghdaithe FRS 101 agus Acht na gCuideachtaí, 2014.

#### **Caighdeáin nua agus leasaithe IFRS atá i bhfeidhm don bhliain reatha**

Tháinig na caighdeáin agus na léirmhínithe nua seo a leanas i bhfeidhm don Ghrúpa ón 1 Eanáir 2023:

- Conarthaí Árachais IFRS 17 (lena n-áirítear Leasuithe Mheitheamh 2020 agus Nollaig 2021 ar IFRS 17);
- Leasuithe ar IAS 1 Ráitis Airgeadais a Chur i Láthair agus Ráiteas Cleachtais IFRS 2 Breithiúnais Ábharthachta a Thabhairt - Beartais Chuntasaíochta a Nochtadh;
- Athchóiriú ar IAS 12 Cánacha Ioncaim– Cáin Iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dliteanais a eascraíonn as Idirbheart Aonair;
- Leasuithe ar IAS 12 Cánacha Ioncaim – Athchóiriú ar Cháin Idirnáisiúnta – Rialacha Eiseamláireacha Cholún a Dó; agus
- Athchóiriú ar Bheartais Chuntasaíochta IAS 8, Athruithe ar Mheastacháin agus Earráidí Cuntasaíochta– Sainmhíniú ar Mheastacháin Chuntasaíochta.

Ní raibh tionchar ábhartha ar thorthaí an Ghrúpa de thoradh na gcaighdeán, na léirmhínithe agus na n-athchóirithe nua atá leagtha amach thuas.

#### **Caighdeáin, leasuithe agus léirmhínithe nua IFRS a eisíodh, ach nach bhfuil i bhfeidhm go fóill**

| | |
|---|---|
| Leasuithe ar IFRS 10 agus ar IAS 28 - Díolachán nó Ranníocaíocht Sócmhainní idir Infheisteoir agus a Fhiontar Comhlach nó Comhfhiontar | Le socrú, ceadaítear iarratas níos luaithe |
| Leasuithe ar IAS 1 - Rangú Dliteanas mar Reatha nó Neamhreatha | 01 Eanáir 2024 |
| Leasuithe ar IAS 1 - Dliteanais Neamhreatha le Cúnaint | 01 Eanáir 2024 |
| Leasuithe ar IAS 7 agus IFRS 7 - Socruithe Airgeadais le Soláthraithe | 01 Eanáir 2024 |
| Leasuithe ar IFRS 16 - Dliteanas Léasa i nDíolachán agus ar Aisléasú | 01 Eanáir 2024 |

Tá an Grúpa ag déanamh measúnú ar thionchar na gcaighdeán agus na leasuithe thuas faoi láthair. Ní mheasann na Stiúrthóirí, áfach, go mbeidh tionchar ábhartha acu ar ráitis airgeadais an Ghrúpa i dtréimhsí amach anseo. Cuirfear na caighdeáin agus na léirmhínithe a luaitear thuas i bhfeidhm ar mhaithe le ráitis airgeadais an Ghrúpa le héifeacht ó na dátaí a luaitear.

### Bunús an tomhais

#### **Grúpa**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais seo ar bhonn costas stairiúil, ach amháin:

- Tomhaistear an ghlansócmhainn phinsin le sochar sainithe ag luach cóir shócmhainní an phlean lúide luach láithreach na hoibleagáide sochair shainithe, agus tomhaistear an dliteanas a bhaineann le Scéim na Máistrí Poist, scéim nach bhfuil maoinithe, ag luach cóir (féach nóta 24);
- Go dtomhaistear réadmhaoin infheistíochta ag luach cóir; agus
- Go dtomhaistear sócmhainní airgeadais ag luach cóir.

#### **Cuideachta**

Sna ráitis airgeadais seo, chuir an Chuideachta na díolúintí atá ar fáil faoi FRS 101 i bhfeidhm i leith an nochta seo a leanas:

- Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí gaolmhara;
- Réitigh tréimhse comparáidí le haghaidh scairchaipitil, sócmhainní seasta inláimhsithe, sócmhainní doláimhsithe agus réadmhaoine infheistíochta;
- Nochtadh i leith idirbheart le fochuideachtaí faoi úinéireacht iomlán;
- Nochtadh i leith bainistíocht caipitil;
- Tionchair IFRSanna nua ach nach bhfuil i bhfeidhm go fóill; agus
- Nochtadh i leith cúitimh do Phríomhphearsana Bainistíochta.

#### **Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe**

Tuairiscítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Cuideachta seo in Euro, airgeadra feidhmiúil na Cuideachta. Tugadh gach suim slán go dtí an míle is gaire, seachas má chuirtear a mhalairt in iúl.

#### **Úsáid breithiúnas agus meastachán**

Nuair a bhí na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, rinne an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bheartais chuntasaíochta an Ghrúpa agus na Cuideachta a chur i bhfeidhm agus ar shuim thuairiscithe na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na speansas. D'fhéadfadh difear a bheith idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na boinn tuisceana bhunúsacha ar bhonn leanúnach. Aithnítear leasuithe ar mheastacháin go hionchasach.

Is iad seo a leanas na réimsí ina n-imríonn breithiúnas agus meastachán an tionchar is suntasaí ar na suimeanna sainaitheanta:

- Nóta 4 - measúnú ar chostais áirithe chlaochlaithe mar chostais eisceachtúla in 2023;
- Nóta 10 - sócmhainní cánach iarchurtha a aithint: breithiúnas a chuirtear i bhfeidhm le déanamh amach an mbeidh brabúis incháinithe ar fáil sa todhchaí a bhféadfaí sócmhainní cánach iarchurtha a úsáid ina leith;
- Nóta 15 - cuntas a thabhairt ar dhiúscairt na hinfheistíochta PLI mar idirbheart nasctha, rud a léiríonn substaint an idirbhirt ina iomláine, seachas foirm dhlíthiúil gach céime. Mar thoradh air sin, ní raibh luach cothrom ar na scaireanna cothromais agus tosaíochta, ná ní dhearnadh measúnú ECL ar iasacht na scairshealbhóirí roimh an dí-aitheantas;
- Nóta 16 - aitheantas a thabhairt don airgead a bhfuiltear ag súil lena fháil ó Chúlchiste Coigeartaithe an Bhreatimeachta mar airgead infhaighte;
- Nóta 19 - meastachán a cuireadh i bhfeidhm chun an t-ioncam iarchurtha i ndáil le stampaí/lódálacha méadair nár úsáideadh a dhéanamh amach; agus
- Nóta 24 - oibleagáidí sochair shainithe a thomhas: tuisceana achtúireacha, an ráta lascaine go háirithe.

# **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**
# don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

## **33. Beartais Ábhartha Cuntasaíochta** ar lean

### Bunús an Chomhdhlúthaithe

**Comhcheangail ghnó**
Baineann an Grúpa úsáid as an modh éadála chun cuntasaíocht a dhéanamh le haghaidh comhcheangail ghnó nuair a aistrítear rialú chuig an nGrúpa. Tomhaistear an chomaoin a aistrítear san fháil ag luach cóir go hiondúil, mar a thomhaistear na glansócmhainní faighte sainaitheanta. Déantar cáilmheas ar bith a thagann chun cinn a thástáil gach bliain le haghaidh bearnúcháin. Cuirtear costais idirbhirt síos mar speansais sa bhrabús nó sa chaillteanas de réir mar a thabhaítear iad, seachas má bhaineann siad le cúrsaí urrús cothromais nó fiachais.

Nuair a chailleann an Grúpa urlámhas fochuideachta, dí-aithníonn sé sócmhainní agus dliteanais na fochuideachta, agus aon leasanna neamh-urlámhais agus comhpháirteanna cothromais eile. Tomhaistear aon leas a choinnítear san iar-fhochuideachta ag luach cóir nuair a chailltear urlámhas agus i dteannta luach cóir aon chomaoine a fhaightear, cuirtear i gcomparáid é leis na suimeanna dí-aitheanta. Aithnítear aon bhrabús nó aon chaillteanas a eascraíonn as sa bhrabús nó sa chaillteanas.

**Fochuideachtaí**
Is aonáin faoi rialú an Ghrúpa iad fochuideachtaí. Rialaíonn an Grúpa aonán nuair atá sé neamhchosanta ar thorthaí inathraitheacha, nó nuair atá cearta aige ina leith, mar gheall ar a bhaint leis an aonán agus nuair is féidir leis tionchar a imirt ar na torthaí sin trína chumhacht ar an aonán. Áirítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta a dtosaíonn an t-urlámhas go dtí an dáta a gcríochnaíonn an t-urlámhas.

**Leasanna neamh-urlámhais**
Tomhaistear leasanna neamh-urlámhais ag a gcion comhréireach de ghlansócmhainní sainaitheanta an fhaighteora ar dháta na fála agus ina dhiaidh sin, a gcion de na hathruithe ar ghlansócmhainní. Cuirtear athruithe ar leas an Ghrúpa i bhfochuideachta nach mbíonn caillteanas urlámhais mar thoradh orthu san áireamh mar idirbhearta cothromais.

**Leasanna in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**
Cuimsíonn leasanna an Ghrúpa in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu leasanna i gcomhfhiontair.

Is socrú é comhfhiontar ina bhfuil comh-urlámhas ag an nGrúpa, trína bhfuil cearta i leith ghlansócmhainní an tsocraithe ag an nGrúpa, seachas cearta i leith a shócmhainní ar leithligh agus oibleagáidí i leith a dhliteanas ar leithligh.

Cuirtear leasanna i gcomhfhiontair san áireamh le modh an chothromais. Aithnítear ag a gcostas iad ar dtús, lena n-áirítear costais idirbhirt. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, áirítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite cion an Ghrúpa sa bhrabús nó sa chaillteanas agus in ioncam cuimsitheach eile na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi, go dtí an dáta a gcríochnaíonn tionchar suntasach nó comh-urlámhas.

**Idirbhearta a dhíbrítear ar chomhdhlúthú**
Díbrítear idirbhearta agus iarmhéideanna ionghrúpa, agus aon ioncam agus speansais neamhréadaithe a eascraíonn as idirbhearta ionghrúpa. Díbrítear gnóthachain neamhréadaithe a eascraíonn as idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi in aghaidh na hinfheistíochta, a mhéid a bhaineann le leas an Ghrúpa san institiúid infheistiúcháin. Díbrítear caillteanais neamhréadaithe ar an mbealach céanna le gnóthachain neamhréadaithe, fad is nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnú ann.

**Cuntasaíocht d'idirbhearta neamh-athfhillteacha**
Ghlac an Grúpa formáid den ráiteas ioncaim lena bhféachtar le béim a leagan ar mhíreanna suntasacha laistigh de thorthaí an Ghrúpa don bhliain. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na míreanna sin: costais athstruchtúraithe, costais claochlaithe, bearnú sócmhainní lena n-áirítear coigeartuithe ábhartha a eascraíonn as saincheisteanna athmheasúnaithe, coigeartuithe ar chomaoin theagmhasach, costais fála ábhartha, brabúis/caillteanais ar dhiúscairtí, socraíochtaí dlíthíochta agus athruithe reachtaíochta. Úsáideann an Grúpa breithiúnas agus iad ag meas céard iad na nithe ar leith ba cheart a nochtadh mar mhír ar líne ar leith sa ráiteas agus sna nótaí atá curtha san áireamh de bharr a scála agus a gcineáil.

### Ioncam
Tá an t-ioncam a thuairiscítear glan ar cháin bhreisluacha. Cuimsítear le hioncam reatha ioncam ó phostas, ó sheirbhísí gníomhaireachta, ó na táillí as seirbhísí seoltán, ó sheirbhísí teachtairí agus loighistice, ó sheirbhísí airgeadais agus ioncam as ús. Baineann ioncam ó sheirbhísí gníomhaire le seirbhísí a dhéantar do Ranna Rialtais, do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, do Premier Lotteries Ireland, agus do chomhlachtaí eile. Áirítear suimeanna a choinnítear i rith fheidhmiú na seirbhísí gníomhaireachta sin sna suimeanna in iontaobhas sa ráiteas ar staid an airgeadais. Tá an Grúpa i dteideal ioncam ó ús ar chistí a choinnítear a bhaineann le seirbhísí gníomhaireachta agus dá réir sin aithníonn sé é sin mar chuid den ioncam.

Maidir le hioncam a bhaineann le poist agus beartáin, baineann an oibleagáid feidhmíochta le díol na stampaí nó costas an phostais agus le seachadadh poist agus beartán. Is earra faoi leith iad na stampaí nó costas an phostais a ghealltar a aistriú chuig an gcustaiméir laistigh den oibleagáid feidhmíochta sin. Comhlíontar an oibleagáid feidhmíochta nuair a úsáideann an custaiméir na stampaí nó costas an phostais agus mar sin comhlíontar ag pointe ama í.

Maidir le hioncam coimisiúin a fhaightear ó dhíol dearbhán bronntanais, cártaí eile agus táirgí seirbhísí airgeadais, aithnítear é nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta is bonn leo, ag pointe ama de ghnáth. Aithnítear ioncam eile gníomhaireachta agus seirbhíse nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta is bonn leo, ag pointe ama de ghnáth.

Nuair a ghníomhaíonn an Grúpa mar ghníomhaire seachas mar phríomhaí in idirbheart, is ionann an t-ioncam a aithnítear agus an ghlansuim coimisiúin a thuilleann an Grúpa.

### Deontais
Aithnítear deontais bunaithe ar ioncam sa bhrabús nó sa chaillteanas ar bhonn córasach sna tréimhsí a aithnítear na speansais. Aithnítear deontais caipitil ar dtús mar ioncam iarchurtha ar luach cóir má tá dearbhú réasúnta ann go bhfaighfear iad agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a bhaineann leis an deontas; aithnítear ina dhiaidh sin iad sa bhrabús nó sa chaillteanas mar ioncam eile ar bhonn córasach thar shaolré ionchais na sócmhainne.

### Míreanna Eisceachtúla
Is éard is míreanna eisceachtúla ná míreanna ábhartha ioncaim agus caiteachais a thuilleann cur i láthair ar leithligh mar gheall ar nádúr neamhghnách agus neamhmhinicíocht ionchasach na n-imeachtaí as a dtagann siad chun tuiscint a fháil ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa. Áirítear i míreanna eisceachtúla na costais chlaochlúcháin (féach thíos). Soláthraítear sonraí breise faoi mhíreanna eisceachtúla an Ghrúpa i nóta 4 de na ráitis airgeadais.

### Costais chlaochlúcháin
Is costais iad costais chlaochlúcháin, atá san áireamh laistigh de mhíreanna eisceachtúla, a thagann chun cinn mar thoradh ar thiomantas an Ghrúpa a ghnó a bhunathrú don todhchaí. Féadfaidh na cineálacha caiteachais seo a leanas a bheith san áireamh i gcostais chlaochlúcháin, ach níl siad teoranta dóibh (má mheastar go bhfuil siad inchurtha go díreach i leith an chlaochlaithe gnó):

- costais iomarcaíochta deonacha;
- luach saothair i dtaca leis an gclaochlú e.g. íocaíochtaí scoir, costais/dreasachtaí coinneála foirne;
- dearadh agus cur i bhfeidhm suntasach uasghráduithe ar chórais TF a thacaíonn leis an gclár oibre um bunathrú.

# **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

## 33. Beartais Ábhartha Cuntasaíochta ar lean

### Maoin, Gléasra agus Trealamh

**Aithint agus tomhas**

Tomhaistear earraí maoine, gléasra agus trealaimh ag costas lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais bhearnúcháin charntha.

Má bhíonn saolré úsáideach dhifriúil ag páirteanna suntasacha d'earra réadmhaoine, gléasra agus trealaimh, cuirtear san áireamh iad mar earraí réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ar leithligh (mórpháirteanna). Aithnítear aon bhrabús nó aon chaillteanas ar dhiúscairt earra réadmhaoine, gléasra agus trealaimh sa bhrabús agus sa chaillteanas.

**Caiteachas ina dhiaidh sin**

Ní dhéantar caiteachas ina dhiaidh sin a chaipitliú ach amháin más dócha go sreabhfaidh na sochair gheilleagracha sa todhchaí a bhaineann leis an gcaiteachas chuig an nGrúpa.

**Dímheas**

Ríomhtar dímheas chun costas earraí réadmhaoine, gléasra agus trealaimh, seachas talamh, a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta thar a saolré úsáideach mheasta, agus aithnítear é sa bhrabús nó sa chaillteanas. Déantar sócmhainní léasaithe a dhímheas thar an tréimhse léasa nó a saolré úsáideach, cibé ceann acu is giorra. Ní dhéantar dímheas ar thalamh. Ní dhéantar sócmhainní atá á dtógáil a dhímheas go dtí go gcuirfear in úsáid iad. Is iad seo a leanas saolré úsáideach mheasta réadmhaoine, gléasra agus trealaimh do na tréimhsí reatha agus comparáideacha:

| | Blianta, nó téarma an léas más giorra é |
|---|---|
| Foirgnimh ruílse agus léasachta fada | 20–50 |
| Mótarfheithiclí | |
| Trealamh ríomhaireachta agus oibriúcháin | 3-10 |

Athbhreithnítear modhanna dímheasa, saolréanna úsáideacha agus luachanna iarmharacha ag gach dáta tuairiscithe agus leasaítear iad más cuí.

### Léasanna

**Sócmhainní ar léas**

Déanann an Grúpa measúnú ar chonradh a bheith ina léas nó léas a bheith ann, ag tús an chonartha. Aithníonn an Grúpa sócmhainní um cheart úsáide agus dliteanas léasa comhfhreagrach i leith gach socraithe léasa inarb é an léasaí é, ach amháin i gcás léasanna gearrthréimhseacha áirithe, níos lú ná 12 mhí ar fad, agus léasanna sócmhainní ar luach íseal (cuir i gcás trealamh oifige beag). I gcás na léasanna sin, aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa mar chostas oibriúcháin de réir méid cothrom thar théarma an léasa ach amháin más fearr a léiríonn bonn córasach eile an patrún ama ina n-ídítear sochair eacnamaíochta ó na sócmhainní léasaithe.

Tomhaistear an dliteanas léasa i dtosach ag luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa nach bhfuil íoctha ag an dáta tosaithe, arna lascainiú ach úsáid a bhaint as an ráta atá intuigthe sa léas. Mura féidir an dáta sin a dhéanamh amach go réidh, úsáideann an léasaí a ráta iasachta incriminteach.

Cuimsíonn na sócmhainní um cheart úsáide tomhas tosaigh an dliteanais léasa chomhfhreagraigh, íocaíochtaí léasa a rinneadh ar an lá tosaithe nó roimhe, lúide aon dreasachtaí léasa a fuarthas agus aon chostais dhíreacha tosaigh. Tomhaistear iad ar a gcostas ina dhiaidh sin lúide dímheas carntha agus caillteanais bhearnúcháin charntha. Déantar sócmhainní um cheart úsáide a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaolré ionchais na bunsócmhainne, cibé tréimhse is giorra.

### Sócmhainní doláimhsithe agus cáilmheas

**Aithint agus tomhas**

| | |
|---|---|
| **Cáilmheas** | Déantar cáilmheas a eascraíonn as éadáil fochuideachtaí a thomhas mar bharrachas shuim na comaoine a aistríodh, méid aon leasanna neamh-urlámhais sa sealbhaí agus luach cóir an leasa cothromais a bhí ag an sealbhóir sa sealbhaí roimhe seo (más ann dó) thar ghlanmhéid na nglansócmhainní in-sainaitheanta a sealbhaíodh agus na nglandliteanas a fuarthas amhail dáta na héadála. Ina dhiaidh sin, déantar cáilmheas a thástáil gach bliain le haghaidh bearnúcháin. |
| **Bogearraí** | Tá saolré ionchais chríochta ag bogearraí agus tomhaistear iad ag a gcostas lúide amúchadh carntha agus aon chaillteanais bhearnúcháin charntha. |

**Caiteachas ina dhiaidh sin**

Ní dhéantar caiteachas ina dhiaidh sin a chaipitliú ach amháin nuair a mhéadaíonn sé na sochair gheilleagracha sa todhchaí a chuimsítear sa tsócmhainn shonrach lena mbaineann sé. Aithnítear an caiteachas ar fad eile, lena n-áirítear caiteachas ar cháilmheas agus ar bhrandaí a ghintear go hinmheánach, sa bhrabús nó sa chaiteachas de réir mar a thabhaítear é.

**Amúchadh**

Ríomhtar amúchadh chun costas sócmhainní doláimhsithe a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta ag úsáid mhodh na líne dírí thar a saolré úsáideach mheasta, agus aithnítear é sa bhrabús nó sa chaillteanas. Ní dhéantar cáilmheas a amúchadh ach déantar é a thástáil gach bliain le haghaidh bearnú ag deireadh na bliana. Is iad seo a leanas an tsaolré úsáideach mheasta do na tréimhsí reatha agus comparáideacha:

| | Blianta |
|---|---|
| Bogearraí | 5 |

Athbhreithnítear modhanna amúchta, saolréanna úsáideacha agus luachanna iarmharacha ag gach dáta tuairiscithe agus leasaítear iad más cuí.

### Forálacha

Aithnítear soláthairtí nuair atá oibleagáid (dlíthiúil nó inchiallaithe) reatha ag an nGrúpa mar thoradh ar imeacht a tharla roimhe sin, d'fhéadfadh go mbeadh eas-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach, agus is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide. Má bhíonn tionchar an amluacha airgid ábhartha, cinntear soláthairtí tríd an sreabhadh airgid a bhfuiltear ag súil leis sa todhchaí a lascainiú ag an ráta réamhchánach cuí.

### Sochair fostaithe

**i. Sochair fostaithe ghearrthéarmacha**

Cuirtear sochair fostaithe ghearrthéarmacha san áireamh mar speansais de réir mar a sholáthraítear an tseirbhís lena mbaineann. Aithnítear dliteanas don tsuim a bhfuiltear ag súil le híoc má tá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ag an nGrúpa chun an tsuim sin a íoc mar gheall ar sheirbhís a sholáthair an fostaí roimhe sin agus gur féidir an oibleagáid a mheas go hiontaofa.

**ii. Pleananna le ranníocaíocht shainithe**

Cuirtear oibleagáidí le haghaidh ranníocaíochtaí le pleananna le ranníocaíocht shainithe san áireamh mar speansais de réir mar a sholáthraítear an tseirbhís lena mbaineann.

# **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar lean

## **33. Beartais Ábhartha Cuntasaíochta** ar lean

### **Sochair fostaithe** ar lean

#### **iii. Pleananna le sochar sainithe**

Ríomhtar glanoibleagáid an Ghrúpa i leith pleananna le sochar sainithe ar leithligh le haghaidh gach plean, trí shuim an tsochair sa todhchaí a thuill fostaithe sna tréimhsí reatha agus roimhe sin a mheas, ag lascainiú na suime sin agus ag asbhaint luach cóir aon sócmhainní atá ag plean.

Ríomhann achtúire cáilithe oibleagáidí sochair shainithe gach bliain le modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Nuair a bhíonn sócmhainn fhéideartha don Ghrúpa ina toradh ar an ríomh, cuirtear teorainn leis an tsócmhainn aitheanta chuig luach reatha na sochar geilleagrach atá ar fáil mar aon aisíoc sa todhchaí ón bplean nó laghduithe ar aisíocaíochtaí sa todhchaí leis an bplean. Chun luach láithreach na sochar geilleagrach a ríomh, cuirtear san áireamh aon íosriachtanais maoinithe is infheidhme.

Maidir le hatomhais ar an nglansócmhainn sochair shainithe, a chuimsíonn gnóthachain agus caillteanais achtúireacha, agus an toradh ar shócmhainní an phlean (cé is moite d'ús,) agus éifeacht uasteorainn na sócmhainne (más ann dó, gan ús a áireamh), déantar iad a aithint láithreach in Ioncam Cuimsitheach Eile (OCI). Cinneann an Grúpa an glanchostas úis ar an nglansócmhainn sochair shainithe don tréimhse tríd an ráta lascaine a úsáidtear chun an oibleagáid sochair shainithe a thomhas ag tús na tréimhse bliantúla a chur i bhfeidhm ar an nglansócmhainn sochair shainithe ag an am sin, ag cur san áireamh aon athruithe sa ghlansócmhainn shochair shainithe le linn na tréimhse mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair. Aithnítear glanchostas úis agus costais eile a bhaineann le pleananna le sochar sainithe sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Nuair a athraítear sochair plean nó nuair a chiorraítear plean, aithnítear láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas an t-athrú dá bharr ar an sochar a bhaineann le seirbhís roimhe sin nó an brabús nó caillteanas ar chiorrú. Aithníonn an Grúpa gnóthachain agus caillteanais ar shocrú plean le sochar sainithe nuair a dhéantar an socrú.

#### **iv. Sochair foirceanta**

Cuirtear sochair foirceanta san áireamh mar speansais nuair nach féidir leis an nGrúpa tairiscint na sochar sin a tharraingt siar níos mó nó nuair a thabhaíonn an Grúpa costais le haghaidh athstruchtúrú gaolmhar, pé acu is luaithe.

### **Cáin ioncaim**

Cuimsíonn speansas cáin ioncaim cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear é sa bhrabús agus sa chaillteanas seachas sa mhéid a bhaineann sé le comhcheangal gnó, nó le hearraí a aithnítear go díreach i gcothromas nó in ioncam cuimsitheach eile.

#### **i. Cáin reatha**

Cuimsíonn cáin reatha an cháin iníoctha nó infhaighte a bhfuiltear ag súil léi i leith an ioncaim nó an chaillteanais incháinithe don bhliain agus aon choigeartú ar an gcáin iníoctha nó infhaighte i leith blianta roimhe sin. Tomhaistear í ag ráta cánach a glacadh nó a glacadh sa tsubstaint ag an dáta tuairiscithe. Áirítear le cáin reatha aon cháin a eascraíonn as díbhinní freisin. Ní fhritháirítear sócmhainní agus dliteanais chánach reatha ach amháin má chomhlíontar critéir áirithe.

#### **ii. Cáin iarchurtha**

Aithnítear cáin iarchurtha i leith difríochtaí sealadacha idir suimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas chun críocha tuairisciú airgeadais agus na suimeanna arna n-úsáid chun críocha cánach.

Ní aithnítear cáin iarchurtha le haghaidh:

- difríochtaí sealadacha ar shócmhainní nó dliteanais a aithint ar dtús in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach n-imríonn tionchar ar chuntasaíocht ná ar cháin nó ar chaillteanas incháinithe;
- difríochtaí sealadacha a bhaineann le hinfheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus comhshocruithe sa mhéid go bhfuil an Grúpa in ann uainiú aisiompú na ndifríochtaí sealadacha a rialú agus gur dóchúil nach n-aisiompófar iad cuíosach luath amach anseo; agus
- difríochtaí sealadacha incháinithe a eascraíonn as cáilmheas a aithint ar dtús.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha le haghaidh caillteanais chánach neamhúsáidte, creidmheasanna cánach neamhúsáidte agus difríochtaí sealadacha inasbhainte sa mhéid is gur dócha go mbeidh brabúis incháinithe amach anseo ar fáil ar féidir iad a úsáid ina n-aghaidh. Athbhreithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ar gach dáta tuairiscithe agus dí-aithnítear iad sa mhéid nach dóchúil níos mó go réadófar an sochar cánach lena mbaineann; aisiompaítear sócmhainní dí-aitheanta dá leithéid nuair a fheabhsaíonn dóchúlacht na mbrabús incháinithe sa todhchaí. Athmheastar sócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear iad sa mhéid gur dóchúil go mbeidh brabúis incháinithe ar fáil sa todhchaí a bhféadfaí iad a úsáid ina leith. Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil go gcuirfear i bhfeidhm iad ar dhifríochtaí sealadacha nuair a aisiompaíonn siad ag úsáid rátaí cánach a glacadh nó a glacadh sa tsubstaint ar an dáta tuairiscithe.

Níor aithníodh cáin iarchurtha i leith cánacha siarchoinneálacha agus cánacha eile a bheadh iníoctha ar thuilleamh fochuideachtaí eachtracha nár cuireadh ar aghaidh, mar go bhfuil an Grúpa in ann an t-am a n-aisiompaítear na difríochtaí sealadacha a rialú agus is dócha nach n-aisiompóidh na difríochtaí sealadacha go ceann i bhfad. Maidir leis na dliteanais i dtaca le cáin iarchurtha nár aithníodh i leith na ndifríochtaí sealadacha seo, níl siad ábhartha ó tharla gur féidir leis an nGrúpa brath ar dhíolúintí rannpháirtíochta agus ar chreidmheasanna cánach a bheith ar fáil i gcomhthéacs infheistíochtaí an Ghrúpa i bhfochuideachtaí.

Léiríonn tomhas na cánach iarchurtha na hiarmhairtí cánach a leanfadh ón gcaoi a bhfuil an Grúpa ag súil, ar an dáta tuairiscithe, le suim ghlanluacha a shócmhainní agus a dhliteanas a aisghabháil nó a réiteach. Meastar talamh ag an ráta díolacháin. Chun na críche sin, glactar leis go n-aisghabhtar suim ghlanluacha na réadmhaoine infheistíochta a thomhaistear ag a luach cóir tríd an díolachán, agus níor bhréagnaigh an Grúpa an t-ionchas sin. Ní fhritháirítear sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha seachas má chomhlíontar critéir áirithe.

Tá glactha ag an nGrúpa le Cáin Iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dliteanais a eascraíonn as Idirbheart Aonair - Leasuithe ar IAS 12 ón 1 Eanáir 2023. Caolaíonn na leasuithe raon feidhme na díolúine aitheantais tosaigh chun idirbhearta as a n-eascraíonn difríochtaí sealadacha inchánach agus in-asbhainte comhionann a eisiamh e.g. léasanna. I gcás léasanna, ceanglaítear ar aonán na sócmhainní agus na dliteanais chánach iarchurtha lena mbaineann a aithint ó thús na tréimhse comparáide is luaithe a chuirtear i láthair, agus aon éifeacht charnach aitheanta mar choigeartú ar thuilleamh coinnithe nó ar chomhpháirteanna eile de chothromas ag an dáta sin. Thug an Grúpa cuntas ar cháin iarchurtha ar léasanna ar bhonn glan roimhe seo. Tar éis na leasuithe, tá sócmhainn chánach iarchurtha ar leith nochta go cúlghabhálach ag an nGrúpa maidir lena dhliteanais léasa agus dliteanas cánach iarchurtha i ndáil lena shócmhainní ceart úsáide (féach nóta 10 maidir leis na méideanna a fhritháireamh). Ní raibh aon tionchar ar bhrabús nó ar ghlansócmhainní a tuairiscíodh roimhe seo.

### **Airgeadra eachtrach**

#### **i. Idirbhearta airgeadra eachtraigh**

Aistrítear idirbhearta in airgeadraí eachtracha go hairgeadraí feidhmiúla faoi seach chuideachtaí an Ghrúpa ag na rátaí malartaithe ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais a ainmnítear in airgeadraí eachtracha go dtí na hairgeadraí feidhmiúla ag an ráta malartaithe ar an dáta tuairiscithe. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadais a thomhaistear ag luach cóir in airgeadra eachtrach a aistriú go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag an ráta malartaithe nuair a cinneadh an luach cóir. Aithnítear difríochtaí idir airgeadraí eachtracha sa bhrabús nó sa chaillteanas go hiondúil. Ní aistrítear earraí neamhairgeadais a thomhaistear bunaithe ar a gcostas stairiúil in airgeadra eachtrach.

#### **ii. Oibríochtaí eachtracha**

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, lena n-áirítear cáilmheas agus coigeartuithe ar luach cóir a eascraíonn as an sealbhú, go euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm dáta an tuairiscithe. Aistrítear ioncam agus speansais oibríochtaí eachtracha go euro ag na rátaí malartaithe ar dhátaí na n-idirbheart.

Aithnítear difríochtaí idir airgeadraí eachtracha in ioncam cuimsitheach eile agus carntar iad sa chúlchiste aistrithe, seachas sa mhéid a leithdháiltear an difríocht aistrithe ar leasanna neamh-urlámhais. Nuair a dhiúscraítear oibríocht eachtrach ina hiomláine nó nuair a dhiúscraítear cuid di agus go gcailltear urlámhas nó comh-urlámhas dá bharr, athrangaítear an tsuim charntha sa chúlchiste aistrithe a bhaineann leis an oibríocht eachtrach sin go dtí an brabús nó caillteanas mar chuid den ghnóthachan nó den chaillteanas ar an diúscairt. Má dhiúscraíonn an Grúpa cuid dá leas i bhfochuideachta ach go gcoinníonn sé urlámhas, athshanntar cion ábhartha na suime carntha go leasanna neamh-urlámhais. Nuair nach ndiúscraíonn an Grúpa ach cuid de chomhfhiontar ach go gcoinníonn sé comh-urlámhas, athrangaítear cion ábhartha na suime carntha go brabús nó caillteanas.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023
ar lean

## 33. Beartais Ábhartha Cuntasaíochta ar lean

### Ionstraimí airgeadais

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais i ráiteas an Ghrúpa maidir le staid airgeadais nuair a bhíonn an Grúpa ina pháirtí le forálacha conarthacha na hionstraime. Tomhaistear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ar dtús ag luach cóir. Déantar costais idirbheart a bhaineann go díreach le héadáil nó le heisiúint sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais (seachas sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas) a chur le luach cóir na sócmhainní airgeadais nó na ndliteanas airgeadais, nó iad a bhaint díobh, mar is cuí, ar a gcéadaithint. Aithnítear láithreach i mbrabús nó i gcaillteanas costais idirbhearta bhaineann go díreach le héadáil sócmhainní airgeadais nó dliteanas airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas.

**i. Sócmhainní airgeadais**

Déantar sócmhainní airgeadais a thomhas ina dhiaidh sin ina n-iomláine ag luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile, ag luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais nó ag costas amúchta.

**Sócmhainní airgeadais a thomhaistear i ndiaidh an idirbhirt ag luach cóir**

Déantar ionstraimí fiachais a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas a thomhas i ndiaidh an idirbhirt ag costas amúchta:

- coinnítear an tsócmhainn airgeadais laistigh de mhúnla gnó a bhfuil sé mar chuspóir aige sócmhainní airgeadais a shealbhú chun sreafaí airgid conartha a bhailiú; agus
- cothaíonn téarmaí conartha na sócmhainne airgeadais ar dhátaí sonraithe sreafaí airgid ar íocaíochtaí príomhshuime agus úis amháin iad ar an mbunmhéid neamhíoctha.

Áiríonn an Grúpa sa chatagóir seo airgead tirim, infháltais trádála agus infháltais eile. Ina dhiaidh sin, déanann an Grúpa gach sócmhainn airgeadais eile a thomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas (FVTPL).

**Costas amúchta agus modh éifeachtach úis**

Is modh é an modh úis éifeachtach chun costas amúchta ionstraime fiachais a ríomh agus ioncam úis a leithdháileadh thar an tréimhse ábhartha. Is é costas amúchta sócmhainne airgeadais an tsuim ag a ndéantar an tsócmhainn airgeadais a thomhas ar a céadaithint lúide na haisíocaíochtaí príomhshuime, móide an t-amúchadh carnach ach úsáid a bhaint as modh úis éifeachtach i leith aon difríochta idir an tsuim thosaigh sin agus an tsuim aibíochta, arna coigeartú le haghaidh aon liúntais chaillteanais. Is é is suim iompartha chomhlán sócmhainne airgeadais ann costas amúchta sócmhainne airgeadais sula ndéantar coigeartú de bhun aon liúntais chaillteanais.

Aithnítear ioncam úis ach úsáid a bhaint as an modh úis éifeachtach le haghaidh ionstraimí fiachais arna thomhas i ndiaidh an idirbhirt ag costas amúchta. Ríomhtar ioncam úis ach an ráta úis éifeachtach a chur i bhfeidhm ar shuim iompartha chomhlán sócmhainne airgeadais.

**Bearnú sócmhainní airgeadais**

Ní shealbhaíonn an Grúpa ach infháltais trádála agus eile ar chostas amúchta, gan aon chomhpháirt mhaoinithe shuntasach agus lena mbaineann aibíochtaí níos lú ná 12 mhí agus dá bhrí sin, roghnaigh sé cur chuige atá cosúil leis an gcur chuige simplithe maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais (ECL) faoi IFRS 9 i ndáil lena infháltais go léir. Dá bhrí sin, ní rianaíonn an Grúpa athruithe ar riosca creidmheasa, ach ina ionad sin, aithníonn sé liúntas caillteanais bunaithe ar ECLanna saoil ar gach dáta tuairiscithe. Is éard atá i suim iompartha úis infhaighte, infháltais ar thrádálacha neamh-shocraithe agus infháltais ghearrthéarmacha eile, arna dtomhas ag costas amúchta lúide aon chaillteanas ionchais, ar neasluach chóir de iad toisc iad a bheith gearrthéarmach.

**Dí-aithint sócmhainní airgeadais**

Ní dhéanann an Grúpa sócmhainn airgeadais a dhí-aithint ach amháin nuair a théann na cearta conarthacha ar shreafaí airgid ón tsócmhainn in éag, nó nuair a aistríonn sé go substainteach an tsócmhainn airgeadais agus na rioscaí agus na sochair go léir a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne chuig eintiteas eile. Mura n-aistríonn nó mura gcoinníonn an Grúpa gach riosca agus luach saothair úinéireachta go substainteach agus má leanann sé ar aghaidh ag rialú na sócmhainne aistrithe, aithníonn an Grúpa a ús coinnithe sa tsócmhainn agus dliteanas gaolmhar ar shuimeanna a d'fhéadfadh sé a íoc. Má choinníonn an Grúpa na rioscaí agus na sochair go substainteach a bhaineann le húinéireacht sócmhainne airgeadais aistrithe, leanann an Grúpa air ag aithint na sócmhainne airgeadais agus aithníonn sé freisin iasachtú comhthaobhachta na bhfáltas a fhaightear.

Ar dhí-aithint sócmhainne airgeadais a thomhaistear ag costas amúchta, aithnítear an difríocht idir suim iompartha na sócmhainne agus suim na comaoine a fuarthas agus aithnítear an t-infháltas i mbrabús nó i gcaillteanas.

**ii. Dliteanais airgeadais**

Déantar gach dliteanas airgeadais a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta agus úsáid á baint as an modh úis éifeachtach.

**Dliteanais airgeadais a thomhaistear i ndiaidh an idirbhirt ag costas amúchta**

Maidir le dliteanais airgeadais nach:

**(i)** comaoin theagmhasach faighteora i meascán gnó iad;

**(ii)** a choinnítear chun críche trádála; nó

**(iii)** a shainítear ina FVTPL, tomhaistear i ndiaidh an idirbhirt ag a gcostas amúchta agus úsáid á baint as an modh úis éifeachtaigh.

Áiríonn an Grúpa sa chatagóir seo nithe iníoctha trádála agus nithe iníoctha gearrthéarmacha eile.

Is modh é an modh úis éifeachtach chun costas amúchta dliteanais airgeadais a ríomh agus speansas úis a leithdháileadh thar an tréimhse ábhartha. Is é an ráta úis éifeachtach an ráta a thugann lascaine dhíreach íocaíochtaí measta airgid thirim amach anseo (lena n-áirítear na táillí agus na pointí go léir a íoctar nó a fhaightear mar chuid lárnach den ráta úis éifeachtach, de chostais idirbheart agus de phréimheanna nó de lascainí eile) i rith shaol ionchasach an dliteanais airgeadais, nó (más cuí) i rith tréimhse níos giorra, le costas amúchta dliteanais airgeadais.

**Dí-aithint Dliteanas Airgeadais**

Ní dhéanann an Grúpa dliteanais airgeadais a dhí-aithint ach amháin nuair a scaoiltear, a chealaítear nó scortar oibleagáidí an Ghrúpa, agus an uair sin amháin. Déantar an difríocht idir suim iompartha an dliteanais airgeadais agus an chomaoin íoctha agus iníoctha a aithint sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Nuair a mhalartaíonn an Grúpa ionstraim fiachais amháin leis an iasachtóir reatha d'ionstaim fiachais eile lena ngabhann téarmaí atá difriúil go substaintiúil, caitear le malartú den sórt sin mar mhúchadh an dliteanais airgeadais bhunaidh agus aithnítear dliteanas airgeadais nua. Ar an gcaoi chéanna, caitheann an Grúpa le modhnú substaintiúil ar théarmaí dliteanais reatha nó cuid de mar mhúchadh an dliteanais airgeadais bhunaidh agus aithnítear dliteanas airgeadais nua. Glactar leis go bhfuil na téarmaí difriúil go substaintiúil má tá difear 10 faoin gcéad ar a laghad idir luach reatha lascainithe na sreafaí airgid faoi na téarmaí nua, lena n-áirítear aon táillí a íocadh glan ar aon táillí a fuarthas agus a lascainíodh agus úsáid á baint as an ráta éifeachtach bunaidh, agus luach lascainithe na sreafaí airgid atá fágtha ón dliteanas airgeadais bunaidh.

Mura bhfuil an modhnú substaintiúil, ba chóir difríocht idir:

**(1)** suim iompartha an dliteanais roimh an modhnú; agus

**(2)** luach reatha na sreafaí airgid tar éis a modhnaithe a aithint sa bhrabús nó sa chaillteanas mar ghnóthachan nó caillteanas modhnúcháin laistigh de ghnóthachain agus caillteanais eile.

**Bearnú Sócmhainní Airgeadais**

Aithníonn an Grúpa liúntas caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchais ar infheistíochtaí in ionstraimí fiachais a thomhaistear ag costas amúchta nó ag FVTOCI, infháltais trádála agus eile agus sócmhainní conartha, chomh maith le conarthaí ráthaíochta airgeadais. Déantar suim na gcaillteanas creidmheasa ionchais a thabhairt cothrom le dáta ag gach dáta tuairiscithe chun athruithe i riosca creidmheasa a léiriú ó chéadaithint na hionstraime airgeadais sin.

Aithníonn an Grúpa ECL saoil maidir le hinfháltais trádála, sócmhainní conartha agus infháltais eile. Déantar na caillteanais chreidmheasa ionchais ar na sócmhainní airgeadais seo a mheas de bhun maitrís soláthair bunaithe ar thaithí chaillteanais chreidmheasa stairiúil an Ghrúpa, arna coigeartú d'fhachtóirí a bhaineann go sonrach leis na hinfháltais, do chúinsí eacnamaíocha ginearálta agus do mheasúnú ar an treo reatha chomh maith le treonna ionchais cúinsí um dháta an tuairiscithe, lena n-áirítear luach ama airgid nuair is cuí.

I gcás gach ionstraime airgeadais eile, iasacht an scairshealbhóra in Premier Lotteries Ireland san áireamh, aithníonn an Grúpa ECL saoil nuair a thagann méadú suntasach ar riosca creidmheasa ó uair a chéad-aitheanta. Mar sin féin, mura bhfuil méadú suntasach tagtha ar riosca creidmheasa na hionstraime airgeadais ón gcéadaithint, tomhaiseann an Grúpa an liúntas caillteanais don ionstraim airgeadais sin ag suim is comhionann le ECL12 mhí.

Léiríonn ECL Saoil na caillteanais chreidmheasa a bhfuiltear ag súil leo a thiocfaidh as gach teagmhas mainneachtana féideartha thar shaolré ionchais ionstraime airgeadais. Os a choinne sin, is ionann ECL 12 mhí agus an chuid den ECL saoil a mheastar a bheidh de thoradh imeachtaí mainneachtana ar ionstraim airgeadais a d'fhéachadh tarlú laistigh de 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe.

## 34. Faomhadh an Bhoird

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 26 Márta 2024.

# Eolas eile


Staitisticí Airgeadais agus Oibriúcháin (nach bhfuil clúdaithe ag an Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách) 111

Oibleagáid maidir leis an nGaeilge (nach gclúdaítear i dTuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách) 113

Seirbhís Uilechoiteann (nach gclúdaítear i dTuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách) 114

An Bord Stiúrthóirí agus Faisnéis Chorparáideach 117




# Staitisticí Airgeadais agus Oibriúcháin

## (nach bhfuil clúdaithe ag an Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách)

### Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2021 €'000 | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 922,861 | 888,139 | 890,600 | 915,503 | 892,128 | 896,954 |
| Costais oibriúcháin | (884,389) | (869,544) | (874,378) | (882,999) | (812,576) | (835,827) |
| Dímheas agus amúchadh | (57,484) | (54,860) | (49,645) | (43,248) | (37,657) | (23,479) |
| (Caillteanas)/Brabús roimh chostais chlaochlúcháin, míreanna aon uaire, glanioncam/(glanchostas) airgeadais agus cánachas | (19,012) | (36,265) | (33,423) | (10,744) | 41,895 | 37,648 |
| Glanioncam/(glancostais) airgeadais | 27,533 | 3,273 | 2,817 | 292 | (308) | 3,098 |
| Costais chlaochlúcháin | (13,133) | (6,055) | (1,955) | (5,798) | (15,281) | (13,974) |
| Míreanna aon uaire | (16,681) | (209,552) | (8,320) | (15,471) | 40,038 | - |
| (Caillteanas)/Brabús roimh chánachas | (21,293) | (248,599) | (40,881) | (31,721) | 66,344 | 26,772 |

### Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2021 €'000 | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sócmhainní neamhreatha | 364,487 | 399,472 | 385,573 | 380,382 | 376,485 | 274,215 |
| (Glandliteanais)/glansócmhainní reatha | (99,732) | (86,397) | (79,808) | 33,286 | 69,448 | 29,781 |
| Dliteanais neamhreatha eile | (156,912) | (168,246) | (111,587) | (134,963) | (137,527) | (52,109) |
| Glansócmhainní gan sócmhainn/(dliteanas) pinsin san áireamh | 107,843 | 144,829 | 194,178 | 278,705 | 308,406 | 251,887 |
| Sócmhainn/(dliteanas) pinsin | 627,242 | 666,201 | 486,006 | 89,089 | (28,228) | (47,880) |
| Glansócmhainní, sócmhainn phinsin san áireamh | 735,085 | 811,030 | 680,184 | 367,794 | 280,178 | 204,007 |
| Caipiteal agus cúlchistí | 735,085 | 811,030 | 680,184 | 367,794 | 280,178 | 204,007 |

### Cóimheasa

| | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (Caillteanas)/Brabús roimh chostais chlaochlúcháin, míreanna aon uaire, glanioncam/(glanchostas) airgeadais agus cánachas mar % den ioncam | (2.06%) | (4.08%) | (3.75%) | (1.17%) | 4.70% | 4.20% |
| Costais foirne agus máistrí poist mar % de chostais oibriúcháin | 65.40% | 67.39% | 67.99% | 68.27% | 69.64% | 67.93% |
| Sócmhainní reatha mar % de dhliteanais reatha | 90.68% | 91.33% | 89.43% | 104.17% | 112.22% | 103.74% |

# **Staitisticí airgeadais agus oibriúcháin** (nach bhfuil clúdaithe ag an Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách) ar lean

## Post

| | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Innéacs do chroí-mhéideanna poist (2017=100) (nóta 1) | 67.8 | 72.2 | 76.7 | 80.5 | 86.7 | 92.6 | 100.0 |

**Nóta 1:** Léiríonn an t-innéacs seo athruithe ar chroí-ioncam ó phost. Ní chuireann sé san áireamh an tionchar atá ag athruithe ar tharaifí foilsithe, ioncam ó rialtais eachtracha, agus athruithe de bharr toghchán ó reifreann i ngach bliain.

## Méid an Chórais

| | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líonra poist:** | | | | | | | |
| Líon pointí seachadta (milliúin) | 2.433 | 2.399 | 2.367 | 2.335 | 2.312 | 2.284 | 2.263 |
| Líon mótarfheithiclí (gan fruiliú gearrthéarmach san áireamh) | 2,790 | 2,487 | 2,499 | 2,855 | 3,036 | 2,805 | 2,792 |
| Líon feithiclí leictreacha | 1,102 | 1,008 | 1,010 | 776 | 166 | - | - |
| Líon trírothach lasta leictreach | 164 | 172 | 190 | 169 | 47 | - | - |
| **Líonra oifigí poist:** | | | | | | | |
| Oifigí poist na Cuideachta | 45 | 45 | 45 | 45 | 45 | 45 | 50 |
| Oifigí poist ar conradh | 856 | 868 | 875 | 894 | 907 | 967 | 1,073 |
| Gníomhaireachtaí poist | 74 | 83 | 84 | 87 | 92 | 96 | 104 |
| | 975 | 996 | 1,004 | 1,026 | 1,044 | 1,108 | 1,227 |

| | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Seirbhísí Coigiltis (nóta 2)** | | | | | | | |
| Luach na gCistí amhail an 31 Nollaig | 24,715 | 24,780 | 24,064 | 22,765 | 21,228 | 20,657 | 20,416 |
| **Gníomhaíocht don bhliain** | | | | | | | |
| **Seirbhísí Coigiltis Oifig an Phoist** | | | | | | | |
| Taiscí sa Bhanc Taisce | 971 | 1,171 | 1,248 | 1,151 | 993 | 1,079 | 1,064 |
| Aistarraingtí ón mBanc Taisce | (855) | (822) | (745) | (653) | (880) | (889) | (863) |
| Teastais Choigiltis eisithe | 1,536 | 819 | 1,215 | 1,281 | 1,704 | 1,780 | 1,023 |
| Cairteacha Coigiltis aisíoctha | (1,850) | (1,052) | (1,461) | (1,074) | (865) | (2,403) | (1,055) |
| Coigilteas Tráthchoda eisithe | 89 | 94 | 94 | 93 | 89 | 100 | 96 |
| Coigilteas Tráthchoda aisíoctha | (94) | (88) | (86) | (88) | (101) | (100) | (102) |
| Bannaí Coigiltis eisithe | 762 | 747 | 815 | 654 | 718 | 886 | 714 |
| Bannaí Coigiltis a aisíocadh | (716) | (721) | (844) | (726) | (1,129) | (1,317) | (1,258) |
| Bannaí Dlúthpháirtíochta Náisiúnta eisithe | 1,069 | 823 | 1,078 | 1,101 | 804 | 921 | 598 |
| Bannaí Dlúthpháirtíochta Náisiúnta aisíoctha | (1,153) | (649) | (522) | (879) | (501) | (412) | (435) |

| | 2023 000anna | 2022 000anna | 2021 000anna | 2020 000anna | 2019 000anna | 2018 000anna | 2017 000anna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Roinn Coimirce Sóisialaí** | | | | | | | |
| Sochair leasa shóisialta íoctha i rith na bliana | 7,059 | 6,485 | 5,983 | 6,756 | 7,125 | 7,380 | 7,615 |
| **Méideanna BilPay** | 10,107 | 11,358 | 12,943 | 13,255 | 16,033 | 17,025 | 17,977 |
| **Ceadúnais Teilifíse Eisithe ag An Post** | 824 | 948 | 951 | 961 | 1,026 | 1,039 | 1,028 |

**Nóta 2:** Dílsítear sócmhainní agus dliteanais na Seirbhísí Coigiltis don Aire Airgeadais agus dá réir sin ní áirítear iad i ráitis airgeadais na Cuideachta.



# **Oibleagáid maidir leis an nGaeilge** (nach bhfuil clúdaithe ag an Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách)

Tá An Post tiomanta dá dhualgais ar fad faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021) a chomhlíonadh. Tá Anna McHugh, Ceann na Cumarsáide Corparáidí ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar thuairisciú maidir le dualgais An Post faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla.

Le linn 2023, éilíonn na hoibleagáidí nua faoi alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) go mbeidh 20% ar a laghad den fhógraíocht ar fad a dhéanann comhlachtaí poiblí i nGaeilge agus go gcaitear 5% den fhógraíocht bhliantúil ar na meáin Ghaeilge. Tá An Post tiomanta do dhul chun cinn seasta a dhéanamh sa dá chás seo agus cuirfidh sé an tuarascáil éigeantach faoi bhráid an Choimisinéara Teanga i leith 2023 sa bhliain 2024.

# Seirbhís uilechoiteann
## (nach bhfuil clúdaithe ag an Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách)

### Achtaíodh an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011 ('an tAcht') i mí Lúnasa 2011.

#### Riachtanais maidir leis an Oibleagáid Seirbhíse Uilechoitinne (OSU)
Faoi Alt 17 den Acht, ainmnítear An Post mar an Soláthraí Seirbhíse Poist Uilechoiteann ar feadh tréimhse go dtí Lúnasa 2023.

Faoi Alt 16 den Acht, ciallaíonn "Seirbhís Phoist Uilechoiteann" go bhfuil ar a laghad gach lá oibre, seachas i gcúinsí nó faoi dhálaí tíreolaíocha is eisceachtúil le ComReg:

**(i)** imréiteach amháin; agus

**(ii)** seachadadh amháin ar bhaile nó ar áitreabh gach duine sa Stát nó, de réir mar is dóigh leis an gCoimisiún is cuí, faoi cibé coinníollacha a chinnfidh sé ó am go ham, ar shuiteálacha cuí.

Soláthraítear na seirbhísí seo a leanas:

**(a)** postphaicéid ar 2kg nó níos lú a meáchan a imréiteach, a shórtáil, a iompar agus a dháileadh;

**(b)** imréiteach, sórtáil, iompar agus dáileadh beartán poist faoi teorainn meáchain atá le sonrú le hordú ó ComReg (nó in éagmais sin 20kg) - chinn ComReg a chumhacht a úsáid chun an uasteorainn meáchain 20kg a laghdú go dtí 10kg in 2019;

**(c)** beartáin ó Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh a shórtáil, a iompar agus a dháileadh go meáchan 20kg;

**(d)** seirbhís míreanna cláraithe;

**(e)** seirbhís míreanna árachaithe laistigh den Stát agus chuig gach tír agus ó gach tír a dhearbhaíonn, mar thíortha a shínigh Coinbhinsiún Poist Uilechoiteann an Aontais Poist Uilechoitinn, go bhfuil siad toilteanach míreanna den sórt sin a cheadú, cibé acu ar bhonn cómhalartach nó in aon treo amháin; agus

**(f)** seirbhísí poist saor in aisce do dhaoine dalla agus leathdhalla.

Faoi mar a éilíonn Alt 16(9) den Acht, i mí Iúil 2012, rinne ComReg rialacháin a shonraigh na seirbhísí atá le soláthar ag An Post maidir le soláthar na seirbhíse poist uilechoitinn. Tá na Rialacháin um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist Uilechoitinn), 2012 go 2019 (I.R. Uimh. 280/2012; I.R. Uimh. 534/2018; agus I.R. Uimh. 149/2019), lena leagtar amach na seirbhísí seo, ar fáil ar www.irishstatutebook.ie nó www.comreg.ie.

Tá téarmaí agus coinníollacha na Seirbhísí Uilechoiteanna le fáil ar **www.anpost.com**

#### Rochtain ar Sheirbhísí Uilíocha
Soláthraíonn An Post rochtain ar a chuid seirbhísí trí ghréasán de 45 oifig poist na Cuideachta agus trí 856 oifig poist ar conradh. Ina theannta sin, tá údarú ag thart ar 2,104 áitreabh miondíola stampaí poist a dhíol, mar ghníomhairí gníomhacha. Chun teach fhisiciúil ar an tseirbhís a éascú, tá timpeall 5,550 bosca poist, lena n-áirítear boscaí poist méadair agus iad siúd atá lonnaithe in Aonaid Seirbhíse Seachadta, dáilte go forleathan ar fud an Stáit. Tá 42 pointe ainmnithe ann a ghlacann le seirbhísí bulcphoist.

#### Táillí
Seo a leanas achoimre ar na praghsanna ar sheirbhísí caighdeánacha go meáchan 100g is infheidhme ón 1 Feabhra 2024. Seachas Litreacha (suas go dtí C5), baineann praghsanna níos airde le meáchain níos troime.

| | Éire & Tuaisceart Éireann | |
|---|---|---|
| | **Gnáthphost** | **Post Cláraithe*** |
| **Litreacha (suas le C5)** | €1.40<br>€1.30 i gcás go bhfuil stampán frainceála ar an mír | €9.50 |
| **Clúdaigh Mhóra** | €2.95<br>€2.85 i gcás go bhfuil stampán frainceála ar an mír | €9.50 |
| | €4.00<br>€3.90 i gcás go bhfuil stampán frainceála ar an mír | €9.50 |
| | €9.00 | €13.00 |

*Clúdaíonn an táille atá iníoctha ar son clúdaigh bhunúsacha cláraithe cúiteamh suas go huasmhéid de €350 (€320 i dTuaisceart Éireann . Tá cúiteamh breise (nach Seirbhís Uilechoiteann) suas le teorainn €1,500 ar fáil ar €4.50 agus suas le teorainn €2,000 ar €5.50, bunaithe ar an luach a luaitear ag am na postála.

| | Cinn Scríbe Idirnáisiúnta | |
|---|---|---|
| | **Gnáthphost** | **Post Cláraithe*** |
| **Litreacha (suas le C5)** | €2.20 | €9.70 |
| **Clúdaigh Mhóra** | | |
| Zón 2 | €4.00 | €11.00 |
| Zón 3 | €4.00 | €11.00 |
| Zón 4 | €6.00 | €13.00 |
| Zón 5 | €7.50 | €14.50 |
| **Paicéid** | | |
| Zón 2 | €7.50 | €12.50 |
| Zón 3 | €8.00 | €13.00 |
| Zón 4 | €12.00 | €19.00 |
| Zón 5 | €13.50 | €20.50 |
| **Beartáin** | | |
| Zón 2 | €21.00 | €26.00 |
| Zón 3 | €30.00 | €35.00 |
| Zón 4 | €36.00 | €41.00 |
| Zón 5 | €36.00 | €43.00 |

*Braitheann soláthar na seirbhíse ar an roinn riaracháin poist sa spriocthír. Cúiteamh suas le €320 sa Ríocht Aontaithe; €150 san Eoraip; €100 le haghaidh beartán agus €35 le haghaidh litreacha lasmuigh den Eoraip.

Cuimsíonn Crios 2 an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Bhreatain Mhór, Lucsamburg agus an Ísiltír. Cuimsíonn Crios 3 an chuid is mó de thíortha eile an AE chomh maith leis an Iorua agus an Úcráin. Cuimsíonn Crios 5 an Astráil, an Nua-Shéalainn agus Meiriceá Theas. Tá tíortha eile i gCrios 4. Tá liosta iomlán de tharaifí USO reatha ar fáil sa Treoir um Rátaí Poist (féach **www.anpost.com**, áit a bhfuil liosta iomlán de na tíortha i ngach crios ar fáil freisin).

#### Caighdeán na Seirbhíse

**Idirnáisiúnta**
Leagadh síos an caighdeán feidhmíochta cáilíochta do sheachadadh poist trasteorann laistigh den Chomhphobal sna Treoracha Poist (97/67/CE , arna leasú) agus tá sé san áireamh i Sceideal 3 den Acht. Is mar seo a leanas atá an caighdeán cáilíochta le haghaidh míreanna poist den earnáil chaighdeánach is tapúla:

**D+3: 85% de mhíreanna; D+5: 97% de mhíreanna,** áit a dtagraíonn D don lá ar cuireadh an mhír sa phost.

**Intíre**
Ceanglaíonn an tAcht ar ComReg caighdeáin cháilíochta seirbhíse a shocrú do phost seirbhíse uilechoitinne intíre a chaithfidh a bheith comhoiriúnach leis na cinn a bhaineann le seirbhísí trasteorann laistigh den Chomhphobal. Tá sprioc feabhas seirbhíse leagtha amach ag ComReg le haghaidh post tosaíochta aonair intíre mar seo a leanas:

**D+1: 94%; D+3: 99.5%,** áit a dtagraíonn D don lá ar cuireadh an mhír sa phost.

# **Seirbhís uilechoiteann** (nach bhfuil clúdaithe ag an Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách) ar lean

## Gearáin ó chustaiméirí

Ceanglaítear ar An Post taifid a choinneáil ar ghearáin ó chustaiméirí i gcomhréir le caighdeán na hEorpa IS: EN 14012:2003. Maidir le post, déanann an tábla miondealú ar na gearáin scríofa a fuarthas ó chustaiméirí i rith na bliana 2023.

| Gearáin a fuarthas ó chustaiméirí i scríbhinn | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Míreanna caillte nó a raibh moill mhór orthu | 31,307 | 35,890 |
| Míreanna a ndearnadh dochar dóibh | 1,300 | 1,617 |
| Míreanna a tháinig go déanach | 576 | 794 |
| Bailiú nó seachadadh poist: | 1 | 28 |
| Teip ó thaobh seachadadh laethúil a dhéanamh ar theach nó ar áitreabh | 2 | 8 |
| Teipeanna ó thaobh amanna bailithe | 2 | - |
| Seachadadh earráideach | 2,709 | 2,798 |
| Rochtain ar Fhaisnéis Seirbhísí Custaiméara | - | - |
| Táillí le haghaidh post píosa aonair/scéimeanna agus coinníollacha lacáiste | - | - |
| Athrú ar Sheoladh (Atreorú) | 1,072 | 896 |
| Iompar agus cumas pearsanra poist | 42 | 5 |
| Gearríoc poist | 1 | 3 |
| Mar a phléitear le gearáin | - | 3 |
| Eile (nach bhfuil san áireamh thuas) | 1,657 | 2,633 |
| Iomlán | 38,669 | 44,675 |

San áireamh san fhigiúr iomlán tá gearáin faoi mhíreanna cláraithe, arb ionann iad agus 10,694 (2022: 11,833).

In 2023, bhí 916,893 glao gutháin, (2022: 714,728) a rinneadh le Sheirbhísí do Chustaiméirí An Post. San áireamh san iomlán seo tá 168,471 teagmháil teileafóin le Money Hub (2022: 127,160) agus 85,734 (2022: 57,578) maidir le Custam. Mar sin féin, fiosrúcháin ghnáthaimh nó fiosrúcháin ghinearálta a bhí i bhformhór na gcásanna seo seachas gearáin. In 2023, freagraíodh 428,348 Comhrá Gréasáin agus Sóisialta san iomlán don bhliain (2022: 280,668).

Rinneadh 43,119 teagmháil teileafóin agus maidir le An Post Mobile in 2023, i gcomparáid le 2022: 31,309.

D'eisigh ComReg Treoirlínte do Sholáthraithe Seirbhíse Poist ar Nósanna Imeachta Gearán agus Sásaimh (féach doiciméad ComReg 14/06 ar **www.comreg.ie**). Tá Nósanna Imeachta maidir le Gearán agus Réiteach Díospóide An Post leagtha amach in 'Getting it Sorted', atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin, in asraonta móra Oifig an Phoist, agus ónár nIonad Seirbhísí Custaiméirí.

Tá Cairt Chustaiméirí againn freisin, ina bhfuil gealltanais shonracha do chustaiméirí maidir lenár seirbhísí, atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin; **https://www.anpost.com**.

## Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolais ar fáil maidir le seirbhísí arna gcur ar fail ag An Post ar **www.anpost.com/Help-Support**, trí ghlaoch a chur ar Sheirbhísí do Chustaiméirí, An Post ar 01-7057600, tríd an ríomhphost ag **www.anpost.com/contactus**, trí fhoirm fhiosrúcháin a chomhlánú ag **https://forms.anpost.ie/enquiry**, nó trí scríobh chuig Seirbhísí do Chustaiméirí, An Post, Foirgneamh EXO Building, Cé an Phoirt Thuaidh, Saorphost, Baile Átha Cliath 1, D01 W5Y2 nó trí bhualadh isteach in Oifig an Phoist ar bith.



# An Bord Stiúrthóirí agus Faisnéis Chorparáideach

## Stiúrthóirí
Carol Bolger (Cathaoirleach)
Frank Burke
Peter Coyne
Barry Gavin
Helen Kelly
Matthew Kennedy
Sinéad Mahon
Anthony McCrave
Pádraig McNamara
David McRedmond, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
William Mooney
Kieran Mulvey
Martina O'Connell
Mary O'Donovan
Gerry Sexton

## Rúnaí
Paula Butler

## Oifig Chláraithe
Ard-Oifig an Phoist
Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

## Aturnaetha
Matheson
70 Cé Sir John Rogerson, Duga na Canálach Móire,
Baile Átha Cliath 2, D02 R296

McCann FitzGerald
Riverside One, Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2, D02 X576

## Baincéirí
Banc na hÉireann, 2 Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2, D02 VR66

## Iniúchóirí
Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Teach Deloitte & Touche, Ardán Earlsfort
Baile Átha Cliath 2, D02 AY28

## Uimhir chláraithe
98788

## Cineál cuideachta
Is Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe atá faoi theorainn scaireanna é An Post